



Tuarascáil Bhliantúil 2012



The Competition Authority
An tÚdarás Iomáiochta

CLÁR ÁBHAR

| | |
|--|-------------------------------------|
| <i>TEACHTAIREACHT ÓN gCATHAOIRLEACH</i> | 5 |
| 1. FAISNÉIS FAOIN ÚDARÁS IOMAÍOCHTA..... | Error! Bookmark not defined. |
| 2. DLÍ NA hIOMAÍOCHTA A FHORFHEIDHMIÚ..... | Error! Bookmark not defined. |
| 3. MEASÚNÚ Ar CHUMAISIC AGUS ÉADÁLACHA | Error! Bookmark not defined. |
| 4. IOMAÍOCHT A CHUR CHUN CINN IN ÉIRINN | Error! Bookmark not defined. |
| 5. OBAIR IDIRNÁISIÚNTA..... | Error! Bookmark not defined. |
| 6. SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA | Error! Bookmark not defined. |
| A. COMHALTAÍ AN ÚDARÁIS IOMAÍOCHTA | Error! Bookmark not defined. |
| B. CUMAISIC AR TUGADH FÓGRAÍ FÚTHU DON ÚDARÁS IOMAÍOCHTA IN 2012 . | Error! Bookmark not defined. |
| C. STAITISTICÍ AR CHUMAISIC A MEASÚNAÍODH 2009-2012.... | Error! Bookmark not defined. |
| D. AIGHNEACHTAÍ FOIRMIÚLA AG AN ÚDARÁS IOMAÍOCHTA IN 2012 | Error! Bookmark not defined. |
| E. SEIMINEÁIR, URLABHRAÍ, CUR I LÁTHAIR AGUS PÁIPÉIR | Error! Bookmark not defined. |
| F. SAMPLA DE CHUIMSIÚ NA MEÁN..... | Error! Bookmark not defined. |



TEACHTAIREACTHÓN gCATHAOIRLEACH

Lean 2012 bheith mar bhliain dhúshlánach d'Éirinn. Leanaimid le béim dhaindeán a lean ar conas is féidir le hiomaíocht cabhrú le geilleagar na hÉireann a atógáil. Cabhróidh iomaíocht mhéadaithe sa gheilleagar áitiúil lenár n-iomaíocht a fheabhsú ar leibhéal baile agus idirnáisiúnta.

D'eascair athruithe, a raibh feitheamh fada leo, in earnálacha cosanta an geilleagair, ar nós na ngairmeacha dlí agus leighis, bunaithe ar mholtaí an Údaráis, ó chúinsí athraithe geilleagracha na hÉireann.

Rinneadh méadú ar na líonta foirne a cheadú don Údarás Iomaíochta mar thoradh ar cheanglais Troika, in ainneoin moratóir ginearálta ar earcaíocht san earnáil phoiblí. Bhí an tÚdarás ag oibriú le líon foirne a bhí laghdaithe go mór ó cuireadh an moratóir i bhfeidhm in 2009, agus is rí-dheas linn gur féidir linn cur lenár ngníomhaíochtaí earcaíochta a luaithe atá an fhoireann nua linn in 2013.

In Iúil 2012, tháinig an tAcht Iomaíochta (Leasú), 2012 i bhfeidhm. Tá seo in ainm is forfheidhmiú an dlí iomaíochta a threisiú agus cabhrú le coireacht an bhóna bháin a chomhrac in Éirinn. Déanann sé pionóis a mhéadú má chúisítear duine i ngeall ar chionta iomaíochta, déanann sé foráil go n-íocfaidh cosantóirí costas fhiosrúcháin an Údaráis agus cabhraíonn sé le páirtithe a gortaíodh chun gníomhartha athleantacha a ghlacadh. Léiríonn na hathruithe seo go smior gurb ábhar tromchúiseach cionta iomaíochta don Rialtas. Ina theannta sin, ligeann forálacha nua san Acht seo don Údarás iarratas a dhéanamh ar an Ard-Chúirt go ndéanfar ordú den Chúirt as ceangaltais a dhaingnigh siad tar éis fiosrúcháin. D'úsáideamar an reachtaíocht nua seo den chéad uair i Nollaig 2012 nuair a rinneamar iarratas go ndéanfar na ceangaltais a thug Brazil Body Sportswear, dáileoirí FitFlops in Éirinn, ordú den Chúirt.

D'fhill cobhsaíocht in 2012 ar an Údarás tar éis tréimhse neamhchinnteachta. Tháinig athrú ar thréimhse cheannaireachta sealadaí ag deireadh 2011 agus ceapadh mé féin mar Chathaoirleach agus ceapadh triúr Comhaltaí fadtéarma chom maith. Tá muinín againn go gcabhróidh an chobhsaíocht nua seo léiriú dár bhfoireann agus do pháirtithe leasmhara eile go bhfuil tréimhse le díriú nua á baint amach ag an ngníomhaireacht.

In 2008, d'fhógair an Rialtas comhnascadh an Údaráis leis an nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí mar chuid de réasúnú gníomhaireachtaí Stáit. Tá coinne leis go bhfoilséofar an reachtaíocht a dhéanfaidh an cónascadh a achtú in 2013. I dturas an ama, bhíomar ag oibriú linn faoi cheilt lenár gcomhghleacaithe sa NCA chun an dá eagraíocht a chomhnascadh.

I measc bhuaicphointí eile 2012, bhí an t-ionchúiseamh deiridh sa chás fadálach cairtéal ola téimh. Tar éis chiontú Pat Hegarty ag giúiré i gCúirt Chuarda na Gaillimhe i mBealtaine, rinneadh 18 gciontú sa chás, ar an iomlán. Níos luaithe sa bhliain, d'fhoilsigh an tÚdarás cinneadh forfheidhmithe maidir le toradh rathúil fiosraithe lenár bhain RTÉ. Rinne TV3 gearán go raibh an bealach a dhíol RTÉ fógraíocht frithiomaíoch. Chomhaontaigh RTÉ a gcóras 'margadh scaire' a athrú agus shínigh siad gealltanais ina leith sin.

I nDeireadh Fómhair, d'idirghabh an tÚdarás chun tomhaltóirí a chosaint trí dhul i mbun gníomhaíochta chun éadail Argosy ag Eason a chosc. Is iad an t-aon bheirt mhórdhíoltóirí nua leabhar atá bunaithe in Éirinn. Ba seo an chéad uair a ghlac an tÚdarás gníomhaíocht maidir le héadail nach raibh infhógraithe faoi fhoráil chumaisc an Achta Iomaíochta.

Cuireadh tús le hobair ar staidéar nua margaidh ar iomaíocht i gcuanta tar éis iarratas a fháil ón Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta. In 2012, chomh maith, rinneamar ár ngníomhaíochtaí for-rochtana a mhéadú go mór, go háirithe i measc an phobail ghnó. Táimid ag dréim le leanúint agus cur leis seo in 2013.

Mar fhocal scoir, ba mhian liom aitheantas a thabhairt d'fhoireann an Údaráis i ngeall ar a dtiomantas leanúnach agus ar a n-obair dhian le linn na bliana. Thug siad faoi gach dúshlán a cuireadh rompu, ina measc, iad féin a chur i ngníomh agus solúbthacht a léiriú nuair a theastaigh acmhainní a athdháileadh san eagraíocht le linn tréimhsí fíor-ghnóthacha. Is mór an t-ábhar bróid iad nuair a dhéantar go leor seirbhísí poiblí a cháineadh i láthair na huaire.



Isolde Goggin

Cathaoirleach, an tÚdarás Iomaíochta

1. FAISNÉIS FAOIN ÚDARÁS IOMAÍOCHTA

Is iad an tÚdarás Iomaíochta an ghníomhaireacht náisiúnta atá freagrach as dlí iomaíochta na hÉireann agus na hEorpa a fhorfheidhmiú. Táimid freagrach as sárúithe amhrasta dlí iomaíochta a fhiosrú agus dul i mbun gníomhaíocht forfheidhmithe sa chás cuí, chun cinntí a dhéanamh ar cibé acu an mbeidh nó nach mbeidh tionchar diúltach ag cónascadh agus éadálacha ar iomaíocht agus chun iomaíocht a chur chun cinn go ginearálta sa gheilleagar.

Go ginearálta, tá iomaíocht in Éirinn á rialú ag an Acht Iomaíochta, 2002 (an tAcht), arna leasú, agus ag Airteagail 101 agus 102 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (TFEU). Éagsúil le go leor tíortha Eorpacha, áit inar féidir le gníomhaireachtaí iomaíochta, iad féin, cinneadh a dhéanamh ar shárúithe dlí agus pionóis ar nós fineálacha a ghearradh, tá na Cúirteanna freagrach as sin in Éirinn. Fiosraímid sárúithe amhrasta dlí iomaíochta agus glacaimid imeachtaí dlí sinn féin sa Chúirt, nó, i gcás sárúithe tromchúiseacha coiriúla, seolaimid comhad chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (DPP), a dhéanann cinneadh ar cibé acu ionchúiseamh coiriúil ar díotáil a ghlacadh nó gan amhlaidh a dhéanamh.

In Iúil 2012, tháinig an tAcht Iomaíochta (Leasú), 2012 i bhfeidhm. Méadaíonn an píosa reachtaíochta seo na pionóis mar gheall ar chionta iomaíochta agus treisíonn sé forfheidhmiú an dlí iomaíochta in Éirinn.

Tairbhí na hIomaíochta

Baineann go leor tairbhí le hiomaíocht fholláin idir gnólachtaí.

- Tugann sí rogha níos fairsinge do thomhaltóirí.
- Cinntíonn sí go mbaineann tomhaltóirí luach ar airgead amach.
- Spreagann sí gnólachtaí chun bheith nuálaíoch trí tháirgí agus seirbhísí nua agus níos fearr a chruthú.
- Cuireann sí iomaíochas agus borradh geilleagrach chun cinn.

Baineann tomhaltóirí tairbhe nuair a bhíonn rogha soláthróirí ann a théann in iomaíocht dá ngnó trí phraghsanna níos fearr agus trí earraí agus seirbhísí ar chaighdeán níos airde a chur ar tairiscint. Tomhaltóirí iad gnólachtaí chomh maith agus nuair a bhaineann tomhaltóirí tairbhe as iomaíocht, baineann an geilleagar amhlaidh chomh maith. Mar shampla, nuair a thiteann costais ionchuir, ar nós dramhaíola, leictreachais nó seirbhísí dlí, mar gheall ar iomaíocht níos fearr, titeann an costas foriomlán a bhíonn ar ghnó a dhéanamh, chomh maith. Déanann seo gnólachtaí níos iomaíche as gnólachtaí na hÉireann agus tacaíonn seo le borradh fadtéarma geilleagrach.

Nuair a bhíonn easpa iomaíochta ann, mar shampla, nuair a bhí cairtéal ann, ní théann gnólachtaí san iomaíocht chun custaiméirí a fháil. Sna cásanna seo, bíonn an tomhaltóir thíos leis mar gheall go mbíonn praghsanna níos airde ann, ní bhíonn an oiread rogha céanna nó bíonn cáilíocht níos ísle i gceist. San fhadtéarma, ní bhíonn gnólachtaí nach mbíonn orthu dul san iomaíocht chomh tiomanta nó chomh héifeachtúil céanna, agus eascraíonn cailteanas nuálaíochta agus iomaíochais as seo don tír ina hiomláine as seo.

Tá sé tugtha faoi deara in Éirinn na tairbhí is féidir a bhaint mar gheall ar iomaíocht. Is eol dúinn go bhfuair tomhaltóirí rogha ní ab fhearr, mar aon le praghsanna ní ab fhearr, seirbhísí fheabhsaithe agus ní ba mhó earraí agus seirbhísí nua, nuair a thug tionscail teileachumarsáide agus tacsaithe faoin iomaíocht.

Tacaíonn Iomaíocht le Borradh Geilleagrach

I ngeilleagar beag oscailte, ar nós gheilleagar na hÉireann, tá ról lárnach ag iomaíochas idirnáisiúnta i mborradh geilleagrach a stiúradh: is é atá i gceist leis sin, cumas cuideachtaí atá bunaithe in Éirinn chun easpórtáil a dhéanamh. Trí earraí agus seirbhísí a easpórtáil, cruthaíonn gnólachtaí in Éirinn maoin agus fostaíocht.

Tacaíonn iomaíocht le hiomaíochas idirnáisiúnta ar dhá bhealach. Is í an chéad éifeacht agus an éifeacht is feiceálaí ná go gcoimeádtar praghsanna intíre níos ísle agus go dtugtar rogha níos fearr agus cáilíocht fheabhsaithe earraí agus seirbhísí. Ciallaíonn é sin go bhféadann cuideachtaí atá bunaithe in Éirinn táirgí níos saoire, níos fearr a tháirgeadh ar féidir iad a easpórtáil níos fusa.

Ina theannta sin, cuireann iomaíocht táirgiúlacht níos fearr chun cinn, mar gheall go mbíonn gnóthais meáite ar phróisis a fheabhsú, costais a laghdú agus táirgí a tháirgeadh a oireann níos fearr do riachtanais athraitheach tomhaltóirí.

Ina theannta sin, déanfar gnóthais níos bisiúla de ghnóthais trí nuálaíocht. Déanann gnóthais nuálaíocht nuair a fhorbraíonn siad táirgí nua agus níos fearr nó nuair a chuireann siad seirbhísí ar fáil ar bhealaí nua. Is í iomaíocht an catalaíoch nua a chuireann cinn nuálaíocht agus cruthaitheacht agus d'eascair táirgí nua as, ar nós Gutháin chliste agus cógais chineálacha, agus seirbhísí ar nós Google agus Netflix.

Feidhmeanna Eile

Iompar Frithiomaíoch a Chosc

Tá ról faoi leith ag an Údarás Iomaíochta maidir le hiompar frithiomaíoch a chosc. Tá freagracht orainn as alt 4 agus 5 den Acht Iomaíochta, 2002 agus as Airteagal 101 agus 102 den TFEU a fhorfheidhmiú. Bronnann an tAcht an chumhacht orainn chun sárúithe ar an dlí iomaíochta a fhiosrú, tar éis gearán a fháil nó as ár stuaim féin. Freisin, bronntar cumhacht shonrach fiosraithe orainn. Ina measc tá an chumhacht chun dul isteach in áitribh agus i dtithe agus iad a chuardach agus barántas cuardaigh againn arna eisiúint ag an gCúirt Dúiche, an chumhacht chun cáipéisí agus taifid a urghabháil, an chumhacht finnítithe a thoghairm agus faisnéis a éileamh ó thríú páirtithe.

In Éirinn, is í an chúirt amháin a fhéadann a chinneadh gur briseadh dlí na hiomaíochta agus a fhéadann pionóis a gearradh. Ní dhéanann an tÚdarás Iomaíochta na cinntí sin agus ní fhéadann sé fíneálacha ná pionóis eile as iompar frithiomaíoch a eisiúint. Is gnách go ndéanann an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (DPP) ionchúisimh a thionscain tar éis imscrúduithe a rinneamar féin, cé go bhféadaimid ionchúisimh a choimre a thógáil sa Chúirt Dúiche as ár gceart féin.

I gcásanna eile, ina measaimid gur sáraíodh an dlí iomaíochta, tabharfaimid cás sibhialta os comhair na gcúirteanna. Amanna, cuireadh deireadh le cásanna tar éis réitigh leis na páirtithe, ina gcomhaontaíonn siad chun a n-iompar a athrú.

Féadfaidh foirmeacha éagsúla bheith i gceist le hiompar frithiomaíoch.

Cairtéil

Is é atá i gceist le cairtéal comhaontú mídhleathach idir beirt iomaitheoirí nó níos mó gan dul san iomaíocht lena chéile. Is í an aidhm atá acu ná brabús níos mó a dhéanamh agus is iad a gcustaiméirí a bhíonn thíos leis. Ciallaíonn sé go mbíonn ar chustaiméirí níos mó airgid a íoc as earraí agus seirbhísí.

Le linn ceann amháin de na trialacha i gcás cairtéil dhéileálaithe gluaisteán Citroën, tugadh an fhianaise a leanas ó mhiontuairiscí cruinnithe le Comhlachas Dhéileálaithe Citroën:

*“Rinne an tUachtarán achomharc le gach Déileálaí oibriú as lámh a chéile agus meanma chumarsáide agus chomhoibre agus mhuiníne a chothú agus **chun brabúis a dhéanamh dóibh féin seachas don chustaiméir.**”*

Tá cairtéil mídhleathach ar fud an Aontais Eorpaigh agus aithnítear iad mar an sárú is tromchúisí ar dhlí na hiomaíochta ar fud an domhain. In Éirinn, sárúithe crua ar dhlí na hiomaíochta atá i gcairtéil. D’fhéadfadh go mbeadh aon ghnó nó duine a fhaightear ciontach as cion crua cairtéil faoi réir roinnt pionós, lena n-áirítear fíneálacha agus daorbhreitheanna príosúin.

Tá sé deacair agus casta agus cairtéil á mbrath, n-imscrúdú agus á n-ionchúiseamh go rathúil. In Éirinn, éagsúil le tromlach thíortha an AE, déantar cionta crua cairtéil a ionchúiseamh go coiriúil agus bíonn dualgas cruthúnais sa chúirt de réir caighdeáin choiriúla. Ciallaíonn sé sin nach mór an cion a chruthú do bhreitheamh nó do ghiúiré gan aon amhras réasúnach (seachas cothrom na dóchúlachta).

Comhaontuithe Frithiomaíocha Eile

Is minic a thugtar comhaontuithe neamhchrua ar fhoirmeacha eile de chomhaontuithe frithiomaíocha, áit nach bhfuil cuspóir ná éifeacht an iompair chomh soiléir sin.

D’fhéadfadh go mbeadh comhaontuithe neamhchrua eatarthu seo a leanas:

- Iomaitheoirí – comhaontuithe a d’fhéadfadh go mbeadh éifeacht fhrithiomaíoch acu ach nach mbaineann le praghas-socrú, le roinnt an mhargaidh, le táirgeadh a theorannú ná le camastaíl tairiscintí. D’fhéadfadh go mbeadh roinnt faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála, cineálacha áirithe comhfhiontair agus srianta arna leagan ag comhlachtaí gairmiúla nó comhlachas trádála ar a gcuid ball, i gceist le comhaontuithe den sórt sin.
- Neamhiomaitheoirí – comhaontuithe idir comhlachtaí nach iomaitheoirí iad, mar shampla, comhaontuithe idir comhlachais i slabhra dáileacháin, ar nós déantúsóirí agus dáileoirí. D’fhéadfadh go mbeadh comhaontuithe den sórt sin frithiomaíoch má dhéanann siad iompar cuideachta a chosc gan ghá, mar shampla, an praghas nach mór do mhiondíoltóir earra a dhíol nó na custaiméirí a bhféadann siad díol leo a dheachtú.

Is é cuspóir an Údaráis cur faoi deara na bpáirtithe atá rannpháirteach i gcomhaontuithe frithiomaíocha aontú chun éirí as an iompar atá ag cruthú faidhbe. Más gá, féadaimid iarraidh ar an Ard-Chúirt orduithe a lorg a cheanglóidh orthu amhlaidh a dhéanamh.

Mí-úsáid Ceannasachta

Níl cead ag gnóthaí a bhfuil seasamh cumhachtach acu i gcoibhneas lena gcuid iomaitheoirí agus custaiméirí iompar ar bhealaí frithiomaíocha. Níl sé mídhleathach seasamh ceannasach a bheith agat. Más amhlaidh, áfach, go ndéanann gnó iarracht a gcuid iomaitheoirí a dhíbirt nó iomaitheoirí nua a choimeád ó theacht chun cinn trína seasamh ceannasach a mhí-úsáid, tá dlí iomaíochta á shárú acu.

Áirítear leis an saghas iompair a bhféadfaí a mheas mar mhí-úsáid ag comhlachas i seasamh ceannasach:

- Praghsáil chreachóireach – táirge nó seirbhís a dhíol ar phraghsanna an-ísele, agus é mar aidhm iomaitheoirí a chur ón margadh, nó bacainní roimh iontráil a chruthú le haghaidh iomaitheoirí nua féideartha.
- Déileáil eisiach – áit a gceanglaítear ar mhiondíoltóir nó mórdhíoltóir táirge nó seirbhís iomlán nó an chuid is mó de/di a cheannach ó sholáthraí ceannasach aonair.
- Ceangal – gan earra amháin a dhíol ach má cheannaítear earra eile ón soláthraí ceannasach.

- Diúltú soláthar a dhéanamh – diúltú táirgí nó seirbhísí a sholáthar do chuideachta eile mar bhealach le hiomaíocht a dhíbirt.

Mar is amhlaidh maidir le comhaontuithe frithiomaíocha neamhchrua, áit a bhfuil mí-úsáid ceannasachta i gceist, is gnách go ndéanaimid iarracht cur faoi deara an comhlachas atá i gceist aontú go n-éireoidh sé as a iompar frithiomaíoch. Murar féidir linn cur faoi deara orthu comhlíonadh go deonach, féadaimid an comhlachas a thabhairt a fhad leis an gCúirt.

Forfheidhmiú Príobháideach Dhlí na hIomaíochta

Ní fhéadann an tÚdarás Iomaíochta airgead a fháil ar ais le haghaidh íobartaigh chairtéal ná iompar frithiomaíoch eile. Féadann aon duine a ndearnadh dochar dóibh de bharr iompar frithiomaíoch, áfach, caingean shibhialta phríobháideach a ghlacadh sa chúirt faoi dhlí na hÉireann. Is fusa é seo a dhéanamh a bhuíochas leis an Acht Iomaíochta (Leasú), 2012, (féach lch 23).

Cumaisc agus Éadálacha a Athbhreithniú

Tarlaíonn cumaisc idir cuideachtaí nuair a dhéanann siad a gcuid gníomhaíochtaí gnó a chomhcheangal chun cuideachta níos mó a chruthú. Áit a gceanglaíonn cuideachta amháin cuideachta iomlán eile nó cuid di atá i gceist le héadáil. Féadann roinnt cumaisc nó táthcheangal tairbhí a chruthú do thomhaltóirí, féadfaidh roinnt díobh díobháil a dhéanamh agus féadfaidh cinn eile tionchar ar bith réadúil a imirt.

- Eascraíonn gnó níos éifeachtaí as dea-chumaisc nó dea-éadálacha a chruthaíonn roinnt coigiltis chostais do thomhaltóirí. Ina theannta sin, féadfaidh siad leibhéal na hiomaíochta i margadh a mhéadú.
- Eascraíonn cás as droch-chumaisc agus drochéadálacha ina mbíonn sé de chumhacht ag gnó amháin nó níos mó a gcuid praghsanna a ardú, aschur a laghdú, nó an caighdeán do chustaiméirí a laghdú. Féadfaidh siad laghdú suntasach a dhéanamh ar iomaíocht agus bíonn tomhaltóirí this leis.

Ní mór fógra a thabhairt don Údarás Iomaíochta faoi chumaisc nó éadálacha a bhfuil cuideachtaí rannpháirteach iontu a bhfuil láimhdeachas acu atá os cionn méid áirithe airgid. Ansin, tá sé de chumhacht againn, tar éis fógra a mheasúnú, cumasc nó éadáil a cheadú, mura bhfuil aon imní faoi iomaíocht i gceist leis, nó bac a chur leis más léir dúinn go ndéanfaidh sé iomaíocht a laghdú go suntasach agus go ndéanfaidh sé dochar do thomhaltóirí. Ina theannta sin, is féidir linn cumasc nó éadáil a cheadú faoi réir coinníollacha, nuair a bhímid sásta go rachaidh na coinníollacha a leagaimid i ngleic le haon ábhair imní faoi iomaíocht.

Féadfaidh dhá chéim bheith i gceist le hathbhreithniú cumaisc. Bíonn Céim 1 ar siúl ar feadh mí amháin (ach má dhéantar í a shíneadh mar thoradh ar iarratas ar fhaisnéis bhreise agus/nó cur isteach moltaí chun dul i ngleic le hábhar imní faoi iomaíocht) agus le linn na tréimhse sin, déantar measúnú tosaigh ar an idirbheart. Ceadáítear thart ar 97% de na cumasc go léir i gCéim 1. Má tá an cumasc casta, nó má tá níos mó ama ag teastáil chun é a mheasúnú, d'fhéadfadh go leanfadh an cumasc ar aghaidh go dtí Céim 2. Measúnú cuimsitheach é sin ar an idirbheart a bheidh ar siúl ar feadh tréimhse áirithe. Tar éis mheasúnú Chéim 2, d'fhéadfadh go gceadófaí an margadh, go gceadófaí é faoi réir coinníollacha nó go gcuirfí bac leis. I ngach cás, foilsíonn an tÚdarás cinneadh réasúnaithe a mhíníonn an cinneadh a ghlac siad.

Caitear le cumaisc mheán ar bhealach beagán éagsúil. Ní mór gach fógra faoi cumasc meán a sheoladh chuig an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus ní mór don Údarás iad a scrúdú. Má chinnimid gan cumasc meán a cheadú, ar an mbunús nach bhfuil aon ábhair imní ann faoi iomaíocht, ní mór dúinn an tAire a chur ar an eolas faoi. Ansin, féadfaidh an tAire an cinneadh a dhéanamh bac a chur leis an gcumasc ar bhunús neamhiomaíochta, ar nós éagsúlacht agus iolracht úinéireacht mheán.

Bíonn rialacha difriúla i bhfeidhm maidir le cumasc a bhfuil forais chreidmheasa in Éirinn rannpháirteach iontu faoin Acht um Fhorais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais), 2008 (an tAcht CIFS). Cruthaítear cumasc CIFS nuair a thugann an tAire Airgeadais deimhniú i scríbhinn do na páirtithe sa chumasc, don Údarás Iomaíochta agus do Ghobharnóir an Bhainc Cheannais go bhfuil an cumasc laistigh de shainchúram an Achta CIFS. Nuair atá cumasc deimhnithe, ní mór fógra ina leith a thabhairt don Aire Airgeadais seachas don Údarás. Cé go bhféadfadh go mbeadh ról againn, ar iarratas ón Aire Airgeadais, chun athbhreithniú a dhéanamh agus cúnamh a sholáthar i dtaobh chumasc CIFS, níl aon dlínse againn chun teacht ar chinneadh maidir le cumasc den sórt sin. Anuas air sin, forálann alt 54 den Acht um Fhorais Chreidmheasa (Cobhsaíocht), 2010 nach mbeidh aon fheidhm ag Cuid 2 agus 3 den Acht Iomaíochta, 2002 agus ag alt 7 den Acht CIFS maidir le gníomhartha áirithe ag an Aire nó ag “bainisteoirí speisialta” maidir leis na forais ábhartha airgeadais.

Iomaíocht a Chur chun Cinn

Tá feidhm ag an Údarás Iomaíochta faoin Acht chun iomaíocht a chur chun cinn sa gheilleagar tríd an méid a leanas a dhéanamh:

- staidéar a dhéanamh ar limistéir an gheilleagair chun scrúdú a dhéanamh ar conas atá ag éirí leis an iomaíocht,
- dlíthe, rialacháin nó cleachtais riaracháin a shainaithint a mbíonn tionchar diúltach acu ar an iomaíocht,
- comhairle a chur ar an Rialtas, ar a nAire agus ar a ngíomhaireachtaí faoi conas a d'fhéadfadh an reachtaíocht nó rialacháin tionchar a imirt ar iomaíocht
- comhlíonadh i measc gnólachtaí a chur chun cinn, agus
- an pobal a chur ar an eolas faoi chásanna iomaíochta agus feasacht a mhúscailt faoi thairbhí na hiomaíochta.

Féadfaidh dlíthe, rialacháin nó cleachtais riaracháin srian a chur ar iomaíocht, agus diúltaíonn seo tairbhí iomlána na hiomaíochta do thomhaltóirí.

Má dheimhníonn an tÚdarás go bhfuil an Stát, a ngníomhairí, nó comhlacht ionadaíoch príobháideach ag srianadh iomaíochta gan ghá, déanaimid moltaí um leasú. I measc na samplaí de shrianta den sórt sin ar iomaíocht tá:

- Socraíonn tionscal nó gairm an iomarca riachtanais iontrála, mar shampla, ceanglaítear ar dhaoine cáilíochtaí a fháil nach bhfuil riachtanach chun an post a dhéanamh.
- Tá ceart fadtéarmach ag tionscal nó earnáil chun monaplachta maidir le hearra nó seirbhís a tháirgeadh. Mar shampla, go dtí le déanaí, bhí ceadúnas eisiach á thabhairt ag an Rialtas do BSL chun leictreachas a sholáthar go díreach do chustaiméirí baile.
- Cosc a chur ar phraghsanna a fhógairt.

Obair Idirnáisiúnta

Tá gné thábhachtach ag baint lenár gcuid oibre. Is é an cuspóir atá i gceist againn agus sinn ag dul i ngleic ar leibhéal náisiúnta lenár gcomhghleacaithe iomaíochta i dtíortha eile ná cur le forbairt an dea-chleachtais ar fud an domhain agus a chinntiú go mbainimid úsáid as dea-chleachtais laistigh dár ngíomhaireacht. Ina theannta sin, tá sé de chuspóir againn ár ról mar ghníomhaireacht forfheidhmithe dlí a chomhlíonadh laistigh den AE.

Ó 2003 i leith, táimid, i dteannta le cúirteanna na hÉireann, freagrach as dlí iomaíochta na hEorpa a fhorfheidhmiú in Éirinn¹. Eascraíonn an oibleagáid seo ó Rialachán Uimh. 1 ón gComhairle (CE) agus ónár mballraíocht den AE go ginearálta. Tá forfheidhmiú dlí na hiomaíochta ar cheann den líon beag limistéir bheartais gheilleagraigh inar tharmlig an AE cumhachtaí agus freagrachtaí do Bhallstáit. Déanann an Coimisiún Eorpach monatóireacht ar fhorfheidhmiú ag Ballstáit aonair agus déanann siad iarracht cinntiú go bhfuil cur chuige comhordaithe i dtreo na hiomaíochta i bhfeidhm sna húdaráis iomaíochta náisiúnta. Déanann siad amhlaidh tríd an Líonra Eorpach um Iomaíocht (ECN). Ceanglaítear ar údaráis iomaíochta gach Ballstáit den AE, lena n-áirítear Éire, páirt ghníomhach a ghlacadh san ECN: oibriú leis an gCoimisiún Eorpach chun aontú ar chur chuige i dtreo beartais iomaíochta agus dul i gcomhairle maidir le gníomhaíochtaí forfheidhmithe ar fud an AE. Chomh maith leis sin, glacaimid páirt i bhforbairt bheartas an AE i leith cumasc agus in athbhreithniú cásanna nuair a theastaíonn, agus táimid inár gcomhaltaí de Mheitheal an AE ar Chumasc.

Sa mhullach air sin, is iad an tÚdarás a dhéanann ionadaíocht d'Éirinn ag cruinnithe an Choiste Iomaíochta agus na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD) agus táimid inár gcomhaltaí gníomhacha den Líonra Idirnáisiúnta um Iomaíocht (ICN). Déanann na heagraíochtaí seo iarracht cinntiú go bhfuil cur chuige comhtháite i bhfeidhm i dtreo dlí agus beartas iomaíochta ar leibhéal idirnáisiúnta. Dá bharr sin, cuirtear feabhas ar a n-éifeachtacht ar leibhéal intíre agus laghdaítear costais rialála gnó ar leibhéal domhanda.

Seirbhísí Tacaíochta Inmheánaí

Tá dhá rannán ann san Údarás Iomaíochta a thacaíonn le hobair na heagraíochta. Soláthraíonn an Rannán Seirbhísí Corparáideacha tacaíocht riaracháin don eagraíocht agus oibríonn an Rannán Straitéise ar thionscadail de nádúr straitéiseach agus tá an fheidhm chumarsáide bunaithe ann chomh maith.

Tá an Rannán Seirbhísí Corparáideacha freagrach as rialachas corparáideach, bainistíocht airgeadais, TF, cuntasáíocht, bainistíocht acmhainní daonna agus seirbhísí tacaíochta dlí. Cinntíonn siad go gcomhlíonaimid ár gcuid ceanglais éagsúla agus rialála faoi Chód Cleachtas an Rialtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Tá an Rannán Straitéise freagrach as straitéisí agus beartais a fhorbairt don eagraíocht. Baineann iad seo le gníomhaíochtaí a mbíonn tionchar acu ar an eagraíocht ar leibhéal ilrannáin. Ina measc tá beartas, cleachtas agus nósanna imeachta a fhorbairt chun ár gcuid oibre idirnáisiúnta a fheabhsú, cásanna a chur in ord tosaíochta, seachadadh éifeachtach tionscadal etc. Comhordaíonn an Rannán Straitéise ullmhú phlean gnó bliantúil agus Ráitis Straitéise trí bliana an Údaráis. Tá siad freagrach, freisin, as straitéis chumarsáide an Údaráis a fhorbairt agus a bhainistiú.

Oibriú le Gníomhaireachtaí Stáit Eile

Is é an tÚdarás Iomaíochta, go príomha, atá freagrach as an Acht Iomaíochta a fhorfheidhmiú. Uaireanta, áfach, bíonn sé oiriúnach dúinn idirchaidreamh a dhéanamh le gníomhaireachtaí rialála eile chomh maith le gníomhaireachtaí um fhorfheidhmiú an dlí chun cúrsaí a réiteach. Déanaimid scrúdú, corruair, ar earnálacha áirithe den gheilleagar ina bhfuil rialtóir neamhspleách cheana féin, mar shampla, cumarsáid, eitlíocht agus fuinneamh. Chun cabhrú le comhoibriú, chun dúbláil a sheachaint, agus comhsheasmhacht a chinntiú, tá comhaontuithe comhoibrithe i bhfeidhm againn le go leor rialtóirí agus gníomhaireachtaí.

Is amhlaidh an cás, ach go háirithe, maidir leis an gCoimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg). Tá sé de chumhacht acu siúd dlí na hiomaíochta a fhorfheidhmiú i dteannta leis an Údarás Iomaíochta maidir le seirbhísí cumarsáide leictreonaí, líonraí nó áiseanna lena mbaineann. Oibríonn an tÚdarás agus ComReg comhaontú comhoibrithe chun oibriú le chéile ar shaincheisteanna iomaíochta.

¹ Ina theannta sin, tá ról ag an gCoimisiún maidir le dlí na hiomaíochta a fhorfheidhmiú in Éirinn maidir leis an earnáil chumarsáide leictreonaí.

Tá comhaontuithe comhoibrithe againn leis an méid a leanas:

- an Coimisiún um Rialáil Tacsaithe
- an tÚdarás Craolacháin
- an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh
- an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta
- an tÚdarás Árachais Sláinte
- an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide
- an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí
- an tÚdarás Náisiúnta Iompair

Chomh maith leis sin, oibrímid go dlúth le roinnt gníomhaireachtaí eile um fhorfheidhmiú an dlí sa Stát chun dlí na hiomaíochta a fhorfheidhmiú.

An Stiúrtóir Ionchúiseamh Poiblí: Nuair a chríochnaímid ionchúiseamh coiriúil, féadaimid comhad a chur faoi bhráid an DPP agus moladh ann le haghaidh ionchúiseamh ar díotáil. Má chinneann an DPP ionchúiseamh a ghlacadh, téann an Príomh-Atur nae Ionchúiseamh (PAI) i gceannas ar imeachtaí thar ceann an DPP agus ullmhaíonn sé/sí Leabhar Fianaise lena sheirbheáil ar an gcúisí. Cabhraímid leis an DPP agus an PAI de réir mar a theastaíonn le linn ionchúiseamh an cháis.

Ina theannta sin oibrímid *Clár um Dhíolúine Cairtéal* i gcomhpháirt leis an DPP. Tugtar cur síos níos leithne ar an gClár ar leathanach 15. Dearadh é chun spreagadh do dhaoine cairtéil a bhfuil, nó a raibh siad rannpháirteach iontu a thuairisciú. Féadann rannpháirtithe cairtéil iarratas a dhéanamh ar dhíolúine iomlán ó ionchúiseamh mar mhalairt ar chomhoibriú iomlán leis an Údarás agus an cás á fhiosrú, agus leis an DPP i gcás aon ionchúisimh sa deireadh.

An Garda Síochána: Déanaimid idirchaidreamh rialta le bainistíocht shinseartha ó Bhiúró an Gharda Síochána um Imscrúdú na Calaoise (GBFI). Tugtar Bleachtair-Sháirsint ón GBFI ar iasacht chun oibriú i Rannán na gCairtéal mar oifigeach údaraithe de chuid an Údaráis Iomaíochta. Tugann an Garda Síochána cabhair fhíorluachmhar don Údarás le linn tréimhsí eile, le linn cuardach, mar shampla.

Gearáin a Dhéanamh leis an Údarás Iomaíochta

Is minic gurb iad gnóthaí agus tomhaltóirí is fearr atá in ann iompar frithiomaíoch a aithint. Má tá eolas agat faoi iompar frithiomaíoch nó má tá tuairim agat go bhfuil se ar siúl, iarraimid ort an t-eolas a thabhairt dúinn. Is minic gurb í faisnéis ón bpobal an chéad chéim in imscrúdú a sheoladh ar dhaoine nó ghnólachtaí atá rannpháirteach in iompar frithiomaíoch. Tá an-spéis againn in aon fhaisnéis nó fhianaise a thabharfadh le fios go bhfuil praghas-shocrú, camastaíl tairiscintí, roinnt an mhargaidh nó aon iompar frithiomaíoch eile ar siúl.

Má tá tuairim agat go bhfuil iompar frithiomaíoch ar siúl, féadann tú é a thuairisciú dúinn trí ríomhphost, tríd an nguthán nó i scríbhinn. Déanaimid gach gearán a scagadh chun cinntiú go ndéantar iad a mheasúnú i gceart. Má thugann an fhaisnéis a fhaighimid le fios nach bhfuil sárú ar dhlí na hiomaíochta i gceist leis an ábhar, is gnách go ndúntar an comhad.

Tugann an fhaisnéis thíos míniú níos leithne ar an gcaoi a dtéimid i ngleic le gearáin. I gcás cairtéal, tá orainn líomhaintí a chruthú i leith caighdeán coiriúil, is é sin, *thar amhras réasúnta*. Ar an ábhar sin, is é is dócha go n-eascróidh imscrúdú rathúil as gearáin ag a bhfuil fianaise mar thacaíocht. Má fhaighimid dóthain fianaise le gearán a thugann cúiseanna réasúnacha dúinn le ceapadh go bhfuil an tAcht Iomaíochta á shárú, féadfaimid imscrúdú foirmiúil a sheoladh.

Má bhaineann gearán le saincheist i ndáil le dlíthe, rialacháin, nó cleachtaí riaracháin atá i bhfeidhm ag Roinn nó gníomhaireacht Rialtais cheana féin, a chuireann srianta nach gá i bhfeidhm ar an iomaíochas, tarraingimid aird ar an tsaincheist agus déanaimid iarracht tacú leis an athrú ar bhonn poiblí chomh maith leis an Roinn Rialtais nó an comhlacht atá i gceist.

An Próiseas um Láimhseáil Gearán

Tá Próiseas um Láimhseáil Gearán i bhfeidhm againn trína ndéantar measúnú ar gach gearán a fhaighimid. Cabhraíonn an Próiseas um Láimhseáil Gearán lena chinntiú go ndírítear acmhainní ar na cásanna lena mbaineann sáruihte tromchúiseacha ar dhlí na hiomaíochta, agus déanann siad cinnte, ag an am céanna, go bhféadaimid déileáil go tapa agus go cothrom le gearán nach bhfuil mórán fianaise tacaíochta nó nach bhfuil aon fhianaise ann dóibh nó nach mbaineann le sárú ar dhlí na hiomaíochta.

Tá trí chéim ag baint leis an bPróiseas um Láimhseáil Gearán:

- scagadh
- measúnú
- imscrúdú

Mar an gcéad chéim, seiceálfaimid go mbeimid in ann déileáil leis an ngearán faoi dhlí na hiomaíochta. Ansin cuirtear gearáin ar aghaidh chuig an rannán ábhartha chun tuilleadh measúnaithe a dhéanamh áit ar cuí. I roinnt cásanna, d'fhéadfadh go n-eascródh imscrúdú ó ghearán, agus d'fhéadfadh go n-eascródh roinnt torthaí féideartha uaidh sin, lena n-áirítear:

- comhad a sheoladh chuig an DPP, agus moladh ann go nglacfaí cúisimh choiriúla,
- imeachtaí dlí a thógáil san Ard-Chúirt chun deireadh a chur le hiompar,
- socrúcháin lasmuigh den chúirt a chaibidil le cuideachtaí agus le heagraíochtaí a aontaíonn gan dul i mbun iompar frithiomaíoch, agus i roinnt cásanna, a gcuid iompair a athrú chun deireadh a chur le haon dochar iomaíoch, nó
- moltaí a dhéanamh don Rialtas maidir le hathruithe ar rialacháin fhrithiomaíocha.

Gearáin a réiteach gan chaingean dlí

I gcás fhormhór mór na ngearán a dhéantar linn, ní bhíonn sárú dhlí na hiomaíochta i gceist, nó réitítear iad go luath gan ghá le caingean dlí.

Tar éis measúnú, déantar go leor gearán a réiteach ar na cúiseanna seo a leanas:

- iarratas ar fhaisnéis atá i gceist leis an ngearán i ndáiríre,
- ní bhaineann ábhar an ghearáin le dlí na hiomaíochta,
- eascraíonn an gearán ó ghnó atá ag tabhairt aghaidhe ar iomaíocht dhleathach ina mhargadh áitiúil,
- baineann an gearán le praghsanna cosúla gan aon fhianaise a thabharfadh le fios go bhfuil comhaontú i bhfeidhm idir na hiomaitheoirí,
- tá deireadh curtha leis an ngearán mar gheall ar phrionsabail tosaíochta, nó
- tugann na páirtithe faoi imscrúdú gealltanais go réiteoidh siad an t-ábhar imní fhrithiomaíoch.

Conas teagmháil a dhéanamh leis an Údarás Iomaíochta le gearán faoi shárú amhrasta an dlí.

Foirm ghearáin ar an ngréasáin: www.tca.ie/complaints.aspx
Ríomhphost: complaints@tca.ie
Guthán: Íosghlao: 1890 220 224 (idirnáis.: +353-1-8045400)
Facs: +353-1-8045401
Eile: An tÚdarás Iomaíochta, Teach Parnell,
14 Cearnóg Parnell, Baile Átha Cliath 1

Gearáin a fuair an tÚdarás

Tugtar miondealú sa tábla a leanas ar an líon gearán a fuair an tÚdarás in 2012 agus ar cén céim a bhain siad amach.

| Líon iomlán na nGearán a fuair an tÚdarás in 2012 | |
|---|-----|
| An tIomlán a fuarthas | 233 |
| Arna réiteach ag scagadh | 136 |
| Céim an Mheasúnaithe | 97 |
| - ar bun | 23 |
| - réitithe | 73 |
| - curtha le cásanna/imscrúduithe reatha | 1 |

As na gearáin lenar déileáladh ag rannáin forfheidhmithe an Údaráis, bhí an méid a leanas i gceist leo:

- 13 ghearán nua i leith iompar líomhnaithe coiriúil cairtéil, agus d'eascair seoladh imscrúdaithe shonraigh as ceann amháin díobh. Amach as na cinn eile, rinneadh imscrúdú ar 11 cheann agus rinneadh iad a thabhairt chun críche in 2012, agus tá measúnú fós á dhéanamh ar cheann amháin.
- bhí 127 gearánaí nua ann i leith comhaontuithe frithiomaíochta agus mí-úsáid ceannasachta, agus rinneadh imscrúdú ar 107 ceann agus rinneadh iad a thabhairt chun críche.

Ina theannta sin, chuireamar athbhreithniú i gcrích ar líon gearán a tugadh anonn ó bhlianta roimhe sin. Ina measc seo bhí 15 ghearán i leith iompar líomhnaithe cairtéil agus 33 gearán i leith comhaontuithe frithiomaíochta agus mí-úsáid ceannasachta.

Cé go bhfaigheann an tÚdarás na céadta gearán, ní chruthaíonn ach comhréir bheag díobh buarthaí leordhóthanacha chun bheith ina n-údar imscrúdaithe iomláin. Is gnách go dteastaíonn leithdháileadh acmhainní suntasacha ó imscrúduithe iomlána ar shárúithe líomhnaithe iomaíochta. Lena chinntiú go mbaintear leas éifeachtúil as acmhainní teoranta an Údaráis chun cleachtais fhrithiomaíochta a thabhairt chun deiridh, roghnaíonn an tÚdarás cásanna le haghaidh imscrúdú iomlán trí thagairt a dhéanamh do chritéir thosaíochta a shainítear go soiléir. Cuimsíonn na critéir seo saincheistean, ar nós thábhacht an tsáraithe líomhnaithe (agus, go háirithe, an tionchar dóchúil a bhíonn aige ar thomhaltóirí); tábhacht gheilleagrach agus straitéiseach an mhargaidh lena mbaineann; tionchar dóchúil na gníomhaíochta forfheidhmithe ag an Údarás; agus an riosca, na hacmhainní agus na himpleachtaí costais don Údarás chun dul i mbun gníomhaíocht forfheidhmithe.

An Clár um Dhíolúine Cairtéil

I measc na bpionós féideartha le haghaidh daoine aonair agus cuideachtaí a dhéanann ciontaí crua cairtéil faoi Acht na hIomaíochta tá fineálacha agus téarmaí príosún substaintiúla. Féadfaidh daoine aonair agus cuideachtaí atá i mbun gníomhaíochta den sórt sin smaoineamh ar iarratas a dhéanamh ar dhíolúine ó ionchúiseamh faoin *gClár um*

Dhíolúine Cairtéal, a oibrímid i gcomhpháirt leis an DPP. Is féidir tairbhí a bhaint as bheith mar an gcéad chuideachta nó duine aonair chun gníomhaíocht cairtéal a thuairisciú, chun comhoibriú go hiomlán agus chun faisnéis iomlán a thabhairt don Údarás agus don DPP. D'fhéadfadh go seachnódh cuideachtaí nó daoine aonair ionchúiseamh coiriúil dá bharr, go bhfaighidís díolúine ó théarmaí príosúin agus go seachnóidís fíneálacha substaintiúla agus pionóis bhreise, ar nós bheith coiscthe ó sheirbheáil mar stiúrthóir cuideachta ar feadh cúig bliana.

Féadfaidh cuideachtaí a ghlacann freagracht iomlán as gníomhartha mídhleathacha a gcuid oifigeach, stiúrthóirí agus fostaithe agus a aontaíonn comhoibriú leis an Údarás Iomaíochta cáiliú le haghaidh díolúine faoin gClár. Féadfar díolúine a dheonú ar an gcuideachta agus ar a cuid iarfhostaithe agus fostaithe reatha.

Fiú mura nglacann cuideachta freagracht iomlán as a cuid gníomhartha mídhleathacha, féadfaidh fostaithe, oifigigh agus stiúrthóirí aonair cáiliú le haghaidh díolúine faoin *gClár um Dhíolúine Cairtéal* agus d'fhéadfadh go seachnóidís fíneálacha agus téarmaí príosúin dá bharr sin.

Ba cheart iarratais ar dhíolúine a dhéanamh ar Oifigeach Díolúine an Údaráis Iomaíochta. **Is í an uimhir bheolíne um dhíolúine cairtéal ná 087 7631378.** Tá córas marcóra i bhfeidhm sa *Chlár um Dhíolúine Cairtéal*, trína gcoimeádtar an seasamh díolúine féideartha le haghaidh an chéad duine aonair nó chuideachta a dhéanann iarratas, agus a cheadaíonn do bhaill eile den chairtéal céanna 'scuaine a dhéanamh' i gcás nach gcáileodh an chéad duine a dhéanfadh iarratas le haghaidh díolúine. Is féidir tuilleadh eolais faoin gClár a fháil ar láithreán gréasáin an Údaráis Iomaíochta, www.tca.ie.

Tá cosaint san Acht le haghaidh "sceithirí", daoine a thuairiscíonn sárúithe amhrasta dúinn. Mar shampla, má cheapann tú gur sháraigh cuideachta an tAcht, ní bheidh tú dlíte as damáistí má thuairiscíonn tú dúinn é agus má fhaightear nár tharla an cion, ar choinníoll gur ghníomhaigh tú go réasúnta agus le dea-chuspóir. Clúdaíonn an chosaint sin fostaithe chomh maith. Ciallaíonn sé nach bhféadann fostóir pionós a chur ar fhostaí, a thuairiscíonn, le hintinn mhaith, sárú amhrasta ar Acht na hIomaíochta dúinn.

Ár gCuid Oibre a chur in Ord Tosaíochta

Mar chuid dár dtiomantas leanúnach chun ár n-acmhainní a úsáid go héifeachtach agus chun iarracht a dhéanamh chun an luach is fearr agus is féidir ar airgead a chur ar fáil don cháiniócoir Éireannach, rinneamar ár n-obair go léir dhiscréideach a chur in ord tosaíochta, ar nós imscrúduithe, le linn na bliana, ar aon dul leis an leabhrán um Roghnú Tionscadal agus Prionsabal Tosaíochta a d'fhoilsíomar anuraidh. Ina theannta sin, roghnaíodh an staidéar margaidh, ar cuireadh tús leis i mbliana, a chaitheann súil ar iomaíocht in earnáil na gcuanta, ar bhonn na bprionsabal a foilsíodh.

I Márta, ghlac an tÚdarás, chomh maith, le Creatlach um Sheachadadh Éifeachtach Tionscadal (EPD), a chuireann próiseas caighdeánach agus freagrúil bainistíochta tionscadal i bhfeidhm lena chur ar chumas an Údaráis a n-obair a sheachadadh ar a dtionscadail ar bhonn comhsheasmhach agus rathúil.

Tá sé mar chuspóir ag an gCreatlach EPD chun an méid a leanas a bhaint amach:

- Cur i bhfeidhm ceart Phrionsabail Roghnaithe Tionscadail agus Tosaíochta an Údaráis
- Leithdháileadh níos éifeachtaí acmhainní
- Comhsheasmhacht níos fearr agus trédhearcacht níos fearr oibre laistigh den Údarás
- Torthaí tráthúla agus cinntí/aschur ardchaighdeáin
- Bainistíocht fheabhsaithe eolais

Baineann an Chreatlach EPD le gach tionscadal mór nó suntasach, ar nós imscrúdú forfheidhmithe, staidéar margaidh, comhairliúchán, páipéar taighde, nóta treorach agus aon mórócáid lena mbaineann infheistíocht shubstaintiúil acmhainní agus atá criticiúil ó thaobh ama.

Cónascadh leis an nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí

In 2008, d'fhógair an Rialtas go gcónascfar an tÚdarás Iomaíochta agus an Gníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí mar chuid de réadú Gníomhaireachtaí Stáit. Cuireadh obair a rinneadh ar an reachtaíocht nua le hathbhreithniú ar an Acht Iomaíochta a bhí ar bun um an dtaca sin. Cuireadh leis seo níos mó, idir an dá linn, le gnéithe breise, ar nós na reachtaíochta nua maidir le cumaisc mheán agus soláthar cumasúcháin maidir le cód reachtúil iompair don earnáil ghrósaeireachta. Is éard a bhí mar thoradh air seo, go raibh moill ar fhoilsiú na reachtaíochta nua a éascóidh cónascadh an dá gníomhaireachta isteach i gcomhlacht nua amháin.

In 2012, thit go leor oibre amach sa chúlra lenar bhain an cónascadh. Cuireadh plean struchtúrtha i bhfeidhm, lenar bhain Grúpa Stiúrtha, Lucht Déanta Cinntí, Grúpa Tionscadail agus ocht nGrúpa Oibre ar leith, chun tús a chur leis an bpróiseas chun an dá eagraíocht a chumasc. Cuireadh struchtúr an tionscadail i bhfeidhm lena chinntiú gur tugadh faoin gcónascadh ar bhealach rialaithe agus eagraithe, lena laghad cur isteach ar obair laethúil an dá eagraíocht, agus ní mór dó seo leanúint feadh an phróisis.

2. DLÍ NA HIOMAÍOCHTA A FHORFHEIDHMIÚ

Is é príomhchuspóir dhlí na hiomaíochta ná tomhaltóirí a chosaint agus tairbhe a thabhairt dóibh, ionas go bhféadann siad earraí agus seirbhísí a cheannach ar phraghas iomaíoch. Cinntíonn iomaíocht luach maith ar airgead le haghaidh tomhaltóirí; spreagann sí gnó agus feabhsaíonn sí an geilleagar iomlán. Áit a bhfuil iompar frithiomaíoch ar siúl ag gnólachtaí, bíonn ar thomhaltóirí praghsanna níos airde a íoc cé nach mbíonn aon tairbhí breise i gceist agus tagann laghdú ar iomaíocht gheilleagar na hÉireann

Ar cheann dár bpríomhfheidhmeanna tá dlí na hiomaíochta a fhorfheidhmiú agus caingeann dlí a thógáil áit a gcreidimid gur briseadh an dlí. Féadtar ár n-obair forfheidhmithe a roinnt in dhá chatagóir:

- Baineann an chéad chatagóir le cairtéil chrua. Caitear leo seo mar sháruithe coiriúla ar dhlí na hiomaíochta. Mar gheall gur sárú coiriúil an Achta iad cairtéil, is gá iad a chruthú thar amhras réasúnta. Sa chás go mbíonn dóthain fianaise againn i leith comhaontú coiriúil cairtéil, féadaimid comhad a chur faoi bhráid an DPP le haghaidh ionchúiseamh ar díotáil.
- Baineann an dara catagóir le mí-úsáid ceannasachta agus comhaontuithe frithiomaíocha nach ionann iad agus cairtéal, mar shampla, comhaontuithe ingearacha. Caitear leo seo mar sháruithe sibhialta ar dhlí na hiomaíochta.

In 2012, bhain an tÚdarás conclúidí rathúla amach i líon cásanna.

Cás faoi Ola Téimh

DPP v Pat Hegarty

Mar a tuairiscíodh i dtuarascálacha bliantúla roimhe seo chuir an tUas. Hegarty sa chás dúshlán faoi dhlíthiúlacht na n-imeachtaí ina choinne ar bhunús na fírce nár eisíodh aon imeachtaí i gcoinne na cuideachta a raibh sé fostaithe aici agus nár ciontaíodh a chuideachta as an gcion líomhanta maidir le dlí na hiomaíochta. Réitíodh an tsaincheist seo an 28 Iúil 2011, nuair a rialaigh an Chúirt Uachtarach go bhféadfaí an tUasal Hegarty a thriail fiú faoi chúinsí nár ionchúisíodh an chuideachta a raibh sé fostaithe leo.

I mBealtaine 2012, fuair giúiré i gCúirt Dúiche na Gaillimhe an tUasal Hegarty ciontach i socrú praghsanna.

Le linn éisteacht na pianbhreithe, dúirt an Breitheamh Raymond Groarke an méid a leanas faoin gcion socraithe praghsanna:

"...is gá caitheamh leis mar ábhar an-tromchúiseach. Tá go leor íospartach ann mar thoradh díreach nó indíreach ar an iompar coiriúil a ndearnadh an tUasal Hegarty a chiontú ina leith. ...agus bhí an tsaint mar ábhar spreagtha don choir seo."

Agus tagairt á déanamh do na pointí a rinneadh roimhe seo i gcás dhéileálaithe gluaisteán Citroën ag an mBreitheamh Onórach McKechnie, luaigh an Breitheamh Groarke:

"...Bhí an tuairim ag an mBreitheamh Onórach McKechnie gur luath a bheidh daoine a thug faoi iompar dá leithéid seo sa phríosún, agus sílimse gur ceist í seo ar gá, gan amhras ar bith, téarma príosúin a ghearradh ar an té a rinne, agus ní léir dom aon údar nach ngearrfainn téarma príosúnachta dhá bhliain ar an Uasal Hegarty. Is é sin an téarma uasta a fhoráiltear sa bhunreacht."

Agus cinneadh á dhéanamh ar an bpianbhreith dhá bhliain a chur ar fionraí nó a mhalairt, mar gheall ar líon critéar sa chás seo, bhí sé ina chonclúid ag an mBreitheamh Groarke teachtaireacht shoiléir a sheoladh don lucht cairtéil:

"Bíodh sé ina rabhadh, áfach, do dhaoine eile, gur tapa atá an lá ag druidim linn a ndearna an Breitheamh Onórach McKechnie cur síos air."

Ina theannta sin, gearradh fíneáil €30,000 ar an Uasal Hegarty. Luaigh an Breitheamh Groarke:

"Ceapaim, freisin, nach mór pionóis de chineál airgeadais a ghearradh - faoi mar a dúirt mé, ba léir go raibh an tsaint mar ábhar spreagtha na coire seo - d'fhonn a thaispeáint dóibh siúd atá spreagtha ag an tsaint chun coir a dhéanamh go bhféadfadh pionós tromchúiseach agus pianmhar bheith in ann dóibh nuair a ghearrfar pionós orthu mar gheall ar an gcoir."

Léirigh an cás seo an t-ionchúiseamh deiridh sa chás ola téimh as ar eascair fíneálacha €86,000 ar an iomlán bheith gearrtha ar dheich gcuideachta, fíneálacha €64,000 bheith gearrtha ar ochtar daoine agus pianbhreitheanna a cuireadh ar fionraí gearrtha ar bheirt; pianbhreith amháin ar feadh sé mhí agus an ceann eile ar feadh dhá bhliain. Gearradh na hionchúisimh seo faoi Acht 1991, arna leasú ag Acht 1996. Chiallaigh seo gur ionchúisíodh iad sa Chúirt Chuarda. Ba iad príosúnacht dhá bhliain ar díotáil agus/nó fíneáil €3.8 milliún na pionóis uasta. Ina theannta sin, d'eascair an chéad chiontú ag giúiré riamh as an gcás ola téimh le haghaidh cairtéal socraithe praghsanna in Éirinn agus san Eoraip.

Cásanna RPM

Is éard is Cothabháil Praghsanna Athdhiola ann nuair a sholáthraíonn déantúsóir, dáileoir nó mórdhíoltóir earraí do mhiondhíoltóir agus a dheachtaíonn siad an praghas nach mór don mhiondhíoltóir na hearra a dhíol orthu. D'fhéadfadh roinnt foirmeacha de RPM bheith ann. I measc na samplaí tá treoracha chun díol ar phraghas seasta, treoracha gan díol faoi phraghas íosta sonrith, agus lascaine uasta a cheadaítear. Is é an tionchar a bhí ag RPM go mbaineann sé an tsaoirse de mhiondhíoltóirí a rogha praghsais a chur ar earraí. Imríonn RPM tionchar ar thomhaltóirí trí bhac a chur ar mhiondhíoltóirí ó dhul in iomaíocht ar a chéile i dtaobh praghsanna. Ina theannta sin, d'fhéadfadh go n-éascaíonn sé claonpháirtíocht i measc miondhíoltóirí agus déantúsóirí.

Meastar go bhfuil RPM íosta frithiomaíoch faoi dhlí iomaíochta na hÉireann agus na hEorpa murar féidir údar oibiachtúil a thabhairt leis. Cé go bhféadfadh gnóthas a thug faoi RPM cosaint éifeachtúlachta a phléadáil, ní dhearnadh aon chosaint den sórt sin a phléadáil go rathúil riamh in Éirinn nó ar leibhéal na hEorpa.

Faigheann an tÚdarás gearáin go rialta ina líomhnaítear RPM. Le linn 2012, d'éirigh leis an Údarás dul sa tóir ar dhá chás RPM. Bhain an chéad chás le coisbheart den bhranda 'FitFlop' agus bhain an dara ceann le vearnais ingne 'Shellac'.

Coisbheart den Bhranda FitFlop

Déanann Double Bay Enterprises coisbheart den bhranda FitFlop a dháileadh in Éirinn agus tá siad ag trádáil mar Brazil Body Sportswear (BBS). Maíonn an coisbheart seo go gcuirfidh siad le matáin na coise. I Meán Fómhair 2011, fuair an tÚdarás gearán gur thug BBS faoi RPM ar bhealaí éagsúla le blianta beaga anuas.

Tar éis imscrúdú a dhéanamh, mheas an tÚdarás gur sháraigh BBS alt 4 den Acht ar na bealaí a leanas:

- *Tabhairt faoi RPM.* D'iarr BBS, i dtuairim an Údaráis, ar mhiondhíoltóirí áirithe praghsáil a dhéanamh ar íosleibhéal, agus rinne siad iarracht, chomh maith, miondhíoltóirí a threorú maidir leis na cásanna ina bhféadfaí lascaine a thabhairt ar FitFlopanna, cén samhlacha FitFlop a bhféadfaí lascaine a thabhairt orthu, agus cé mhéid de lascaine a d'fhéadfaí a thairiscint.

- *Toirmeasc Éighníomhach a Chur i bhFeidhm maidir le coisbheart den bhranda FitFlop.*² Rinne BBS, i dtuairim an Údaráis, iarracht chun cosc a chur ar dhíolacháin éighníomhacha trí iarraidh ar mhiondíoltóirí (i) gan na táirgí a dhíol trí ordú poist, an t-idirlíon nó trí mheáin leictreonacha eile gan toiliú i scríbhinn a fháil roimh ré ó BBS; agus (ii) gan na táirgí a athdhíol le tríú páirtithe laistigh dá gcríocha leithdháilte.

Mar gheall ar an iompar seo, ní raibh tomhaltóirí a bhí toilteanach chun táirgí FitFlop a cheannach in ann siopadóireacht thart a dhéanamh chun luach níos fearr a fháil.

Thug an tÚdarás deis do BBS chun stop a chur le tabhairt faoi RPM agus sa toirmeasc ar dhíolacháin éighníomhacha, faoi mar a shonraítear thuas. I Samhain 2012, d'iontráil BBS agus an tÚdarás i gcomhaontú. Thug BBS gealltanas go stopfaidís ó thabhairt faoi na cleachtais seo agus chun a miondíoltóirí a chur ar an eolas dá réir. Mar chúiteamh air sin, chomhaontaigh an tÚdarás gan imeachtaí dlí a ghlacadh i leith BBS.

An 18 Nollaig 2012, dheonaigh an Ard-Chúirt Ordú faoi alt 14B den Acht Iomaíochta 2002 (arna ionsá ag an Acht Iomaíochta (Leasú) 2012), maidir leis an gComhaontú seo.³ Ciallaíonn seo go bhfuil ceangaltais, a thug BBS go stopfaidís na cleachtais a ndearnadh gearán ina leith, ina nOrdú den Ard-Chúirt anois. Ciallaíonn seo, dá sáródh BBS na ceangaltais seo, bheidís tar éis an Chúirt a dhíspeagadh. Ina theannta sin, forálann alt 14B nach dtiocfaidh Ordú a dhéantar faoin alt i bhfeidhm ach tar éis tréimhse 45 lá i ndiaidh an tOrdú a dhéanamh. Ligeann seo do thríú páirtithe a bhféadfadh sé difear a dhéanamh dóibh iarratas a dhéanamh ar an gCúirt go n-éagsúlaítear nó ndíscaoiltear an tOrdú. Ní dhearnadh an t-iarratas sin sa chás seo agus, ar an ábhar sin, tháinig an tOrdú i bhfeidhm an 2 Feabhra 2013.

Vearnais Ingne Shellac

I mBealtaine 2012, fuair an tÚdarás gearán maidir le Clár Deimhnithe Sciamhlann CND Shellac a sheol an tAcadamh Cruthaitheach (Creative Academy). De réir an Chláir seo, bhí ar sciamhlanna, ag a raibh deimhniú ó Shellac, praghas íosta miondíola a ghearradh ar sheirbhís ingne Shellac.

Mhol an tÚdarás don Acadamh Cruthaitheach gurbh ionann an ceanglas seo agus RPM agus gur sháraigh sé alt 4 den Acht. I nDeireadh Fómhair 2012, chomhaontaigh an tAcadamh Cruthaitheach chun Clár Deimhnithe Sciamhlann CND Shellac a leasú lena bhforáladh (i) praghas molta amháin is ea an praghas miondíola molta le haghaidh sheirbhís ingne Shellac; agus (ii) faoi gach sciamhlann a bheidh sé cinneadh a dhéanamh ar a bpraghas féin in aghaidh na seirbhíse.

RTÉ

I nDeireadh Fómhair 2011, tar éis imscrúdú a dhéanamh maidir leis an scéim 'margadh scaire' a bhí á hoibriú ag Raidió Teilifís Éireann (RTÉ) sa mhargadh le haghaidh am craolta fógraíocht teilifíse sa Stát, d'iontráil an tÚdarás i gcomhaontú agus i gceangaltais le RTÉ. Amhail a tuairiscíodh i dtuarascáil bhliantúil an Údaráis le haghaidh 2011, thug RTÉ gealltanas go gcuirfidís i bhfeidhm scéim nua trádála ón 1 Iúil 2012 nach n-áireofaí ann dreasachtaí maidir le scair de bhuiséad an fhógróra a leithdháileadh d'fhógraíocht trí RTÉ.

² Tarlaíonn díolacháin éighníomhacha, de ghnáth, nuair a thagann custaiméirí ó áit lasmuigh de chríoch an miondíola a fhad leis an miondíoltóir agus é/í ag iarraidh rud éigin a cheannach, in ainneoin nach ndearna an miondíoltóir aon iarracht chun sprioc faoi leith a dhéanamh den chustaiméir i gceist. Meastar gur díolacháin éighníomhacha díolacháin ar an idirlíon, go ginearálta. Tarlaíonn díolacháin ghníomhacha, ar an taobh eile den phingin, nuair a dhéanann miondíoltóir sprioc ghníomhach de ghrúpa tomhaltóirí, mar shampla, trí fhógraíocht sna meáin áitiúla nó speisialtóra. Cé go bhféadfadh toirmisc ar dhíolacháin ghníomhacha bheith ceadaithe amanna, is gnách go sáraíonn díolacháin éighníomhacha dlí iomaíochta na hÉireann agus an AE trí chosc a chur ar thomhaltóirí as tairbhe a bhaint as cuardach réamhghníomhach a dhéanamh ar cháilíocht, praghsanna nó seirbhísí níos fearr ó mhiondíoltóirí.

³ Is éard is Ordú Alt 14B ann ceann de na cumhachtaí nua a thugtar don Údarás tar éis thosach feidhme an Achta Iomaíochta (Leasú), 2012. Féach Ich 23 chun teacht ar achoimre ar fhorálacha Acht 2012.

In 2012, tar éis faisnéis shonrach a fháil ó RTÉ, rinne an tÚdarás measúnú ar cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil scéim nua RTÉ oiriúnach leis an gcomhaontú agus leis an ceangaltais. Faoin scéim nua, ní bhraitheann an lascaine a cheadaítear d'fhógróirí aonair a thuilleadh ar an scair den bhuiséad a bhí tiomanta do RTÉ. Mar thoradh air sin, comhlíonann an scéim nua, faoi mar a mheasann an tÚdarás, an comhaontú.

Ina theannta sin, rinne an tÚdarás scrúdú ar cibé acu arb ionann cur i bhfeidhm na scéime nua agus mí-úsáid ceannasachta faoi alt 5 den Acht agus Airteagal 102 TFEU lena dheimhniú cibé acu an mbeadh nó nach mbeadh tionchar aici a chuirfeadh iallach ar dhaoine bheith dílis, gníomh a dhéanfadh iomaitheoirí a fhoriamh ó chodanna suntasacha den mhargadh. Measann an tÚdarás, faoi láthair, nach ann d'fhianaise lena thabhairt le fios go bhfuil an tionchar sin ag an scéim nua trádála a chuirfeadh iallach ar dhaoine bheith dílis. Ar a shon sin, ní dhéanann an dearcadh seo aon dochar d'aon ghníomhaíocht a bhféadfadh an tÚdarás tabhairt fúithi maidir le scéim nua trádála RTÉ má thagann fianaise i leith an tionchair sin a leagann iallach ar dhaoine bheith dílis amach anseo.

Show Jumping Ireland

Fuair an tÚdarás roinnt gearán inar líomhnaíodh go raibh Airteagal 299N (an Riail) den Leabhar Rialacha de chuid Show Jumping Ireland (SJI) frithiomaíoch. Chuir an Riail cosc ar bhaill de SJI ó dhul san iomaíocht ag imeachtaí neamhchleamhnaithe seoláimní ag a raibh ciste duaise de bhreis ar €50/£50. Gearradh pionós ar bhaill de SJI dá sáróidís an Riail.

Tar éis imscrúdú a dhéanamh ar cuireadh tús leis in 2011, bhí an tÚdarás faoin tuairim gurb ionann an Riail agus cinneadh comhlachais ar cheangaltais ar dócha go leagfaidís teorainn ar (i) rannpháirtíocht ball de SJI ag imeachtaí neamhchleamhnaithe seoláimní; agus (ii) eagrú na n-imeachtaí neamhchleamhnaithe siúd in Éirinn. Mheas an tÚdarás go raibh an Riail neamhchomhréireach i dtaca le bonn cirt SJI, faoi mar a luaigh siad, agus bhí siad faoin tuairim gur dócha go sáródh an Riail alt 4 den Acht agus Airteagal 101 TFEU.

Chomhoibrigh SJI le himscrúdú an Údaráis agus, an 9 Feabhra 2012, chomhaontaigh siad chun Airteagal 299N dá Leabhar Rialacha a leasú le dul i ngleic leis an ábhar buartha. Ciallaíonn an Riail leasaithe go mbeidh baill de SJI in ann anois páirt a ghlacadh in imeachtaí neamhchleamhnaithe ag a bhfuil ciste duaise níos mó ná €50/£50 agus nach ngearrfaí pionós orthu a fhad agus (i) a chláraigh an t-imeacht neamhchleamhnaithe lena mbaineann leis na Caighdeáin Sláinte agus Sábháilteachta a shonraíonn SJI; agus (ii) go bhfuil an árachas leordhóthanach ag an imeacht. (Faoi bhaill de SJI a bhí sé riamh, agus atá go fóill, páirt a ghlacadh in imeachtaí neamhchleamhnaithe ag a bhfuil ciste duaise €50/£50 nó níos lú gan pionós.)

D'fhoilsigh SJI an leasú ar an Riail ar a láithreán gréasáin (www.sji.ie) agus i bhFeasachán Seoláimní Márta 2012.

Eason/Argosy

Rinne an tÚdarás an cinneadh chun imeachtaí a ghlacadh faoi alt 4 den Acht, ar a laghad, maidir le fáil bheartaithe Eason and Son Limited ar Argosy Libraries Limited, tar éis gur chuir na páirtithe an tÚdarás ar an eolas faoi chomhaontú a shínigh siad i Lúnasa 2012. Cé nár chumasc infhógraithe seo faoin Acht, bhí sé ina ábhar buartha iomaíochta don Údarás, mar gheall nach bhfuil ann ach dhá mhórdhíoltóirí leabhar nua in Éirinn atá bunaithe in Éirinn. I ndiaidh chinneadh an Údaráis le tús a chur leis na himeachtaí nua féachaint leis an gcumasc beartaithe a thoirmeasc, chomhaontaigh na páirtithe an 1 Deireadh Fómhair 2012 gan leanúint leis an idirbheart. Féadtar teacht ar thuilleadh faisnéise air seo sa chaibidil 'Cumaisc' ar lch 30-31.

Socruithe um Rogha Dheisitheora san Earnáil Árachais

I Nollaig 2012, d'fhoilsigh an tÚdarás Nóta Treorach ar Socruithe um Rogha Dheisitheora san Earnáil Árachais. Díríonn an Nóta Treorach ar na margaí árachais baile agus mótarárachais.⁴

Is éard atá i gceist le socruithe um rogha dheisitheora go n-iontrálann comhlachtaí árachais isteach i gcomhaontuithe lena soláthraithe seirbhíse chun gluasteán nó foirgneamh a dheisiú, a athchóiriú nó a ionadú nuair a dhéantar éileamh. Mar shampla, más gá do shealbhóir polasaí gaothscáth scoilte a dheisiú, b'fhéidir go bhfuil socrú i bhfeidhm ag a gcomhlacht árachais le cuideachta áirithe a ndéantar an sealbhóir polasaí a atreorú chucu go ndeiseofar é faoina bpolasaí.

Le blianta beag anuas, fuair an tÚdarás roinnt gearán (ó dheisitheoirí go príomha) faoina socruithe um rogha dheisitheora sa mhargadh árachais. Tá idir bhuntáistí agus mhíbhuntáistí ag baint le socruithe um rogha dheisitheora.

Braitheann roinnt sealbhóirí polasaí go gcruthaíonn na socruithe siúd míbhuntáiste dóibh mar gheall go mbíonn dreasachtaí i gceist leo de ghnáth chun rogha dheisitheora a úsáid seachas a rogha féin dheisitheora. Sa mhullach air sin, b'fhéidir go mbraitheann deisitheoirí nach bhfuil ar phainéal rogha dheisitheoirí le haghaidh comhlacht árachais gur cruthaíodh míbhuntáiste dóibh mar gheall nár cuireadh san áireamh iad ar an bpainéal agus go gcailleann siad gnó a bhaineann le hárachas dá bharr.

Ar a shon sin, cabhraíonn socruithe um rogha dheisitheora le comhlachtaí árachais chun rialú a dhéanamh ar chostas éileamh trí leas a bhaint as iomaíocht idir dheisitheoirí a théann chun a sochair féin. Féadfaidh na socruithe seo tairbhí a chruthú do gach úsáideoir árachais.

- *Ó pheirspictíocht árachóra:* Ligeann siad do chomhlachtaí árachais praghas maith a fháil ón deisitheoir agus chun costais riaracháin a laghdú.
- *Ó pheirspictíocht sealbhóir polasaí:* Cuireann siad suaimhneas intinne ar fáil agus soiléireacht maidir le costas deisiúcháin. Ina theannta sin, féadfaidh siad an t-am agus an stró a shábháil don tomhaltóir chun cuardach a dhéanamh le haghaidh cuótaí éagsúla deisithe. Sa mhullach air sin, má tá an deisitheoir roghnaithe ag an gcomhlacht árachais, tá cosaint Chód um Chosaint do Thomhaltóirí an Bhainc Cheannais 2012 ag an sealbhóir polasaí maidir le cáilíocht na hoibre a rinneadh.
- *Ó pheirspictíocht rogha dheisitheora:* D'fhéadfadh sruth comhsheasmhach gnó bheith cinntithe trí bheith páirteach i socrú den sórt sin.

Tar éis breithniú ar an saghas socruithe um rogha dheisitheora atá i bhfeidhm faoi láthair sa mhargadh árachais in Éirinn, tá an tÚdarás faoin tuairim go n-eascróidh éifeachtúlachtaí, go ginearálta, as na socruithe seo a rachaidh chun sochair tomhaltóirí agus nach sáraíonn téarmaí lárnach na socruithe siúd dlí iomaíochta na hÉireann nó na hEorpa. Is tábhachtach cuimhneamh, sa chomhthéacs seo, gurb é cuspóir an dlí iomaíochta chun iomaíocht a chosaint, seachas gnóthais aonair.

Tar éis measúnú a dhéanamh ar na socruithe seo ó pheirspictíocht iomaíochta, rinne an tÚdarás an cinneadh chun Nóta Treorach a fhoilsiú ina leagtar amach ár dtuairimí. Tá sé de chuspóir ag an Nóta Treorach cabhrú le sealbhóirí polasaí, árachóirí agus iad siúd a chuireann seirbhísí deisiúcháin ar fáil nó ar mian leo amhlaidh a dhéanamh, atá slánaithe ag polasaithe árachais trí thuiscint a bheith ar thuairimí an Údaráis maidir leis na socruithe seo.

⁴ Tá an Nóta Treorach ar fáil ag: <http://www.tca.ie/EN/Promoting-Competition/Guidance-Notes.aspx>

Imscrúduithe Eile

Tugadh dhá imscrúdú lena mbaineann sárúithe líomhnaithe crua alt 4 den Acht chun críche in 2012. Bhain na himscrúduithe seo le líomhaintí i leith iompar coiriúil, ach b'ann d'fhianaise neamhleor chun údar a bheith ann go gcuirfeadh an tÚdarás comhad faoi bhráid an DPP. Ar mhaithe le ceartas aiceanta agus le cearta na gcuideachtaí agus na ndaoine siúd a chosaint a rinneadh a imscrúdú, ní chuirfidh an tÚdarás aon sonraí breise ar fáil ar na himscrúduithe seo.

Gearáin Dramhaíola

I rith 2012, fuair an tÚdarás líon mór gearán i dtaca le soláthar seirbhísí bailithe dramhaíl tí. I measc na ngearán a fuarthas, bhain líon mór le díol sheirbhís bhailithe dramhaíola Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (DCC) le Greyhound Recycling & Recovery Ltd (Greyhound).

Mar gheall ar an bhfógra gearr a tugadh do chustaiméirí DCC, a chuir ar an eolas iad faoi ghnólacht DCC, i bpáirtíocht le ceal soláthraithe eile bheith ar fáil do go leor teaghlach díreach i ndiaidh an díola, fágadh custaiméirí DCC le beagán rogha eile ach chun seirbhís a cheannach ó Greyhound.

Ina measúnú ar na gearáin seo, fuair an tÚdarás an fhaisnéis go léir ó gach údarás áitiúil i gContae Bhaile Átha Cliath agus ó ghnólachtaí bailithe dramhaíola i gceantar Bhaile Átha Cliath.

Ní bhfuair an tÚdarás aon fhianaise i leith comhaontuithe frithiomaíochta nó cleachtais comhaontuithe (ar nós páirtíú i margadh nó leithdháileadh custaiméirí) a d'fhéadfadh alt 4 den Acht a shárú. Anuas air sin, níor sainaithníodh aon fhianaise i leith mí-úsáid seasamh ceannasachta sa mhargadh le haghaidh bailiú dramhaíola i gceantar Bhaile Átha Cliath. (Níl sé mídhleathach ann féin seasamh ceannasach a bheith agat ar mhargadh; ní chruthaíonn ach mí-úsáid seasaimh cheannasaigh fadhbanna faoin dlí iomaíochta.) Cé go dtuigfí go raibh an easpa dhíreach rogha a bhí ar fáil do go leor custaiméirí DCC sa chás seo ina húdar le míshásamh i measc custaiméirí, níorbh ionann í agus sárú dhlí na hiomaíochta.

I measc mheasúnú an Údaráis bhí an t-athrú ar théarmaí íocaíochta Greyhound ó tháille ráithiúil go dtí táille bhliantúil a réamhíoctar. Cé go ndíspreagann táille bhliantúil a réamhíoctar teaghlach ó sholáthraithe seirbhíse a aistriú le linn na bliana ábhartha, ní dócha go sáróidh sé dlí na hiomaíochta. Is ionann táille bhliantúil, go héifeachtach, agus conradh a mhaireann bliain agus ní mheastar, go ginearálta, go ndéanann conarthaí de thréimhse chomh gearr sin aon díobháil don iomaíocht.

I dtéarmaí níos fairsinge, amhail a shonraítear ar lch 38, leanann an tÚdarás ag dul i dteagmháil leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus comhairle a chur orthu maidir le conas is fearr a chinntiú go bhfeidhmíonn margaí dramhaíola dóibh chun sochair na dtomhaltóirí.

Ina theannta sin, thug an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí faoi obair i limistéar bailithe dramhaíola agus shainaithin siad líon saincheisteanna atá ag déanamh difir do thomhaltóirí faoi láthair san earnáil bhailithe dramhaíola. Fuair siad ceangaltas ó líon cuideachtaí bailithe dramhaíl tí go leasóidh siad téarmaí áirithe ina gconarthaí caighdeánacha tomhaltóra, a mheasann an NCA nach bhfuil cóir i leith tomhaltóirí⁵.

NAMA

Le trí bliana anuas, fuair an tÚdarás líon gearán ina líomhnaítear gur bhain an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (NAMA) mí-úsáid as a seasamh ceannasach agus gur sháraigh sin alt 5 den Acht.

⁵ <http://www.nca.ie/nca/waste-collection-services>

Cé go bhfuil gníomhaíochtaí NAMA maidir le fáil sócmhainní bainc díolmhaithe ón Acht Iomaíochta, 2002, tagann a n-iompar iarfhála faoi chuimsiú shainordú an Achta. De bhua an mhéid seo, rinne an tÚdarás measúnú grinn ar iompar NAMA i líon earnálacha, bunaithe ar na gearáin a fuarthas. Líomhnaíodh, in earnálacha na n-óstán agus na gcúrsaí gailf, gur thacaigh NAMA le hóstáin agus le cúrsaí gailf a bhí ag tabhairt faoi phraghsáil chreachóireach a raibh óstáin agus cúrsaí gailf sócmhainneacha thíos leis. San earnáil mhaoin chónaithe, líomhnaíodh go raibh Scéim Íocaíochta Iarchurtha NAMA frithiomaíoch mar gheall gur chruthaigh sí buntáiste éagórach do mhaoin a bhí bainteach sa scéim thar mhaoin a chuaigh san iomaíocht.

I rith mheasúnú na ngearán seo, d'iarr an tÚdarás ar fhaisnéis ábhartha ó NAMA. Ina theannta sin, chas an tÚdarás le NAMA roinnt uaireanta. Bunaithe ar an bhfaisnéis a bailíodh ó NAMA agus ó fhoinsí eile, ní dealraitheach go bhfuil NAMA ceannasach in aon cheann de na hearnálacha thuas, in ainneoin a stádais mar ghníomhaireacht Stáit agus gurb institiúid mhór airgeadais iad. Mura ndeimhnítear ceannasacht, ní féidir mí-úsáid ceannasachta a sháraíonn alt 5 den Acht a dheimhniú. Fiú dá sílfí go raibh NAMA ceannasach ar na margaí ábhartha, níor thacaigh an fhianaise a d'athbhreithnigh an tÚdarás leis an dearcadh go raibh iompar NAMA ina mhí-úsáid. Ar an mbonn seo, rinne an tÚdarás an cinneadh gan dul i mbun gníomhaíocht bhreise de bhun na ngearán seo.

Tá an tÚdarás ar an eolas ar thábhacht NAMA i ngeilleagar na hÉireann agus ar an tionchar a d'fhéadfadh sé imirt trína ngníomhaíochtaí éagsúla. Ní dhéanann an seasamh a ghlac an tÚdarás maidir le gearáin go dtí seo aon dochar d'aon gníomhaíocht a d'fhéadfaidís glacadh amach anseo má thagann aon fhianaise i leith iompar frithiomaíoch chun solais.

Mar gheall ar thionchar féideartha tábhachtach NAMA ar an iomaíocht, ceanglaítear orthu tuairisciú a dhéanamh ar bhonn bliantúil leis an gCoimisiún Eorpach agus leis an Údarás Iomaíochta ar úsáid a gcumhachtaí iarfhála. Is é an cuspóir atá aige seo ná ligean don Choimisiún agus don Údarás aon gníomhaíocht a ghlacadh a mheasann siad is gá má mheasann siad gur eascair sárú na hiomaíochta as an úsáid a bhain siad as a gcumhachtaí.

Comhad an DPP

Rinneamar tuairisciú inár dtuarascáil bhliantúil le haghaidh 2010 gur tugadh chun críche imscrúdú cairtéil amháin i rith na bliana siúd agus gur seoladh comhad chuig an DPP inar moladh ionchúiseamh ar díotáil. Tá breithniú a dhéanamh ag an DPP ar an gcás seo go fóill.

Athbhreithniú ar an Chlár um Dhíolúine Cairtéal

In 2010, thugamar faoi athbhreithniú ar an *gClár um Dhíolúine Cairtéal* lena chinntiú go leanann sé leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta is fearr a léiriú. Áiríodh leis seo foilsiú páipéar comhairliúcháin ina raibh leasuithe beartaithe ar an gClár.

I rith 2012, lean obair ar aghaidh ar athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár de bhua na taithí atá faighte ag an Údarás ón gclár a oibriú agus ó fhorbairtí a rinneadh le déanaí i gClár Samhlach Trócaire an ECN. Tá an t-athbhreithniú ar bun agus tá coinne againn go bhfoilseofar an clár athbhreithnithe in 2013.

An tAcht Iomaíochta (Leasú), 2012

An 3 Iúil 2012, tháinig an tAcht Iomaíochta (Leasú), 2012 i bhfeidhm. Tá sé de chuspóir ag Acht 2012 forfheidhmiú dhlí na hiomaíochta a threisiú agus cabhrú le coireacht an bhóna bháin a chomhrac in Éirinn, a chabhróidh, go héifeachtach, chun costais a laghdú ar fud an gheilleagair agus chun poist a chruthú. I measc phríomhfhóralacha Acht 2012 tá:

- Méadú ó chúig chuig 10 mbliana don phianbhreith uasta phríosúin mar gheall ar chiontú ciona lena mbaineann comhaontuithe frithiomaíochta, cinntí agus cleachtais chomhaontuithe.

- Méaduithe ar fhíneálacha ar féidir iad a ghearradh mar gheall ar chionta iomaíochta ó €4 milliún go dtí €5 milliún.
- D'fhéadfadh go mbeadh duine a chiontaítear i leith cionta iomaíochta faoi dhliteanas íoc as costais imscrúdaithe agus imeachtaí cúirte den chéad uair.
- Féadfaidh an chúirt anois duine a dhícháiliú ó bheith mar stiúrthóir cuideachta in imeachtaí coiriúla agus sibhialta achomair.
- Ní bheidh duine a chiontaítear i leith cionta áirithe iomaíochta i dteideal promhadh a fháil.
- Féadtar Ordú Cúirte a dhéanamh de cheangaltais a thugtar don Údarás. Tugtar Ordú alt 14B ar an ordú sin. Faoi mar a shonraítear thuas, d'úsáid an tÚdarás an chumhacht nua seo den chéad uair in 2012.⁶
- Beidh sé níos fusa do dhaoine aonair príobháideacha a ndearna cleachtais fhrithiomaíoch a difear dóibh gníomhaíocht le haghaidh damáistí i leith lucht cairtéil a chruthú, a luaithe ar glacadh go rathúil le himeachtaí forfheidhmithe phoiblí.

Sa mhullach air sin, shínigh an tAire ordú le tús a chur le halt 10 den Acht Iomaíochta, 2002 a chuireann bearta ar fáil chun cabhrú le giúiréithe breithniú a dhéanamh ar fhianaise chasta airgeadais agus gheilleagrach le linn trialacha i leith sárúithe ar dhlí na hiomaíochta.⁷

Cumhachtaí Forfheidhmithe a Úsáid

Faoin Acht, tá cumhachtaí fairsinge againn lena n-úsáid inár n-obair forfheidhmithe. Cuireann na cumhachtaí siúd ar chumas againn faisnéis a fháil sa chás nach dócha go soláthrófar í ar bhonn deonach, nó sa chás gur diúltaíodh cheana féin í. I rith 2012, thug an tÚdarás faoi dheich gcuardach ag áitreabh i leith ceangaltais éagsúla a cuireadh ina leith go raibh baint acu i ngníomhaíocht fhrithiomaíoch. Tugadh faoi na hoibríochtaí go náisiúnta agus bhí nach mór fhoireann uile an Údaráis bainteach iontu. Thug an Garda Síochána cabhair dúinn ar an suíomh. Anuas air sin, thug roinnt comhaltaí d'Aonad um Imscrúdú Coireanna Ríomhaire Bhiúró an Gharda Síochána um Imscrúdú Calaoise cabhair d'fhoireann fhóirínseach an Údaráis. Gabhadh méideanna móra de cháipéisí cruachóipe agus de shonraí fóirínseacha le inn na gcuardach.

Tábla 1: Cumhachtaí Forfheidhmithe a Úsáid in 2012

| Cumhacht Forfheidhmithe | 2012 |
|-------------------------|------|
| Barántais Chuardaigh | 10 |
| Toghairmeacha | 1 |

Tábla 2: Cumhachtaí Imscrúdaithe agus Forfheidhmithe an Údaráis Iomaíochta

| Cumhachtaí Imscrúdaithe agus Forfheidhmithe | Sainiú |
|---|---|
| Saghsanna na n-imscrúduithe faoinar tugadh | <ul style="list-style-type: none"> • Imscrúduithe coiriúla • Imscrúduithe sibhialta • Measúnú ar chumaisc • Staidéir fhoirmiúla |

⁶ Féach Ich 18-19 thuas

⁷ I.R. Uimh. 491/2011 — Ordú an Achta Iomaíochta (Alt 10) (Tosach Feidhme), 2011.

| | |
|---|--|
| Cumhacht iontrála agus chuardaigh | Féadfaidh oifigigh údaraithe áitreabh a iontráil nó a chuardach ach barántas a bheith acu arna eisiúint ag an gCúirt Dúiche. |
| Cumhacht chun cáipéisí agus taifid a ghabháil le barántas | Féadfaidh oifigigh údaraithe cáipéisí/taifid a ghabháil ach barántas a bheith acu arna eisiúint ag an gCúirt Dúiche. |
| Cumhacht chun finnétithe a thoghairm agus chun soláthar taifead agus faisnéise a iarraidh | Féadfaidh an tÚdarás Iomaíochta finné a thoghairm go ndéanfaí é/í a scrúdú faoi mhionn agus/nó iarraidh ar sholáthar cáipéisí ó fhinné. Tá na díolúintí agus na pribhléidí céanna ag finnétithe ag atá ag finné os comhair na hArd-Chúirte. Cion coiriúil atá i neamhchomhlíonadh. |
| Cumhacht chun iarraidh go ndéanfar Ordú Cúirte de roinnt comhaontuithe | Féadfaidh an tÚdarás Iomaíochta iontráil i gcomhaontú le ceangaltas faoi imscrúdú i leith sárú líomhnaithe an Achta Iomaíochta, 2002, ina gcomhaontaítear faoin gceangaltas sin rudaí áirithe a dhéanamh gan iad a dhéanamh mar chúiteamh ar chomhaontú an Údaráis gan imeachtaí a ghlacadh ina leith. Féadfaidh an Ard-Chúirt ar iarraidh an Údaráis, Ordú Cúirte a dhéanamh den chomhaontú. Is ionann agus díspeagadh na cúirte a bheidh in aon sárú ar an ordú sin ag an gceangaltas siúd agus féadtar pionós a ghearradh air amhlaidh. |
| Cumhacht chun dícháiliú stiúrthóra a lorg | Féadfaidh an tÚdarás Iomaíochta iarratas a dhéanamh ar an gCúirt i gcásanna sibhialta agus achomair coiriúla go ndíscaoilfear stiúrthóir má dheimhnítear gur sháraigh an duine sin alt 4 nó 5 den Acht Iomaíochta, 2002. |

Tábla 3: Pionóis agus Réitigh

| |
|--|
| <p>Coiriúil (ar díotáil sa Phríomh-Chúirt Choiriúil) - A mhéid le €5 milliún nó 10% den láimhdeachas, cibé acu is mó, agus/nó a mhéid le cúig bliana sa phríosún</p> <p>Coiriúil (achomair sa Chúirt Dúiche) – A mhéid le €3,000 agus/nó a mhéid le sé mhí sa phríosún</p> <p>Gníomhaíocht Shibhialta (ag an Údarás Iomaíochta) – Faoiseamh urghaire agus dearbhaitheach</p> <p>Gníomhaíocht Shibhialta (ag páirtithe a gortaíodh) – Damáistí de réir rogha na Cúirte,</p> |
|--|

faoiseamh urghaire agus dearbhaitheach

3. MEASÚNÚ AR CHUMAISIC AGUS ÉADÁLACHA

Is gnách gur meicníocht iad cumaisc agus éadálacha (cumaisc) a úsáideann gnólachtaí chun athstruchtúrú a dhéanamh chun dul san iomaíocht agus bheith rathúil. D'fhéadfadh go mbeadh tionchar diúltach ag roinnt cumasc ar leas an tomhaltóra, áfach, toisc go bhféadfadh, mar shampla, go dtiocfadh méadú ar phraghsanna nó laghdú ar aschur dá mbarr. Is é sin le rá go ndéanann roinnt cumasc iomaíocht a laghdú go substaintiúil agus gurb iad tomhaltóirí, lena n-áirítear gnólachtaí a bhíonn thíos leis.

Ní mór fógra a thabhairt don Údarás Iomaíochta faoi chumaisc chuideachtaí a sáraíonn a láimhdeachas tairseach airgeadais áirithe. Ní mór fógra a thabhairt don Údarás Iomaíochta faoi chumaisc áirithe lena n-áirítear gnóthaí meáin, is cuma faoina láimhdeachas. Bíonn sé mar aidhm i gcónaí a chinntiú go ndéanaimid athbhreithniú ar chumaisc go tráthúil ionas nach gcuirtear moill le dea-chumaisc. Ag an am céanna, cosnaímid leas tomhaltóirí agus tá sé de chumhacht againn cumaisc a chosc áit a bhfaighimid go dtiocfaidh laghdú substaintiúil ar iomaíocht dá mbarr.

In 2012, rinne an tÚdarás cinneadh faoi 30 chumasc a raibh ceithre cinn acu tugtha anonn ó 2011. Tháinig laghdú ar líon na gcumasc ar tugadh fógra dúinn fúthu in 2011 (33) i gcomparáid le 2011 (40). Ba mhó an líon fógraí, áfach, le haghaidh 2012 ná 2009 (27), arbh é sin an figiúr ab ísle go dtí seo ó leagadh freagracht iomlán ar an Údarás as athbhreithniú a dhéanamh ar chumaisc. Tháinig laghdú freisin ar líon na gcumasc meáin ar tugadh fógra dúinn fúthu i 2012 (3) i gcomparáid le 2011 (5)


Foráiltear san Acht um Fhorais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais), 2008 (An tAcht FCTA) nach mór fógra a thabhairt don Aire Airgeadais seachas don Údarás Iomaíochta faoi roinnt cumasc beartaithe áit a bhfuil forais chreidmheasa i gceist⁸. Le linn 2012, níor fógraíodh aon chumaisc den sórt sin. Anuas air sin, forálann alt 54 den Acht um Fhorais Chreidmheasa (Cobhsaíocht), 2012 nach mbeidh aon fheidhm ag Cuid 2 agus 3 den Acht Iomaíochta, 2002 agus ag alt 7 den Acht CIFS maidir le gníomhartha áirithe ag an Aire nó ag "bainisteoirí speisialta" maidir leis na forais ábhartha airgeadais.

Fógraí faoi Chumaisc le linn 2012

Léiríonn Fíor 1 thíos comparáid idir an líon fógraí faoi chumaisc a fuair an tÚdarás i ngach ceann de na blianta ó 2009, 2010, 2011 agus 2012.

⁸ Baineann an ceanglas seo le hinstiúidí creidmheasa a chomhlíonann na critéir a leagtar amach in alt 7(1) d'Acht an CIFS. Ní bhaineann Acht an CIFS, ar an mbunús sin, dlínse an Údarás Iomaíochta le haghaidh cumaisc instiúidí creidmheasa go hiomlán.

Fíor 1: Comparáidí míosúla idir fógraí cumaisc a fuarthas le haghaidh na tréimhse 2009-2012



| Terms in above graph | |
|----------------------|--------------|
| English | Irish |
| Jan | Ean |
| Feb | Fea |
| Mar | Már |
| Apr | Aib |
| May | Bea |
| Jun | Mei |
| Jul | Iúil |
| Aug | Lún |
| Sep | MF |
| Oct | DF |
| Nov | Sam |
| Dec | Nol |

Cuimsíonn **Aguisín B** liosta iomlán de na cumaisc ar tugadh fógra don Údarás fúthu in 2012. Leagtar béim ar na pointí a leanas faoi 2012:

- Bhain gnóthais phríobháideacha chothromais a raibh gnólachtaí á gceannach acu le líon mór cumasc ar tugadh fógra fúthu don Údarás.
- Tugadh méadú faoi deara i ráithe dheiridh na bliana, agus tugadh fógra faoi 14 idirbheart bheartaithe don Údarás. Léirigh seo 42% den líon iomlán fógraí in 2012.
- Thug an tÚdarás a scrúdú chun críche ar shé idirbheart ar tugadh fógra fúthu in 2011 agus ar síníodh a spriocdhátaí go dtí 2012. Ceadaíodh na cásanna uile siúd i rith an imscrúdaithe tosaigh (céim 1).
- Rinneadh anailís ar na hidirbhearta go léir laistigh den tréimhse ama reachtúil.
- Eisíodh seacht gCeanglas le haghaidh Tuilleadh Faisnéise maidir le scrúdú trí chumasc.
- Ceadaíodh 26 de na 33 fógra faoi chumasc a fuarthas i rith 2012 i rith an imscrúdaithe tosaigh (céim 1), laistigh d'aon mhí féilire amháin de ghnáth.
- D'aistarraing na páirtithe fógra amháin a cuireadh ar aghaidh in 2012.
- Tugadh sé fhógra faoi chumasc anonn isteach go 2013.

Cuireann **Aguisín C** staitisticí níos sonraí ar fáil ar chumasc ar a ndearnadh scrúdú idir 2009 agus 2012.

Cumasc agus Imscrúdú Iomlán (Céim 2) ag Teastáil Uathu

Ní mór don Údarás tabhairt faoi imscrúdú sonrath (céim 2) ar idirbheart más amhlaidh tar éis réamhimscrúdú (céim 1), nach raibh siad in ann teacht ar an gconclúid nach ndéanfaidh an t-idirbheart "iomaíocht a laghdú go substaintiúil". In 2012, níor cuireadh tús le haon imscrúduithe chéim 2.

Imscrúduithe Sínte Chéim 1 ar Chumasc – Ceanglais le haghaidh Tuilleadh Faisnéise

Féadfaidh an tÚdarás Ceanglas le haghaidh Tuilleadh Faisnéise (RFI) a eisiúint d'aon cheann de na páirtithe i gcumasc chun faisnéis a fháil chun cabhrú linn tabhairt faoi scrúdú ar chumasc. Féadtar RFI a úsáid chun faisnéis níos sonraí a fháil, mar shampla, faoi ghníomhaíochtaí gnó na bpáirtithe, cinntí na bpáirtithe maidir leis an idirbheart, próiseas an idirbhirt, faisnéis impiriciúil faoi scaireanna margaidh, nó faoi shonraí ar nós praghsanna. Braitheann cineál cruinn aon RFI ar leith ar shaghas agus ar mhéid na faisnéise a theastaíonn ón Údarás.

Ceanglaíonn RFI ar pháirtithe freagairt laistigh d'amfhráma sonraithe. Le linn thréimhse chéim 1, bíonn an tionchar ag RFI chun an dáta cuí a athrú, agus mar thoradh air sin, spriocdháta chéim 1. (Is é an "dáta cuí" dáta tosaigh an amfhráma le haghaidh chinntí chéim 1 agus chéim 2). Cuireann an RFI stop leis an gclog agus ní atosáitear an clog ach tar éis go bhfuil an fhaisnéis a d'íarramar uirthi faighte againn. I gcodarsnacht leis seo, ní athraítear spriocdháta chéim 2 tar éis RFI a eisiúint.

In 2012, eisíodh trí chás cumasc do sheacht RFI fhoirmiúla.⁹ Níor tugadh aon cheann de na cásanna seo anonn chuig 2013 agus ceadaíodh gach ceann de na cásanna seo i gcéim 1 tar éis imscrúdú sínte a mhair, ar an meán, idir dhá agus trí mhí. Pléitear na trí chás thíos.

⁹ Is iad siúd: Fógraí M/12/002, M/12/010 agus M/12/017. Féach: <http://www.tca.ie/EN/Mergers--Acquisitions/Merger-Notifications.aspx> chun teacht ar thuilleadh sonraí. Eisíodh trí RFI in M/12/002 agus eisíodh dhá RFI in M/12/010 agus M/12/017.

M/12/002 – Millington/Siteserv

Thug na páirtithe fógra faoin idirbheart seo an 16 Márta 2012. Ba chumasc meán an t-idirbheart seo laistigh de bhrí alt 23(1) den Acht. Cheadaigh an tÚdarás an t-idirbheart an 21 Bealtaine 2012 tar éis imscrúdú cuimsitheach lenar áiríodh taighde deisce, teagmháil leanúnach leis na páirtithe, agus tuairimí na beirte soláthraithe agus iomaitheoirí a fháil.

Corpraíodh Millington Limited ar Mhanann i Nollaig 2011 mar fheithicil fála, a bhí faoi úinéireacht agus rialú ag Denis O'Brien, chun an t-idirbheart beartaithe a éascú. Tá leas á rialú ag an Uasal O'Brien i réimse fairsing cuideachtaí san earnáil teileachumarsáide soghluaiste, aisghabháil tubaiste TF, raidió agus meán digiteach, láithreán gréasáin agus bhogearraí le haghaidh earcach agus cuardaitheoirí poist, agus in earnálacha eile. Tá Siteserv plc ag feidhmiú in Éirinn agus sa RA i seirbhísí tacaíochta bonneagair agus fóntas i réimse fairsing earnálacha, lena n-áirítear fuinneamh, satailít agus teileachumarsáid, oideachas, cúram sláinte, seirbhísí imeachtaí, innealtóireacht shibhialta agus tógáil.¹⁰

I rith an imscrúdaithe, a dhírigh ar shaincheisteanna ingearacha agus féideartha, lorg an tÚdarás tuairimí líon tríú páirtithe, lena n-áirítear iomaitheoirí, custaiméirí agus soláthraithe Siteserv agus/nó cuideachtaí eile faoi rialú an Uasail O'Brien. Lorg an tÚdarás, go háirithe, tuairimí tríú páirtithe a bhí bainteach sna hearnálacha cumarsáide leictreice agus bonneagar meán. Níor thug aon duine de na páirtithe tríú páirtí seo buarthaí sonracha chun solais faoin idirbheart beartaithe. Ina theannta sin, chuaigh an tÚdarás i gcomhairle le ComReg, agus ní dhearna siad aon buarthaí a thabhairt le fios faoin idirbheart beartaithe.

Bhí sé ina chonclúid ag an Údarás nach n-eascródh aon buarthaí iomaíochta as an idirbheart beartaithe in aon mhargadh le haghaidh earraí nó seirbhísí sa Stát.

M/12/010 - Pallas/Crossgar

Thug na páirtithe fógra faoin idirbheart an 22 Meitheamh 2012. Cheadaigh an tÚdarás an t-idirbheart an 23 Lúnasa 2012 tar éis imscrúdú cuimsitheach lenar áiríodh taighde deisce, faisnéis chuimsitheach a fháil ó na páirtithe, tabhairt faoi fhiosrúcháin mhargaidh agus tuairimí na beirte soláthraithe agus iomaitheoirí a fháil. Anuas air sin, chuaigh an tÚdarás i gcomhairle leis an mBord Bia agus chuaigh siad i dteagmháil ar bhonn leanúnach leis na páirtithe.

Tá baint ag Pallas Foods Ltd, fochuideachta atá faoi úinéireacht iomlán ag Sysco Corporation, agus ag Crossgar Foodservice Ltd, san earnáil seirbhís bhia in Éirinn. Is fairsing don earnáil seirbhís bhia agus áirítear inti catagóirí éagsúla táirgí bia, lena n-áirítear deochanna, bianna i gcannaí agus triomaithe, feoil, páipéar agus nithe indiúscartha. Tá oibreoirí seirbhís bhia gníomhach i réimse leathan de chásanna bia "as an mbaile" idir asraonta bia thapa, bialanna seirbhíse iomláine agus ceaintíní foirne agus ospidéil agus príosúin.

Mar thoradh ar a n-imscrúdú, bhí sé ina chonclúid ag an Údarás nach n-eascródh aon buarthaí iomaíochta as an idirbheart beartaithe san earnáil seirbhís bhia ina hiomláine nó in aon chatagóir seirbhís bhia nó in aon chatagóir oibreoir seirbhís bhia.¹¹

M/12/017 – United Care/Pharmexx

Thug na páirtithe fógra faoin idirbheart an 22 Lúnasa 2012. Cheadaigh an tÚdarás an t-idirbheart an 9 Samhain 2012 tar éis imscrúdú cuimsitheach lenar áiríodh taighde deisce,

¹⁰ Féach: <http://www.tca.ie/EN/Mergers--Acquisitions/Merger-Notifications/M12002--MillingtonSiteserv.aspx?page=3&completed=True&year=0>

¹¹ Féach: <http://www.tca.ie/EN/Mergers--Acquisitions/Merger-Notifications/Pallas--Crossgar.aspx?page=2&completed=True&year=0>

tuairimí custaiméirí agus iomaitheoirí a fháil, agus RFlanna foirmiúla a eisiúint do na páirtithe agus teagmháil leanúnach a dhéanamh leis na páirtithe.

Tá an bheirt pháirtithe gníomhach sa mhargadh do sholáthar ionadaithe seachfhoinsithe díolachán do chuideachtaí cógaisíochta sa Stát. Le linn an imscrúdaithe, rinneamar scrúdú ar thionchar iomaíochta an idirbhirt ar an margadh seo. Bhí an tÚdarás faoin tuairim nach n-eascróidh praghsanna méadaithe as an idirbheart beartaithe ar sholáthar ionadaithe seachfhoinsithe díolachán do chuideachtaí cógaisíochta nó aon díobháil don iomaíocht as an idirbheart beartaithe.

Cumasc a bhfuil Gnólachtaí Meán Rannpháirteach Iontu

San Acht Iomaíochta, 2002, cuirtear san áireamh go bhféadfadh go ndéanfadh an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta cumasc a cheadaigh an tÚdarás Iomaíochta ar bhunús iomaíochta tar éis imscrúdú iomlán, a chosc fós ar bhunús leas an phobail. Tugtar achoimre i dTábla 4 thíos ar na trí chumasc meán ar tugadh fógra fúthu in 2012.

Tábla 4: Cumasc Mheán ar Tugadh Fógra fúthu in 2012

| Fógra | Earnáil Gheilleagrach | Dáta an Fhógra | Stádas |
|---|---|----------------|--------------------|
| M/12/014 - Manwin / RK Netmedia | Siamsaíocht do Dhaoine Fásta | 07/08/2012 | Ceadaithe (céim 1) |
| M/12/004 - Southbank Media / Travel Channel | Craoladh Teilifíse | 22/03/2012 | Ceadaithe (céim 1) |
| M12/002 - Millington / Siteserv | Seirbhísí tacaíochta bonneagair agus fónais | 16/03/2012 | Ceadaithe (céim 1) |

Níorbh cosúil go ndéanfadh aon cheann de na cumasc a cheadaíodh in 2012 iomaíocht a laghdú. Ní dhearna an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta aon ordú i rith 2011 chun imscrúdú iomlán a dhéanamh faoi alt 22 den Acht ná chun chur i bhfeidhm cumasc mheán a chosc.

Athbhreithniú ar Chumasc Neamh-infhógraithe

Is é príomhról Rannán na gCumasc tabhairt faoin tasc reachtúil lena mbaineann athbhreithniú a dhéanamh ar chumasc a dtugtar fógra fúthu don Údarás agus a dheimhniú cibé acu an eascróidh nó nach n-eascróidh laghdú suntasach iomaíochta astu. Déanann an tÚdarás imscrúdú, chomh maith, ar chumasc neamh-infhógraithe, mar shampla, na cinn atá faoi bhun na tairsí reachtúla le haghaidh fógartha agus iad siúd nach ndearnadh a fhógairt, atá i mbaol alt 4 agus/nó 5 den Acht a shárú. Tugann Rannán na gCumasc faoin tasc seo i gcomhoibriú le rannáin eile den Údarás.

Eason/Argosy

Is iad Eason and Son Limited agus Argosy Libraries Limited an t-aon bheirt mhórdhíoltóirí leabhar nua in Éirinn atá bunaithe in Éirinn. Ina theannta sin, is iad Eason an miondhíoltóir is mó de leabhair nua laistigh d'Éirinn. Cé nárbh cumasc infhógraithe é seo faoin Acht, chuir Eason agus Argosy an tÚdarás ar an eolas ar chomhaontú a síníodh an 27 Lúnasa 2012, ina bhfaigheadh Eason roinnt sócmhainní de chuid Argosy.

Thosaigh an tÚdarás imscrúdú ar an idirbheart beartaithe. Áiríodh leis an imscrúdú taighde deisce, iarratais ar fhaisnéis ó na páirtithe, teagmháil leanúnach leis na páirtithe, agus tuairimí líonta móra tríú páirtithe a fháil, lena n-áirítear foilsitheoirí, mórdhíoltóirí RA agus custaiméirí miondíola.

Shainaithin an t-imscrúdú roinnt buarthaí iomaíochta a d'fhéadfadh teacht chun solais ón idirbheart. Laghdódh an t-idirbheart an líon mórdhíoltóirí nua leabhar atá bunaithe sa Stát ó dhá cheann go dtí ceann amháin.

Agus aird ar an easpa iomaitheoirí inchreidte iarbhír agus féideartha atá an bhearna fhairsing idir Eason agus an t-aon soláthraithe eile suntasach sa Stát (is é sin, mórthíoltóirí agus foilsitheoirí na RA), bhí an tÚdarás buartha go n-eascródh praghsanna méadaithe agus laghdú ar an réimse leabhar nua do thomhaltóirí as an idirbheart beartaithe.

Agus aird ar buarthaí iomaíochta seo, rinne an tÚdarás an cinneadh chun tús a chur le himeachtaí i leith Eason agus Argosy mar gheall ar shárú ar a laghad alt 4 den Acht (a leagann toirmeasc ar chomhaontuithe a shrianann iomaíocht). Nuair a cuireadh Eason agus Argosy ar an eolas faoi seo, thréig siad an cumasc beartaithe agus thug siad ceangaltas, ar feadh tréimhse bliana, chun fógra 30 lá roimh ré a thabhairt don Údarás faoi aon socrú dá shamhail sin. Thug seo an deis don Údarás an t-imscrúdú a dhúnadh.

Ba é seo an chéad chás ina ndearna an tÚdarás cinneadh chun tús a chur le himeachtaí maidir le cumasc neamh-infhógraithe.

Cás Kerry/Breco

In 2008, rinne an tÚdarás Iomaíochta ceannach Breco a bhlocáil ag Kerry Group, ar cinneadh é seo inar éirigh le Kerry achomharc a dhéanamh leis an Ard-Chúirt. Dhíscaoil an Ard-Chúirt cinneadh an Údaráis chun an t-idirbheart a bhlocáil. In 2009, rinne an tÚdarás cinneadh na hArd-Chúirte a achomharc leis an gCúirt Uachtarach.

In 2010, rinneamar iarratas ar éisteacht tosaíochta achomharc na Cúirte Uachtaraí i gcás Kerry/Breco. Níor deonaíodh an t-iarratas. Lean obair ar siúl ar an gcás, áfach, agus d'fhreastail an tÚdarás ar cheithre éisteacht bainistíochta cáis os comhair an Bhreithimh Clarke le linn 2012. Sa mhullach air sin, is éard a bhí i gceist leis an gcás ná éisteacht ar rún chun fianaise nua a thabhairt ar aird a thug Rye Investments Limited i Meán Fómhair 2012. Meastar anois go mbeidh éisteacht an cháis ar bun le linn an dara téarma in 2013.

Treoirínte maidir le Cumaisc

Tá an tÚdarás Iomaíochta ag tabhairt faoi athbhreithniú ar a gcuid treoirínte reatha maidir le cumaisc, *Notice in respect of Guidelines for Merger Analysis, Decision No. N/02/05*, a foilsíodh i Nollaig 2002. Faoi mar a tugadh le fios anuraidh, tá an t-athbhreithniú seo ag glacadh níos mó ama ná mar a rabhthas ag súil leis i dtosach báire mar gheall ar líon tosca. Faoi láthair, tá sé beartaithe againn dréacht-treoirínte athbhreithnithe maidir le cumaisc a fhoilsiú le haghaidh comhairliúchán poiblí sa chéad leath de 2013.

Nósanna Imeachta maidir le Cumaisc in Éirinn (an tAcht Iomaíochta, 2002)

Tástáil Chumaisc: Laghdú substaintiúil na hiomaíochta

Is í an tástáil a úsáidtear chun cinneadh cibé acu ar cheart cumasc a cheadú ná cibé an ndéanfaidh sé "iomaíocht a laghdú go substaintiúil" sna margai le haghaidh earraí nó seirbhísí sa Stát. Is í sin an tástáil a úsáidtear sa RA, agus úsáideann an Coimisiún Eorpach leagan cosúlach. Ceadáíonn sé díriú ar an gcaoi a rachaidh an t-idirbheart i bhfeidhm ar iomaíocht agus thomhaltóirí amháin.

Tairseacha um Fógra a Thabhairt

Tá na tairseacha um fógra a thabhairt bunaithe ar láimhdeachas na ngnólachtaí atá i gceist. Ní mór go mbeadh láimhdeachas airgeadais bliantúil de €40 milliún ar a laghad ar fud an domhain ag dhá cheann de na gnóthais atá i gceist ar a laghad. Ní mór go mbeadh dhá cheann díobh ar a laghad in ann gnó a dhéanamh ar oileán na hÉireann, agus ní mór go mbeadh ceann amháin díobh ar a laghad in ann láimhdeachas €40 milliún a ghiniúint laistigh den Stát. Má bhaintear na tairseacha sin amach, ní mór fógra a thabhairt ansin.

Cumaisc faoi bhun na tairsí

D'fhéadfadh go n-eascródh éifeachtaí frithiomaíocha a dhéanadh dochar dothomhaltóirí ó chumasc atá faoi bhun na dtairseach sin. San Acht Iomaíochta tugtar cead fógra a thabhairt go deonach don Údarás faoi na cumaisc sin, chun cinnteacht dhlíthiúil a fháil. Cúis amháin leis sin ná go bhfuil cumaisc faoi bhun na tairsí fós faoi réir ghníomh forfheidhmithe faoi alt 4 agus 5 den Acht, agus go ndearna an tÚdarás imscrúduithe ar idirbhearta den sórt sin. Féach, mar shampla, cás Eason/Argosy ar lch 30/31.

Réamhfhógra (roghnach)

Féadfaidh páirtithe in idirbheart teagmháil a dhéanamh leis an Údarás sula dtugann siad fógra foirmiúil faoi chumasc. Féadann plé réamhfhógra cabhrú le páirtithe maidir le foirm fhógra a ullmhú, agus an deis a thabhairt do pháirtithe míniú tosaigh a thabhairt faoi na nithe seo a leanas, i measc nithe eile: gníomhaíochtaí gnó na bpáirtithe a thug fógra, a gcuid custaiméirí, a gcuid iomaitheoirí, an bealach ina ndéantar praghsanna a chaibidil, an bealach chuig an margadh agus ábhair ábhartha bhainteacha eile.

Réamhimscrúdú (céim 1)

Is é atá i gceist le céim 1 ná scrúdú tosaigh a bhíonn ar siúl ar feadh aon mhíosa amháin, i ndiaidh an 'dáta oiriúnaigh' (ar gnách gurb é an lá ar tugadh fógra faoin gcumasc air). Ag deireadh tréimhse chéim 1, ceadóidh an tÚdarás an cumasc nó rachaidh sé ar aghaidh go himscrúdú iomlán (céim 2).

Imscrúdú Iomlán (céim 2)

Féadfaidh an tÚdarás tabhairt faoi imscrúdú iomlán (céim 2) nach bhfuil siad in ann cinneadh tar éis réamhimscrúdaithe nach n-eascróidh "laghdú substaintiúil ar iomaíocht" ó chumasc. Tréimhse bhreise trí mhí atá i gCéim 2 áit a ndéantar scrúdú sonrathach ar an idirbheart agus an margadh (na margai) a bhfuil na páirtithe ag oibriú ann. Ag deireadh thréimhse céim 2, ceadóidh an tÚdarás an cumasc, ceadóidh sé faoi réir coinníollacha é nó cuirfidh sé cosc air.

Éileamh ar Thuilleadh Faisnéise

I dteannta leis an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil sna doiciméid fhógra, féadfaimid ÉTF a eisiúint ar pháirtí amháin nó níos mó páirtithe i gcumasc chun faisnéis a fháil a chabhróidh linn lenár scrúdú ar an gcumasc. Má eisítear RFI laistigh de mhí amháin ó dháta fála an fhógra, imríonn sé an

tionchar chun an dáta cuí a athrú, agus mar thoradh air sin, spriocdháta chéim 1. Stadann an RFI an clog agus ní thosaíonn an clog arís go bhfaighimid an fhaisnéis a iarradh nó gur éag an spriocdháta chun freagairt ar an RFI – pé ceann is luaithe. I gcodarsnacht leis seo, ní athraítear spriocdháta chéim 2 tar éis RFI a eisiúint.

Toghairm Finné

Féadfaidh an tÚdarás toghairm finné a eisiúint ar aon duine de na páirtithe sachumasc nó ar thríú páirtithe mar chustaiméirí agus iomaitheoirí. Is féidir toghairm finné a úsáid, mar shampla, chun faisnéis níos sonraí a fháil faoi ghníomhaíochtaí gnó na bpáirtithe, faoi chinntí na bpáirtithe maidir leis an idirbheart, faoin bpróiseas idirbhirt, thurgnamhach maidir le sciar margaidh, nó sonraí, ar nós praghsanna.

Réitigh

Is é atá i gceist le réitigh ná bearta ar féidir na páirtithe a chur i bhfeidhm chun ábhair imní maidir le hiomaíocht ag eascairt ó chumasc amhaolú. Bíonn leigheasanna mar chuid de chinneadh an Údaráis. Is féidir réitigh a mheas ag céim 1 nó céim 2 den phróiseas athbhreithnithe cumaisc. Féadann na páirtithe sa chumasc leigheasanna a mholadh ag céim 1 nó 1. Féadann an tÚdarás glacadh le moltaí nó diúltú dóibh ag céim 1 nó céim 2. Ní féidir coinníollacha a ghearradh ar na páirtithe sa chumasc go dtí céim 2.

Measúnú

Le linn imscrúdú chéim 2, má tá ábhair mhóra imní againn maidir le hiomaíocht, féadfaimid páipéar a eisiúint a bhfuil na hábhair imní sin leagthaamach ann. Iarrfar ar na páirtithe freagra a thabhairt do na hábhair imní sin. Tugtar Measúnú air seo. Tabharfar cuireadh do na páirtithe freagairt ar na hábhair imní seo.

Achomharc chun na gCúirteanna

Má chuirtear cosc ar chumasc, tugtar aon mhí amháin do na páirtithe chuncinneadh an mian leo achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte. Féadfaidh an Chúirt cinneadh an Údaráis a chur ar neamhní, a dhearbhú, nó adhearbhú faoi réir mionathruithe.

4. IOMAÍOCHT A CHUR CHUN CINN IN ÉIRINN

Tá beartas an Rialtais ag díriú go príomha ar chruthú post mar gheall go bhfuil comharthaí á léiriú ag gheilleagar na hÉireann go bhfuil sé i mbun téarnaimh de réir a chéile. Bíonn feidhm lárnach ag beartas iomaíochta in iomaíocht gach limistéar de gheilleagar na hÉireann a fheabhsú, agus eascraíonn poist agus caighdeáin mhaireachtála níos airde as seo.

Baineann níos mó le hiomaíochas ná costais a laghdú: baineann sé le cumas tíre chun nuálaíocht a chothú agus chun deiseanna inmharthana poist a bhaint amach dá saoránaigh uile. Bíonn gheilleagar níos iomaíche intíre i bhfad níos éifeachtaí le héifeachtúlacht agus nuálaíocht a chur chun cinn ná mar atá deontais aonuaire agus dreasachtaí speisialta ar gnách go n-eascraíonn dramhaíl agus ró-oifigiúlachas astu.

Baineann tábhacht ar leith le beartas iomaíochta, go háirithe linn aimsir dhúshlánach, nuair a d'fhéadfadh claonadh bheith ann i dtreo cosanta. Féadfaidh earnálacha cosanta an ardchosaínt a úsáid ar deas leo í chun rud brabúsach a dhéanamh de neamhéifeachtúlacht ar costas tomhaltóirí. Agus aird ar an bhfianaise thréan a nascann iomaíocht le borradh táirgiúlachta, is tábhachtach a chinntiú go gcoimeádtar ár ngnóthachain iomaíochta a baineadh amach le déanaí san fhadtearma.

Cé gur gnách gur cuid thábhachtach den phictiúr iomaíochais easpórtálacha, bíonn tionchar ag gach earnáil den gheilleagar ar iomaíochas. Ardaíonn ardphraghsanna sna hearnálacha neamhthrádálte, ar nós seirbhísí gairmiúla agus go leor seirbhísí poiblí an costas maireachtála agus an costas atá ar ghnó a dhéanamh dúinn go léir.

Baineann ríthábhacht le margáí oscailte agus iomaíochas le rath fadtearma geilleagrach na hÉireann. Féadtar tairbhí na hiomaíochta a thabhairt faoi deara i limistéir ar nós teileachumarsáide agus aerlínte, áit ar gá do mhonaplachtaí dul san iomaíocht le hiontrálaithe nua chun custaiméirí a mhealladh.

Cuireann an tÚdarás Iomaíochta iomaíocht chun cinn ar bhealaí éagsúla. Déanaimid limistéir den gheilleagar a thabhairt chun solais ina bhfuil iomaíocht á cosc, foilsímid tuarascálacha ar conas is féidir iomaíocht a fheabhsú in earnálacha áirithe, cuirimid comhairle ar Rannáin an Rialtais agus ar ghníomhaireachtaí Stáit eile ar shaincheisteanna iomaíochta a bhaineann lena n-obair, lena n-áirítear soláthar agus tairiscintí le haghaidh conarthaí poiblí, agus go háirithe, cuirimid ár dtuairimí in iúl faoi reachtaíocht bheartaithe agus déanaimid moltaí do chomhairliúcháin phoiblí. Cuirimid coincheap cultúr iomaíochta chun cinn don phobal níos fairsinge trí threoirlínte a fhoilsiú, tríd an eagraíocht agus trí rannpháirtíocht sna comhdhálacha agus sna seimineáir agus trí idirghníomhú le heagraíochtaí gnó. Déanaimid moltaí do Rannáin an Rialtais agus d'údarais phoiblí ar shaincheisteanna iomaíochta, ar nós soláthair agus tairiscintí do chonarthaí poiblí.

Plean Gníomhaíochta le haghaidh Post

Luaitear i *bPlean Gníomhaíochta le haghaidh Post 2012* go ndéanfaidh an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta (DJEI) agus an tÚdarás Iomaíochta an méid a leanas: *"Aon limistéir chosanta den gheilleagar a shainithint ina bhfuil srian ar iomaíocht agus staidéir a choimisiúnú ar na limistéir sin nuair is cuí"*.

Is iad na céimeanna a bhaineann leis seo:

| Céimeanna a theastaíonn le haghaidh Seachadta | Líne Ama | An Comhlacht Freagrach |
|--|----------|-----------------------------|
| Limistéir chosanta an gheilleagair a shainithint ina bhfuil srian ar iomaíocht | R1 2012 | DJEI /an tÚdarás Iomaíochta |
| Breithniú a dhéanamh ar cibé acu | R2 2012 | An Rialtas |

| | | |
|--|---------|-----------------------|
| an bhfuil nó nach bhfuil staidéir ar na limistéir sin tábhachtach agus a shainaithint cén staidéir atá tábhachtach | | |
| Tús a chur le staidéar margaidh ar an bpríomhlimistéar tosaíochta | R2 2012 | An tÚdarás Iomaíochta |
| Comhairliúchán poiblí ar na saincheisteanna a ullmhú | R4 2012 | An tÚdarás Iomaíochta |
| Staidéar margaidh a fhoilsiú | 2013 | An tÚdarás Iomaíochta |

Limistéir Chosanta a Shainaithint

Oibríonn an tÚdarás Iomaíochta próiseas leanúnach monatóireachta margaidh chun cleachtais nó earnálacha a shainaithint ina n-eascraíonn saincheisteanna iomaíochta nach léir gur sárú dlí iad. Sna limistéir seo, ní féidir dlí na hiomaíochta a fhorfheidhmiú nó ní uirlis chuí é ach d'fhéadfadh staidéar margaidh torthaí úsáideacha a bhaint.

Bailítear faisnéis trí idirghníomhaíochtaí le gnólachtaí, tomhaltóirí agus Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí, a mbíimid i gcónaí ag iarraidh dea-chaidreamh oibre a fhorbairt leo. In 2012, rinneamar staidéar, freisin, ar Scórchárta Iomaíochais na Comhairle Náisiúnta Iomaíochais, agus shainaithníomar limistéir ina bhféadfadh iomaíocht feidhmiú, ar nós seirbhísí neamhthrádálte agus bonneagar líonra mar chostais ionchuir leis an ngnólacht. Sainaithníodh 26 ábhar i dtosach báire ar an iomlán ar an mbealach seo.

Ansin chuireamar i bhfeidhm Prionsabail Roghnaithe Tionscadal agus Tosaíochta an Údaráis Iomaíochta chun na 26 ábhar ainmnithe a scagadh chuig na hearnálacha ab oiriúnaí le measúnú scóipe a dhéanamh orthu.

Measúnú Scóipe

Dheimhnigh an próiseas seo go raibh na trí ábhar ba mhó a cuireadh ar ghearrliosta, bheith oiriúnach le haghaidh “measúnú scóipe” in 2012 amhail: seirbhísí cuain, praghsáil miondíola cógais oidis d’othair phríobháideacha, agus tairiscint iomaíoch le haghaidh soláthar seirbhísí bus poiblí fóirdheontais. Bhí gach ceann de na trí ábhar ar a ndearnadh measúnú scóipe in 2012 mar ábhar go leor gearán leis an Údarás Iomaíochta.

Tar éis plé a bheith againn leis an DJEI, i Meitheamh 2012, d’ordaigh an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Richard Bruton, T.D. an tÚdarás chun tabhairt faoi staidéar ar earnáil na gcuanta in Éirinn.

Staidéar Margaidh 2013 - Cuanta

Measann an tÚdarás Iomaíochta gurbh ionann last-táille muirompartha in 2011 agus 84% de thrádáil na hÉireann i dtaobh méide agus 62% i dtaobh téarmaí. Braitheann go leor d’earnálacha móra easpórtála na hÉireann – mar shampla, cógaisíocht, ceimiceáin agus bia – go mór ar iompar mara. Mar gheall ar an mbrath seo, is tábhachtach a chinntiú go bhfuil iomaíocht in earnáil chuanta na hÉireann ag feidhmiú go maith mar gheall go gcuireann sé éifeachtúlacht agus cáilíocht seirbhíse chun cinn, ar príomhthosca iad araon in iomaíochas náisiúnta.

Tar eis tréimhse thosaigh thaighde agus teagmháil le páirtithe leasmhara, d’fhoilsiomar cáipéis chomhairliúcháin chuanta i ráithe 4 in 2012, agus ba é an cuspóir lenar bhain ná ár n-anailís a fhíorú agus limistéir lena bhfiosrú a shainaithint. Is ionann a leanas cuid dár réamhthorthaí san earnáil:

- Tá cuma theoranta ar an leibhéal iomaíocht idirchuain.

- Ar leibhéal idirchuain, tá ardleibhéal speisialtacht táirgí i measc mhórchuanta na hÉireann a d'fhéadfadh teorainn a leagan ar iomaíocht idir cuanta.
- Tá roinnt iomaíocht idirchuain ann i leith táirgí nideoige, agus i gcásanna ar leith, i leith lastais eile, tá an dealramh air, áfach, go bhfuil tromlach na gcuanta ag feidhmiú mar mhonaplachtaí nádúrtha.
- Maidir le hiomaíocht laistigh de na cuanta iad féin, d'fhéadfaí teorainn a leagan ar bhagairt na hiontrála nua mar gheall ar shocruithe léasa fhadtéarma i mBaile Átha Cliath.
- Tá an dealramh air go bhfuil srianta ar líon cuanta maidir le rochtain mhargaidh le haghaidh seirbhísí stíbheadóra.

Úsáidfear na torthaí ón gcomhairliúchán chun treo an staidéir iomláin mhargaidh a mhúnlú, a bheidh le foilsiú in 2013. Tabharfaidh an staidéar breac-chuntas ar conas a oibríonn iomaíocht san earnáil chuanta agus sainaitheoidh sé cén ghníomhaíochtaí, más ann dóibh in aon chor, ar cheart don Rialtas a ghlacadh lena chinntiú agus le feabhas a chur ar iomaíocht san earnáil chuanta.

Comhairle ar Reachtaíocht Bheartaithe, Rialacháin agus Saincheisteanna Iomaíochta

Is gnách go gcuireann srianta poiblí ar iomaíocht iallach ar thomhaltóirí níos mó a íoc ar sheirbhísí. Méadaíonn na srianta poiblí seo ar iomaíocht costais ionchuir ghnó, agus ní bhíonn gnólachtaí chomh hiomaíoch céanna dá bharr. Ligeann siad d'earnálacha cosanta an gheilleagair teacht i dtír ar earnálacha iomaíocha, agus chun táirgiúlacht agus borradh a laghdú sa gheilleagar ina iomláine. Is ionann toradh deiridh srianta poiblí agus cinn phríobháideacha – luach níos ísle ar airgead, rogha níos lú do thomhaltóirí agus costais níos airde do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí araon.

Bíonn níos lú roghanna ag tomhaltóirí agus ag gnólachtaí maidir le déileáil le srianta poiblí i gcomparáid le srianta príobháideacha, agus i ngeall air sin, baineann tábhacht níos mó leis go ndéantar iad a shainithint agus go mbíonn siad faoi thrácht.

Aighneachtaí

Tairiscint Iomaíoch le haghaidh Soláthar Seirbhísí Bus Phoiblí Fóirdheontais

Cuid thábhacht de bhonneagar tíre is ea líonra éifeachtúil iompair phoiblí sa príomhchathair. Cuireann sé le costas maireachtála agus le costais do thurasóirí. Féadfaidh sé cur go hindíreach leis an gcostas atá ar ghnó a dhéanamh sa príomhchathair. Is fiú machnamh a dhéanamh an bhféadfaimis tairiscint iomaíoch a dhéanamh le haghaidh seirbhís bus phoiblí chun an fóirdheontas substaintiúil a laghdú a íocaimid le Córas Iompair Éireann - gan méadú comhfhreagrach ar tháillí bus, go háirithe agus srianta leagtha ar an sparán poiblí faoi láthair.

Rinne an tÚdarás aighneacht le comhairliúchán poiblí an Údaráis Náisiúnta Iompair (NTA) ar "Chonarthaí Seirbhísí Bus Phoiblí 2014". Bhí sé ina argóint againn nach dócha go n-úsáidfí soláthraí seirbhíse bus monaplachta na bealaí is mó a oireann do riachtanais a gcustaiméirí agus gurb é is dóichí go mbeidh siad neamhéifeachtúil. Is gnách go n-eascraíonn líonra níos fearr, seirbhís níos fearr, agus praghsanna níos iomaíche as tairiscint iomaíoch seirbhísí bus. Féadtar pionós a ghearradh ar aon easpa feidhmíochta tríd an gconradh leis an NTA.

Thug an aighneacht breac-chuntas ar na tairbhí iomadúla lena mbaineann tairiscint iomaíoch a thabhairt isteach do sheirbhísí bus phoiblí fóirdheontais, a fhad agus atá an córas tairisceana iomaíoch dea-dheartha. Áirítear leis na sochair seo trí príomhchuspóir an NTA (i) cáilíocht fheabhsaithe seirbhíse, (ii) córas iompair níos comhtháite, agus (iii) luach níos fearr ar airgead na gcáiníocóirí. Leanfaidh an tÚdarás le habhcóideacht a

dhéanamh do thabhairt isteach tairiscint éifeachtach iomaíoch seirbhísí bus fóirdheonaithe, seachas an mhonaplacht a bhí ag Bus Éireann agus Bus Átha Cliath.

Na Dréacht-Rialacháin um Rialú Tógála (Leasú), 2012

Rinne an tÚdarás Iomaíochta aighneacht ar an Dréacht-Rialachán um Rialú Tógála (Leasú), 2012 leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Sonraíonn an rialachán beartaithe nach féidir ach le hAiltirí Cláraithe, Suirbhéirí Cláraithe Tógála agus Innealtóirí cairte oibreacha a imscrúdú agus a dheimhniú. Míníodh inár n-aighneacht, ó phrionsabail ghinearálta iomaíochta, nár cheart do reachtaíocht nua aon srianta gan ghá a leagan ar an dream daoine atá i dteideal seirbhís a thairiscint agus mhol siad gur cheart machnamh a dhéanamh, chomh maith, ar ghrúpaí eile ar féidir leo na leibhéil riachtanacha d'inniúlacht ghairmiúil a léiriú.

Is féidir teacht ar liosta iomlán na n-aighneachtaí a rinneadh le linn na bliana in ***Aguisín D.***

Comhairle a chur ar Ranna agus ar Ghníomhaireachtaí Rialtais

An Earnáil Dramhaíola

Baineann ríthábhacht le hiomaíocht a dhéantar a rialú go cuí san earnáil dramhaíola maidir le cabhrú le hÉireann cuspóirí comhshaoil a bhaint amach ar costas iomaíoch. Tháinig athrú suntasach ar an margadh bailithe dramhaíl tí tar éis gur fhág tromlach na n-údarás áitiúil an margadh faoi 2012. Tar gur sheol an tÚdarás Iomaíochta aighneacht chuig an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (DECLG) sa limistéar bailithe dramhaíl tí in 2011, rinne an tÚdarás teagmháil ghníomhach leis an DECLG in 2012 chun ár dtuairimí a chur in iúl faoi conas iomaíocht éifeachtach sa mhargadh bailithe dramhaíl tí a thabhairt isteach i mBeartas Náisiúnta Dramhaíola.

Ceanglaíonn beartas Bainistíochta Dramhaíola an Rialtais, a foilsíodh in Iúil 2012, ar an Údarás Iomaíochta chun maoirsiú leanúnach a choimeád ar bun ar mhargaí bailithe dramhaíl tí.

Seirbhísí Dlí

In 2012, leanamar le deiseanna a aimsiú chun an Bille um Rialú Seirbhísí Dlí a phlé, lena chinntiú go léiríonn an leagan deiridh dea-thoradh do thomhaltóirí.

Cuireann an Bille, a foilsíodh i nDeireadh Fómhair 2011, leis na moltaí a rinneamar inár dTuarascáil Aturnaetha agus Abhcóidí¹² agus le moltaí a rinne an Grúpa Oibre um Chostais Dlí.¹³ Ba é ár moladh ba thábhachtaí tabhairt isteach rialtóir neamhspleách – in ionad an chórais reatha de dhea-rialú ag Comhairle Bharra na hÉireann agus Dlí-Chumann na hÉireann. Bheadh seo ar aon dul le prionsabail um Rialú Níos Fearr agus dhéanfadh sé leasú in earnálacha eile a mhacasamhlú sa lucht dlí i dtíortha eile. Forálann an Bille bunú rialtóir nua an dá bhrainse den lucht dlí chun leas tomhaltóirí a chosaint agus a chur chun cinn.

Tháinig an tÚdarás os comhair Chomhchoiste an Oireachtais um Cheartas, Cosaint agus Comhionannas an 21 Márta 2012 chun plé a dhéanamh ar ár dtuairimí faoin mBille um Rialú Seirbhísí Dlí. Thacaigh an Cathaoirleach, Isolde Goggin tacaíocht ghinearálta an Údaráis leis an mBille agus leis an tionchar dearfach a chreidimid a bheidh aige ar thomhaltóirí. Mhol Isolde, go háirithe, an chaoi go dtairgeann an Bille go leor do thomhaltóirí i bhfoirm iomaíochta níos mó, trédhearcacht níos mó agus cosaint níos mó. Ina theannta sin, chuaigh Isolde i ngleic le roinnt limistéar den Bhille ina gcreidimid a

¹² Competition in Professional Services: Solicitors and Barristers, Nollaig 2006.

¹³ Tuarascáil an Ghrúpa Oibre um Chostais Dlí, Samhain 2005.

theastaíonn níos mó breithnithe agus díospóireachta ag an gCoiste, lena n-áirítear na buarthaí go bhféadfadh tograí lena mbaineann na costais bhreithiúnais réimse cúiseanna a chur ar fáil chun údar a thabhairt le méaduithe agus go bhféadfaidís cleachtais reatha chostas dlí a threisiú seachas iad a leasú.

Tar éis díospóireachtaí Chéim an Choiste, táthar ag súil leis go bhfoilseofar leasuithe ar an mBille go luath in 2013.

Dochtúirí Ginearálta

Thug an tAcht Sláinte (Soláthar Seirbhísí Dochtúra Ghinearálta), a tháinig i bhfeidhm i Márta 2012, éifeacht le go leor de na príomh-mholtaí inár dTuarascáil 2010.¹⁴ D'oscail an tAcht rochtain ar chonarthaí Stáit (GMS) do gach LG láncháilithe. Faoi dheireadh Mheán Fómhair 2012, bronnadh conradh nua GMS ar 78 LG agus bhí breis agus 40 iarratas á bpróiseáil. Rinneadh na conarthaí nua a fhairsingiú ar fud na tíre.

D'fhorbair Coláiste Liachleachtóirí na hÉireann (ICGP) bealach eile chun clárú LG speisialtóra a dhéanamh le haghaidh dochtúirí a bhfuil taithí acu i gcleachtas ginearálta ach nach bhfuil i dteideal bheith cuimsithe ar chlár speisialtóra Chomhairle na nDochtúirí Leighis. Cuirtear bac ar na dochtúirí sin ó chonradh GMS a shealbhú. Tá an próiseas iarratais don Bhealach Eile chuig Ballraíocht an ICGP le hoscailt go luath in 2013. Creidtear go mbeidh thart ar 250 i dteideal páirt a ghlacadh sa chlár nua seo.

Pleanáil Miondíola

I mBealtaine 2012, d'fhoilsigh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Phil Hogan, T.D. Treoirínite nua maidir le Pleanáil Miondíola a chuir i bhfeidhm tromlach mholtaí an Údaráis a rinneadh sa Tuarascáil um Monatóireacht ar Ghrósaeireacht¹⁵. Ar bhonn níos ginearálta, léiríonn an friotal agus na forálacha ar fud na dTreoirínite níos fearr tairbhí na hiomaíochta agus leas tomhaltóirí i bhforbairt miondíola.

Is é cuspóir na dTreoirínite nua maidir le Pleanáil Miondíola:

- Bacainní ar iontráil sa mhargadh miondíola a laghdú
- Rogha na n-asraonta le haghaidh tomhaltóirí a fhairsingiú
- Soláthar leordhóthanach spáis a chinntiú do gach forbairt miondíola
- A chinntiú go dtugtar níos mó airde i mbeartais pleanála miondíola do mheonta agus roghanna tomhaltóra
- Próiseas níos tapúla agus níos fusa a dhéanamh den phróiseas pleanála
- A chinntiú nach mbíonn an córas pleanála i bhfabhar go héagórach, a thuilleadh, miondíoltóirí reatha i gceantar thar mhiondíoltóirí nua ach go ndéanann sé breithniú ar thionchar an mhiondíoltóra nua ar bheogacht lár ar bhaile nó láir na dúiche ina n-iomláine, ina ionad sin

Le chéile, feabhsóidh na hathruithe seo iomaíocht san earnáil mhiondíola.

Níor cuireadh moladh amháin den *Tuarascáil Phleanála Miondíol Grósaeireachta* – chun caidhpeanna brait ar mhéid siopaí miondíola sna Treoirínite nua. Ina ionad sin, beartaíonn siad chun sraith éagsúil caidhpeanna a úsáid seachas na caidhpeanna reatha. Ar an ábhar sin, ní dócha go dtabharfar faoi deara in Éirinn leithéid na miondíoltóirí lascaine mórmhéide a fheictear i dtíortha eile mar aon leis na praghsanna níos ísle a ghabhann leo.

¹⁴ Competition in Professional Services: General Medical Practitioners, an tÚdarás Iomaíochta, 2010.

¹⁵ <http://www.tca.ie/EN/Promoting-Competitio/Market-Studies/Grocery-Monitor-Project.aspx>

Ar an iomlán, creidimid go gcruthaíonn na Treoirí nua nuafhoilsithe cothromaíocht níos fearr idir a gcuspóirí éagsúla agus go dtacóidh siad le beogacht, beogacht agus le hiomaíochas láir chathrach agus bhaile.

Comhairle ar Reachtaíocht Bheartaithe, Rialacháin agus Iomaíocht

Uisce

Lean pleanáil ar siúl in Éirinn do mhórleasú soláthar uisce in 2012. Tugann Clár an Rialtais faoi chruthú, Irish Water, comhlacht Stáit a ghlacfaidh ceannas ar na cláir infheistíochta agus chothabhála uisce ó na 34 comhairle cathrach agus baile. Laistigh den chomhthéacs seo, lorg an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil in Eanáir 2012 tuairimí maidir le forbairt straitéise um chur i bhfeidhm le haghaidh fónas uisce phoiblí agus an chuir chuige bheartaithe maidir le cistiú seirbhísí uisce amach anseo. Rinneamar aighneacht le comhairliúchán poiblí an DECLG ar leasú na hearnála uisce.

I ndiaidh measúnú neamhspleách ar an margadh a rinne PricewaterhouseCoopers (PWC), rinne an Rialtas an cinneadh chun monaplacht fónais uisce phoiblí, Irish Water a bhunú. Mhol PWC nár cheart a mheas gur tosaíocht, ag an tráth seo, tabhairt isteach iomaíochta, ach a luaithe a bheidh bunú maith faoi Irish Water mar fhóntas féinchistithe, ba cheart scrúdú a dhéanamh ar thaithí idirnáisiúnta fheidhm na hiomaíochta i seirbhísí uisce agus séarachais féachaint an bhféadfadh nó nach bhféadfadh Éire tairbhe a bhaint ó mhargaí iomaíocha ag tráth níos déanaí.

Ó pheirspictíocht iomaíochta, ní toradh idéalach seo. Ar a shon sin, agus aird ar shaintréithe ar leith an tslabhra soláthair uisce agus na dúshlán atá roimh an earnáil uisce in Éirinn, chomhaontaíomar, inár n-aighneacht le hanailís PWC gur seo an tsamhail is indéanta sa ghearrthéarma. Is é is dóichí go mbeidh fóntas poiblí ar an mbealach is fearr le gach a dteastaíonn a chur i bhfeidhm ionas gurb ann do mhargadh feidhmiúil uisce (i.e. méadair uisce a shuiteáil, aistriú foirne ó údaráis áitiúla, infheistíocht i mbonneagar uisce etc).

A luaithe a bheidh an struchtúr nua seo i bhfeidhm, creidimid go bhféadfadh tabhairt isteach, san áit ar féidir, breis feabhais a chur ar sheachadadh agus éifeachtúlacht ár seirbhísí uisce. Leag ár n-aighneacht béim air go bhfuil sé tábhachtach gan an chuideachta nua uisce monaplachta a chruthú agus bheith ag súil leis go leanfaí leis an tsamhail sin feasta.

Bheadh sé ina chabhair cuspóirí meántearma agus fadtearma a leagan amach lena mbaineann iomaíocht fheabhsaithe chun bainistíocht a dhéanamh ar na hionchais siúd. Ina theannta sin, chinnteodh a leithéid de threoirphlean do theaghlach agus do ghnóilachtaí go mbeidh an praghas a ghearrtar iomaíoch nuair a ghearrtar costas iomlán an uisce orthu, faoi mar is gá faoi Threoracha an AE.

Talmhaíocht

Tagann roinnt dúshlán chun solais le blianta beaga anuas agus iomaíocht á cothú sna margáil le haghaidh táirgí talmhaíochta san Eoraip. Ina dtuarascáil an 15 Iúil 2010, mhol an Grúpa Ardleibhéil ar Bhainne (HLG) go ndéanfadh an Coimisiún Eorpach breithniú ar thogra reachtúil chun ligean d'eagraíochtaí táirgeoirí feirmeacha déirí téarmaí conartha a phlé, lena n-áirítear an praghas, comhbhreithniú a dhéanamh i gcás cuid iomlán de tháirgeadh a gcomhaltaí ag a bhfuil feirmeacha déiríochta, faoi réir teorainn cainníochtúil a léirítear mar chéatadán de tháirgeadh bainne an AE. Níor léirigh an moladh seo an tuairim chomhaontach a léirigh údaráis iomaíochta na mBallstát laistigh den HLG, a thug tréanrabadh i leith aon togra reachtúil a chuirfeadh ar chumas feirmeacha déiríochta comhshocrú a dhéanamh ar phraghsanna gan na teorainneacha cuí.

Ina theannta sin, thug leasú leanúnach an Chomhbheartais Talmhaíochta (CAP) líon saincheisteanna do chur i bhfeidhm éifeachtach na rialacha iomaíochta. Lorgaíonn líon tograí, go háirithe iad siúd de chuid Pharlaimint na hEorpa, eisiámh mórscála chur i bhfeidhm rialacha iomaíochta san earnáil. Bhí Iomaíocht DG, ar thacaigh na húdaráis náisiúnta iomaíochta léi, ina glór rabhadh i leith aon díolúintí den sórt sin. Luaigh cinn

na n-údarás iomaíochta Eorpach, i gcomhréiteach a eisíodh an 19 Nollaig 2012, go gcuirfeadh an t-eisiamh sin moill ar oiriúnú na hearnála atá an-inmhianaithe, atá thíos le hiomaíocht shuntasach ó tháirgeoirí lasmuigh den Eoraip. Ina theannta sin, thug an réiteach chun solais go bhféadfadh na díolúintí sin roinnt cuspóirí CAP a chur i mbaol trí chosc a chur le gnóthachain i dtáirgiúlacht, éagobhsaíocht margaidé agus praghsanna a ardú do thomhaltóirí, ar shaincheist an-íogair é seo ag tráth nuair atá ioncaim indiúscartha á mbrú ar fud na hEorpa. Ina theannta sin, d'fhéadfadh a leithéid de chur chuige inmharthanacht na hearnála iomláine a chur i mbaol san fhadtárma.

Bhí líon cruinnithe ag an Údarás le hionadaithe ón Roinn Talmhaíochta chun plé a dhéanamh ar na forbairtí seo, agus go háirithe, ar na himpleachtaí a d'fhéadfadh bheith acu d'earnáil talmhaíochta na hÉireann. Ina theannta sin, bhí cruinnithe againn le húdaráis iomaíochta eile ar an tsaincheist seo faoi choimirce an Líonra Iomaíochta Eorpaigh.

Baincéireacht

Ó thús na géarchéime airgeadais in 2008, ní tosaíocht chomh ard sin an iomaíocht i gcomparáid leis an ngá le cobhsaíocht airgeadais a bhaint amach. Bhí an tÚdarás Iomaíochta bainteach, áfach in iarrachtaí chun na tairbhí níos fadtárma a chur chun cinn is féidir le hearnáil iomaíoch bhaincéireachta faoi dhea-rialú a chruthú don gheilleagar níos fairsinge.

Mar chuid den chlár arna chomhaontú idir Troika agus údaráis na hÉireann, thug Éire gealltanas chun tabhairt faoi líon bearta le hiomaíocht a aisghabháil agus le feabhas a chur ar chosaint tomhaltóirí in earnáil na seirbhísí airgeadais.

Glacann an tÚdarás páirt i ngrúpa stiúrtha, i bpáirt le hionadaithe sinsearach na Roinne Airgeadais, Bhanc Ceannais na hÉireann agus na Gníomhaireachta Náisiúnta do Thomhaltóirí, a dhéanfaidh athbhreithniú agus tuairisciú ar bhonn bliantúil ar dhul chun maidir le bearta a chur i bhfeidhm chun feabhas a chur ar iomaíocht i measc na mbanc.

I measc na mbeart le feabhas a chur ar iomaíocht bhí an Cód athbhreithnithe Cosanta do Thomhaltóirí a tháinig i bhfeidhm in 2012. Leagtar amach ann seo na prionsabail agus na rialach nach mór do sheirbhísí airgeadais leanúint nuair a chuireann siad táirgí agus seirbhísí airgeadais ar fáil don phobal.

In 2012, rinne an tÚdarás aighneacht do chomhairliúchán an Bhainc Cheannais ar oibriú an chóid aistriú tomhaltóirí. Is fearr a oibríonn iomaíocht nuair a chuardaíonn tomhaltóirí go gníomhach tairiscintí níos fearr agus nuair a dhéanann siad roghanna feasacha chun luach ar airgead a bhaint amach. Ba cheart go ndéanadh bagairt inchreidte ar féidir le dóthain tomhaltóirí aistriú, bainc a dhreasú chun an leibhéal inmhianaithe seirbhíse a thairiscint ar costas réasúnta. Luamar gur cheart don Bhanc Ceannais breis scrúdú a dhéanamh ar cén fáth nach n-aistríonn ach líon fíor-bheag tomhaltóirí bainc. Rinneamar tagairt do líon staidéar a leagann béim ar fheidhm an bheartais phoiblí maidir le gníomhaíochtaí a dhíspreagadh a ardaíonn costais aistriú, ar nós táillí briste agus "scéimeanna dílseachta" faoi mar a thugtar orthu. Ba cheart go spreagadh beartas poiblí, ina ionad sin, gníomhaíochtaí a laghdaíonn costais aistriú, ar nós uirlisí comparáide praghaís agus faisnéis níos soiléire ar tháille idirbhirt.

Beidh Clárlann iontaofa chuimsitheach Chlár Creidmheasa Lárnaigh (CCR) a bhunú ina bhfuil faisnéis faoi chreidmheas mar chéim eile thábhachtach i dtreo tírdhreach níos iomaíche baincéireachta. Ba cheart go dtacódh seo leis na débheartais lena mbaineann cobhsaíocht airgeadais an chórais airgeadais a dhaingniú ina iomláine mar aon le hiomaíocht a spreagadh idir institiúidí creidmheasa i gcomhthráth.

Ba cheart go bhfeidhmeodh cumas na n-údarás rialála monatóireacht níos dlúithe a dhéanamh ar mhéid agus ar cháilíocht na hiasachta faoina bhfuiltear ag tabhairt sa gheilleagar mar uirlis áisiúil chun cobhsaíocht airgeadais a chosaint. Baineann rithábhacht le monatóireacht ar fud an chórais don Bhanc Ceannais chun an líon iomlán nochna iasachtaí a chainníochtú.

Fuinneamh

Tháinig laghdú ar líon na gcuideachtaí a bhí gníomhach san earnáil fuinnimh in 2012, tráth a rinne líon cumasc agus éadálacha dul chun cinn i dtreo tiúchan níos fearr. Fad a rinne ár Rannán Cumasc measúnú ar líon éadálacha, ghlac ár Rannán Abhcóideachta páirt i líon comhairliúcháin phoiblí ar thodhchaí bheartas fuinnimh na hÉireann.

I measc na rudaí ba mhó suntas, foilsíodh athbhreithniú ar bheartas fuinnimh na hÉireann de chuid na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta Fuinnimh (IEA) in 2012. Dúirt an IEA go mbeadh ar Éirinn réimse tionscadail mhóra bhonneagair a fhorbairt d'fhonn spriocanna uailmhianacha in-athnuaite a bhaint amach agus feabhas a chur ar ár leibhéal de shlándáil fuinnimh.

Tá Éire ag brath ar bhreoslaí iompórtáilte dá riachtanais fuinnimh agus ní dócha go n-athróidh an cás go luath amach anseo. Mar gheilleagar beag oscailte ach le roinnt bheag acmhainní forbartha dúchasacha nádúrtha, is glacadóir praghsanna í Éire nach bhfuil aon smacht aici ar phraghas ola agus gás a dhéantar a thrádáil go hidirnáisiúnta.

Is ard go fóill do phraghsanna leictreachais na hÉireann de réir caighdeán idirnáisiúnta. Beidh costas na líonraí leictreachais agus gás ina ghné méadaitheach de bhíllí fuinnimh thomhaltóirí sna blianta amach romhainn de réir mar a bheidh an costas atá ar leictreachas a nascadh agus a iompar ó fheirmeacha gaoithe i gceantair iargúlta iarthar na tíre go dtí na hionaid éilimh in iarthar na tíre le sonrú. Beidh praghaslipéad sách ard ar fhorbairt foinsí in-athnuaite fuinnimh agus is iad tomhaltóirí, go héifeachtach, a íocfaidh as.

Baineann rí-thábhacht leis maidir le hiomaíochas foriomlán na hÉireann, ar an ábhar sin, go bhforbraimid bonneagar fuinnimh costéifeachtúil. Beidh feidhm lárnach ag iomaíocht idir soláthraithe bonneagair lena chinntiú go seachadtar na tionscadail chaipitiúla go tráthúil agus gan an buiséad a shárú.

Ina theannta sin, rinneamar aighneacht le comhairliúchán an Choimisiúin um Rialáil Fuinnimh (CER) ar mhonatóireacht a dhéanamh ar an margadh leictreachas miondíola. Cé go ndearnadh praghsanna leictreachas miondíola a dhírialú go hiomlán, is gné lárnach monatóireacht margaidh de gach córas rialaithe leictreachais agus aird ar shoghábháil margaí leictreachais i leith mí-úsáid cumhacht mhargaidh.

I dtimpeallacht dhírialaithe mhargaidh, ba cheart go ndíreodh monatóireacht margaidh ar shásamh tomhaltóirí i dtaobh luacha agus rogha seachas ach bearta statacha de thiúchan mar bhealach chun measúnú a dhéanamh ar conas atá iomaíocht ag oibriú do thomhaltóirí.

Moltaí ó Thuarascálacha Roimhe Seo

Déanann an tÚdarás abhcóideacht leanúnach do chur i bhfeidhm moltaí a rinneamar roimhe seo i dtuarascálacha staidéir ar an margadh. Déanaimid seo trí fheasacht phoiblí a chruthú agus tabhairt faoi dhíospóireacht phoiblí. Cuirimid moltaí ar fáil don lucht déanta cinntí maidir leis na tairbhí a chruthóidh ár moltaí do thomhaltóirí agus gnólachtaí.

Faoi Mhárta 2012, rinne an Rialtas cinntí ar 173 moladh a rinneadh idir 2002 agus 2010.

Rangaigh an Rialtas na moltaí seo mar seo a leanas:

- 97 "arna gcur i bhfeidhm" (56%)
- 35 "arna bhfágáil ar lár mar gheall ar imeachtaí nó beartais eile" (20%)
- 9 "arna ndiúltú" (5.5%)
- 25 "arna nglacadh ach nár cuireadh i bhfeidhm iad go fóill" (15%)

- 7 "á mbreithniú" (3.5%)

Is éard atá fanta sa chatagóir "arna nglacadh ach nár cuireadh i bhfeidhm go fóill", go príomha atá sa Bhille Seirbhísí Dí agus sa chatagóir "á mbreithniú" ár moltaí d'fhiaclóirí.

Tiomantas an Rialtais

D'fhógair an Rialtas, maidir leis na moltaí a dhéanfaidh an tÚdarás Iomaíochta i staidéir mhargaidh amach anseo, tabharfaidh an tAire leis an bhfreagracht chuí bheartais do na moltaí siúd, laistigh de naoi mí ó thuairisciú na tuarascála, tuarascáil a thabhairt chuig an Rialtas ina dtugtar a staid maidir le cur i bhfeidhm na moltaí.

Anuas air sin, rinneadh an cinneadh gur cheart monatóireacht a dhéanamh, sa chás gurb ann d'aon mholtaí amuigh nó aon mholtaí amach anseo a rinne nó a dhéanfaidh an tÚdarás a bhaineann leis an *bPlean Gníomhaíochta le haghaidh Post* a seoladh le déanaí, ar a gcur i bhfeidhm sa chomhthéacs sin.

Limistéir Eile Chomhairle

Anuas ar na príomlimistéir oibre ar a dtugtar breac-chuntas thuas, chuamar i dteagmháil le Ranna Rialtais agus le comhlachtaí poiblí in 2012 ar réimse saincheisteanna beartais eile. Tugtar achoimre orthu seo i dTábla 5 thíos.

Tábla 5: Comhairle a cuireadh ar Ranna Rialtais agus ar Chomhlachtaí Poiblí in 2012

| Roinn/Comhlacht Poiblí | Ábhar |
|---|---|
| An Banc Ceannais | Cosaint tomhaltóirí |
| | Aistriú tomhaltóirí |
| CER | Monatóireacht a dhéanamh ar an margadh leictreachas miondíola |
| Forfás | Staidéar Forfás ar rialtóirí geilleagracha |
| NAMA | Morgáistí íocaíochta iarchurtha |
| NTA | Conarthaí bus |
| | Caighdeáin feithiclí |
| An Roinn Talmhaíochta | Beartas talmhaíochta an AE |
| | Leasú CAP |
| An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha | Nósanna imeachta cumaisc i ndíol sócmhainní Stáit |
| An Roinn Comhshaoil | Beartas uisce |
| | Táillí ar bhailiú araidí |
| | Beartas dramhaíola |
| | Rialacháin um rialú tógála |
| An Roinn Airgeadais | Ról agus obair an Údaráis Iomaíochta |
| An Roinn Sláinte | Dlí agus beartas iomaíochta |

| | |
|--|---|
| | An Bille Sláinte (Praghsáil agus Soláthar Earraí Leighis), 2012 |
| An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta | Ceadúnú cearrbhachais agus crannchur |
| | Cód cleachtais miondíola |
| An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | Soláthar poiblí |
| | Ról agus obair an Údaráis Iomaíochta |
| An Roinn Iompair | Staidéar na gcuanta |
| | Rialú clampáil feithiclí |
| Grúpaí/Coistí Oibre | An Foghrúpa um Rialú Gnó Soláthair Phoiblí |
| | An Grúpa um Athbhreithniú Tacsaithe |
| | Ceangaltais Earnála BaincÉireachta |

Feasacht a Mhúscailt

Is é ceann dár bpríomhchuspóirí, a leagtar amach san Acht Iomaíochta agus a shainaithnítear inár Ráiteas reatha Straitéise, chun feasacht a mhúscailt ar thairbhí na hiomaíochta, saincheisteanna dlí agus bheartas na hiomaíochta agus ar ról agus ar obair an Údaráis Iomaíochta. Is iad an spríodhream ar a ndírítear na teachtaireachtaí seo:

- tomhaltóirí agus an pobal i gcoitinne
- gnólachtaí
- an lucht déanta beartas

Trí dhul i dteagmháil leis na grúpaí seo, tá súil againn cabhrú le daoine tuiscint a bheith acu

- ar cén fáth go gcruthaíonn margaí iomaíocha tairbhí don gheilleagar,
- conas is féidir le hiomaíocht cabhrú le téarnamh gheilleagrach na hÉireann,
- conas is féidir leis an dlí iomaíochta cabhrú le gnólachtaí,
- conas is féidir leo cinntiú go gcomhlíonann siad dlíthe na hiomaíochta, agus
- go dtéann iomaíochta chun sochair cách.

Ina theannta sin, músclaímid feasacht trí bhealaí eile, trí dhul i dteagmháil le comhlachtaí, institiúidí oideachais agus na meáin eile, d'fhonn iarracht a dhéanamh próifíl an Údaráis a ardú. Cuirimid agallaimh ar bun go minic, scríobhaimid ailt go rialta agus cuirimid cur i láthair ar bun do réimse fairsing daoine. Is féidir teacht ar shamplaí de seo in **Aguisíní E agus F**.

Oideachas agus For-Rochtain

In 2012, thug an tÚdarás faoi líon tionscnamh a bhí dírithe ar theagmháil shonrach a dhéanamh leis an bpobal gnólachtaí agus leis an earnáil phoiblí.

SMEanna

I rith na bliana, chuireamar leabhrán nua gnó i dtoll a chéile a bhí dírithe ar an earnáil Fiontar Beag agus Meánmhéide ar ar tugadh “Your Business and Competition Law – How it helps you and what you need to know”. Cuimsítear sa leabhrán faisnéis áisiúil ar chabhrú le gnólachtaí iompar frithiomaíoch a aithint, a chinntiú nach ndéantar íospartach díobh agus go gcomhlíonann a ngnólacht an dlí. Aithnímid go bhfuil na gnólachtaí nuathionscanta agus na gnólachtaí beaga agus meánmhéide fíor-ghnóthach agus gur dóibh bheith ar an eolas ar na rialacháin agus na dlíthe éagsúla, ar nós dlí na gcuideachtaí, dlí fostaíochta, dlí sláinte agus sábháilteachta, mar aon le dlí na hiomaíochta. Agus ár leabhrán nua do SMEanna againn, chuaigh an tÚdarás i dteagmháil leis an bpobal gnó agus d’fhreastail siad ar líon imeachtaí agus thug siad roinnt cur i láthair sa dara leath den bhliain le hiarracht a dhéanamh an fhaisnéis seo a thabhairt do ghnólachtaí agus iad ag súil leis go mbeadh sé ní b’fhusa gnó a thosú nó leanúint le gnó a dhéanamh in Éirinn.

Cuimsítear i dTábla 6 liosta imeachtaí ar ar fhreastail an tÚdarás in 2012 agus sprioc á déanamh den phobal gnó. Ag cur leis an dul chun cinn seo, leanfaidh an ghníomhaíocht seo ar aghaidh in 2013.

Tábla 6: Imeachtaí gnó ar ar fhreastail an tÚdarás in 2012

| Imeacht | Dáta |
|---|---------------------------|
| Comhdháil Chumann na nGnóthas Beag, Cúirt Berkeley | An 20 Meitheamh |
| An Seimineár ‘Mná sa Ghnó’, Taispeántas ‘Girls Day Out’, an RDS | An 24 Lúnasa |
| An Taispeántas ‘Ready Steady Go’, an RDS | An 3 Deireadh Fómhair |
| Cruinniú Mullaigh maidir le Gnólachtaí Nuathionscanta an Sunday Business Post, an RDS | An 3 Deireadh Fómhair |
| Seisiún Faisnéis Gnó an ISME, Óstán an Red Cow | An 16 Deireadh Fómhair |
| Lá Náisiúnta Fhiontar na mBan, Port Laoise | An 17/18 Deireadh Fómhair |
| ‘Taking Care of Business’, Óstán Maldron, Tamhlacht | An 23 Deireadh Fómhair |
| Comhdháil Bhliantúil an ISME, an RDS | An 9 Samhain |
| Taispeántas Fiontair Thuaisceart Bhaile Átha Cliath, Óstán Regency | An 15 Samhain |

Comhthionscnaimh le Comhlachtaí Rialála Eile

Tháinig líon gníomhaireachtaí faoin Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta le chéile in 2012 ar thionscnamh nua a bhí dírithe ar chabhrú le gnólachtaí beaga agus meánmhéide. Is éard a bhíonn i gceist ná go n-oibríonn na gníomhaireachtaí rialála laistigh den Roinn le chéile chun comhimeachtaí agus comhchumarsáid a chur ar bun don phobal gnó agus é ina chuspóir go mbeadh sé ní b'fhusa gnó a thosú agus a dhéanamh in Éirinn.

Ba iad an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta a chur an chéad imeacht, 'Taking Care of Business', ar bun, a bhí ar siúl i nDeireadh Fómhair. Chuir roinnt gníomhaireachtaí, sinn féin san áireamh, seastáin taispeántais suas ag an imeacht. In 2013, tá sé beartaithe againn níos mó imeachta a dhéanamh le chéile, lena n-áirítear taispeántas agus comhdháil thábhachtach, a bheidh curtha ar bun ag na gníomhaireachtaí go léir.

An Earnáil Phoiblí

I ráithe 4 de 2012, chuaigh an tÚdarás i dteagmháil le breis agus 130 Roinn Rialtais agus comhlacht den earnáil phoiblí, agus ár leabhráin faisnéise á dtabhairt isteach againn chun casadh leis an bhfoireann chuí nó chun cur i láthair a dhéanamh go ginearálta faoi cé sinn féin, céard a dhéanaimid agus roinnt teachtaireachtaí níos sonraí lena mbaineann soláthar poiblí agus bheith ag faire amach le haghaidh camastaíl tairiscintí, sa chás cuí. Bhí freagairt an-mhaith ann i leith na gníomhaíochta for-rochtana seo agus bhí roinnt cruinnithe againn i dtreo dheireadh na bliana agus isteach in 2013. Arís eile, tá súil againn cur leis an obair seo in 2013 agus leanúint le casadh lenár gcomhghleacaithe san earnáil phoiblí chun cabhrú le feasacht a mhúscailt ar thairbhí na hiomaíochta.

15ú Fóram na hÉireann um Dhlí na hEorpa

Comhdháil bhliantúil lae atá i bhFóram na hÉireann um Dhlí na hEorpa a reáchtáilann Scoil Dlí UCD. In 2012, bhí an chomhdháil ar bun i gcomhar leis an Údarás Iomaíochta ar théama fhorfheidhmiú dhlí na hiomaíochta. D'fhiosraigh an chomhdháil ceist an fhorfheidhmithe sa limistéar iomaíochta agus plé a dhéanamh ar an bhfoireann uirlis de mheicníochtaí forfheidhmithe atá ar fáil ar fud limistéir an fhorfheidhmithe phríobháidigh agus poiblí, agus ghníomhartha sibhialta agus coiriúla. Ba é údar an phlé breithniú a dhéanamh ar bhuarthaí comhlántacha bactha agus comhlíonta.

I measc na gcainteoirí bhí: Isolde Goggin, Cathaoirleach an Údaráis; Morten Hviid, Stiúrthóir, an tIonad um Beartas Iomaíochta, Ollscoil Anglia Thoir; Frédéric Jenny, Cathaoirleach, Coiste Dhlí agus Bheartas na hIomaíochta, OECD; Cathal Guiomard, Coimisinéir um Rialú Eitlíochta; an Breitheamh Aindreas Ó Caoimh, Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh; Ewoud Sakkers, Ceanna Aonaid an ECN, Stiúrthóireacht Bheartais agus Straitéise, an Coimisiún Eorpach; Sebastian Peyer, an tIonad um Beartas Iomaíochta, Ollscoil Anglia Thoir; Niamh Hyland, BL; Gerald FitzGerald, Comhalta den Údarás; André Andeweg, Ceann an Aonaid Talmhaíochta, Tionscail agus Tionscal Tógála, Údarás Iomaíochta na hÍsiltíre; Don Baker, Baker and Miller PLLC; an tOllamh Colin Scott, Déin an Dlí agus Ollamh Rialú agus Rialachas an AE, UCD; Michael Collins, SC, Ollamh Taca Dlí, UCD; agus Imelda Maher MRIA, Ollamh Dhlí na hEorpa, Sutherland, Scoil Dlí UCD.



Ó chlé: Sebastian Peyer, Ewoud Sakkers, Imelda Maher, Frédéric Jenny, Isolde Goggin agus Colin Scott

Tá fáil ar thuilleadh faisnéise ar na cainteoirí, mar aon le clár an lae, urlabhair agus páipéir a tugadh agus níos mó grianghraf ar ár láithreán gréasáin (<http://www.tca.ie/EN/News--Publications/Conferences/14th-Annual-Irish-European-Law-Forum.aspx>)

Sraith Seimineár an Ollaimh Richard Whish

D'éagraigh an Rannán Straitéise dhá sheimineár ag an Ollamh Richard Whish in 2012. Ollamh le Dlí is ea Richard ag Ollscoil an Rí, Londain. D'fhreastail comhaltaí foirne an Údaráis, mar aon le hionadaithe ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí agus ComReg ar na seimineáir. Ag an gcéad seimineár, rinne an tOllamh Whish léargas ar fhorbairt a rinneadh le déanaí i limistéar an fhorfheidhmithe cairtéal a chur i láthair agus ag an dara himeacht, thug sé léargas ar fhorbairt i limistéir na mí-úsáide ceannasachta agus ar chleachtais agus nósanna imeachta.

Comhdháil Lae Iomaíochta agus Tomhaltóirí, 2013

Sa chéad leath de 2013, beidh Éire ina hóstach ar Uachtaránacht an AE. Is í an Chomhdháil Lae Iomaíochta agus Tomhaltóirí ceann de na himeachtaí a bheidh ar siúl mar chuid den Uachtaránacht. Tá comhóstáil á déanamh uirthi ag an Údarás Iomaíochta agus ag an nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí agus beidh sí ar siúl an 24 Bealtaine 2013 i gCaisleán Bhaile Átha Cliath.

Tabharfaidh an chomhdháil le chéile saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta i réimsí na cosanta do thomhaltóirí agus an bheartais iomaíochta lena n-eolas, a dtaithe agus a saineolas a roinnt ar na dúshláin agus na roghanna a bhí ag tomhaltóirí agus iad siúd atá freagrach as a leas, in áiteanna nua-aimseartha margaidh. Bhíomar ag oibriú ar ullmhúcháin le haghaidh na comhdhála sa dara leath de 2012, mar aon lenár gcomhghleacaithe san NCA, an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Oifig na nOibreacha Poiblí.

Údarás Réigiúnach na Teorann

Rinne an tÚdarás cur i láthair d'Údarás Réigiúnach na Teorann. Rinne an cur i láthair léargas a thabhairt ar fheidhm an Údaráis Iomaíochta agus ar an obair a rinneamar i limistéar na ndifríochtaí praghais le haghaidh earraí agus seirbhísí ar fud na teorann idir Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann.

An Earnáil Chúram Sláinte

Féadfaidh iomaíocht cur le torthaí níos fearr san earnáil chúram sláinte, cabhrú le rochtain níos fearr a sheachadadh do chúram ardchaighdeáin othar, nuálaíocht a chur chun cinn agus leithdháileadh éifeachtach agus éifeachtúil acmhainní ganna. Dhírigh líon cur i láthair in 2012 ar fheidhm na hiomaíochta i gcóras athraitheach cúram sláinte na hÉireann agus thug siad chun solais roinnt de na réamhriachtanais haghaidh iomaíocht éifeachtach:

"Breac-Chuntas ar Bheartas Iomaíochta in Éirinn", rinneadh breac-chuntas ginearálta ar bheartas iomaíochta in Éirinn a thabhairt do mhic léinn ag Coláiste Náisiúnta na hÉireann in Eanáir 2012.

"Intensification of competition in Primary Care under the EU/IMF Programme", an Fóram Sinsearach ar Iomaíocht i gCúram Sláinte, Baile Átha Cliath, Eanáir 2012.

"Ireland's Healthcare Reforms: Getting the Most from Competition", Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Meán Fómhair 2012.

"Universal Healthcare: Getting the Best from Competition", An Chomhdháil Náisiúnta Cúraim Phríomhúil, Corcaigh, Samhain 2012.

Tá fáil ar chóipeanna den chur i láthair thuas ar ár láithreán gréasáin ag <http://www.tca.ie/EN/Promoting-Competitio/Speeches--Presentations.aspx>.

Soláthar agus Iomaíocht Phoiblí

Le roinnt blianta anuas, bhí seó bóthair maidir le camastaíl tairiscintí á reáchtáil ag an Údarás. Tá seo dírithe ar fheasacht a ardú ar thábhacht na hiomaíochta i dtairiscint, agus camastaíl tairiscintí a sheachaint mar bhealach le calaois, dramhaíl agus caimiléireacht a sheachaint agus chun airgead a choigilt, go háirithe san earnáil poiblí. Fairsingíodh an ghníomhaíocht seo chun gníomhaíocht bhreise for-rochtana san earnáil poiblí a chuimsiú ar thugamar fúithi sa dara leath de 2012. Labhraíomar le líon Ranna Rialtais agus comhlachtaí poiblí faoi sholáthar poiblí agus an tAcht Iomaíochta. I measc an chuir i láthair seo bhí cur i láthair do gach duine de na hoifigigh sholáthair de na rialtais áitiúla ag cruinniú a bhí ar bun i dTeach an Rialtais Áitiúil i mBaile Átha Cliath. Leanadh leis seo athuair nuair a fuairamar líon iarratais aonair ón rialtas áitiúil ag iarraidh orainn teacht i láthair agus labhairt lena bhfoireann, agus léirigh seo meas ar thábhacht an phróisis iomaíoch i dtaobh tairiscint a dhéanamh do sheirbhísí poiblí.

5. OB AIR IDIRNÁISIÚNTA

Leanamar lenár n-oibleagáidí AE a chomhlíonadh agus ghlacamar páirt in eagraíochtaí idirnáisiúnta in 2012. Eascraíonn ár n-obair idirnáisiúnta go príomha ónár bhfeidhm maidir le dlí iomaíochta na hEorpa a fhorfheidhmiú, mar aon leis an gCoimisiún Eorpach agus gníomhaireachtaí iomaíochta i mBallstáit eile.

Sa mhullach air sin, is iad an tÚdarás a dhéanann ionadaíocht d'Éirinn ag cruinnithe an Choiste Iomaíochta agus na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD) agus glacann siad páirt i bhfóraim eile idirnáisiúnta mar bhealach chun dea-chleachtas a chur chun cinn laistigh den Údarás agus chun eolas ar shaincheisteanna iomaíochta a scaipeadh. Déanann an tÚdarás tuairimí ar shaincheisteanna iomaíochta a roinnt le gníomhaireachtaí iomaíochta eile.

An Coimisiún Eorpach

Freastalaíonn an tÚdarás ar Éisteachtaí ó Bhéil agus ar chruinnithe Choiste Comhairleach an Choimisiúin Eorpaigh ar son na hÉireann maidir le forfheidhmiú iomaíochta agus tionscnaimh ar dhlí agus ar bheartas na hiomaíochta. Sula nglacfar le cinneadh a aimseoidh sárú, mar shampla, nó glacadh le cinneadh chéim 2 maidir le cumasc a bheartaítear, ní mór don Choimisiún Éisteach ó Bhéil a chur ar siúl. Is amhlaidh atá seo chun deis a thabhairt do chosantóirí agus do thríú páirtithe leasmhara, nó do pháirtithe cumaisc chun a dtuairimí a chur in iúl. Ní mór don Choimisiún ansin dul i gcomhairle le Coiste Comhairleach, lena mbaineann gach Ballstát agus inar féidir leo a dtuairimí a chur in iúl.

Ina theannta sin, téann an Coimisiún i gcomhairle leis na Ballstáit ar chleachtas, treoir agus beartais agus reachtaíocht bheartaithe forfheidhmithe a bhaineann le dlí agus beartas iomaíochta an Chomhphobail. Déanaimid an fheidhm seo a chomhlíonadh trí fhreastal ar chruinnithe déanta cinntí agus eile, ar nós Coistí Comhairleacha agus Éisteachtaí ó Bhéil, agus cuirimid leo i scríbhinn agus ó bhéil agus déanaimid anailís cháis. Agus aird ar shrianta ar acmhainní, ní fhreastalaímid ar gach cruinniú ach dírimid ar na cásanna siúd ag a bhfuil tionchar (iarbhir nó féideartha) ar thomhaltóirí na hÉireann agus ar na cruinnithe ardleibhéil a spreagann cur i bhfeidhm comhsheasmhach agus éifeachtúil dhlí na hEorpa.

In 2012, d'fhreastalaíomar ar thrí Éisteacht ó Bhéil:

- Cáblaí Cumhachta – *Cás Uimh. COMP 36910*
- Feadáin Mhonatóra Teilifíse agus Ríomhaire – *Cás Uimh. COMP 39437*
- Feistis Leighis – *Cás Uimh. COMP M. 6266*

In 2012, lean Rannán na gCumasc dul chun cinn éisteachtaí an Choiste Chomhairligh maidir le ceithre chás um Athbhreithniú Cumaisc AE agus ghlac siad páirt iontu.

- Deutsche Börse / NYSE Euronext – *Cás Uimh. COMP M.6166*
- Johnson & Johnson / Synthes – *Cás Uimh. COMP M.6266*
- Universal Music / EMI Group – *Cás Uimh. COMP M.6458*
- Hutchison 3G Austria / Orange Austria – *Cás Uimh. COMP M.6497*

In 2012, lean Rannán na gCumasc dul chun cinn roinnt cásanna eile agus thug siad a dtuairimí don Choimisiún, nuair ba ghá. Ba é an cás ba shuntasá díobh seo athbhreithniú ar fhógra Ryanair/Aer Lingus (*Cás Uimh. COMP M.6663*) a bhí ar bun ag deireadh 2012.

Meitheal Oibre an AE maidir le Cumaisc

Bunaíodh Meitheal Oibre an AE maidir le Cumaisc in 2010 agus is é an cuspóir atá acu taithí a roinnt agus níos mó comhoibriú agus coinbhéirseachta a chothú idir gníomhaireachtaí náisiúnta iomaíochta i limistéar rialaithe cumaisc an AE.

In 2012, d'fhreastail an tÚdarás ar thrí chruinniú de chuid Mheitheal Oibre an AE maidir le Cumaisc. Roinn an Grúpa taithí maidir le sainiú margaidh, teicnící scagtha anailíseacha agus impiriúla agus cumaisc mhóra áitiúla. Ina theannta sin, shainaithin agus phléigh siad líon gnéithe substainteacha agus nós imeachta maidir le hatreoruithe iarfhógra agus réamhfhógra, agus díriú ar leith ar Airteagal 22 de Rialachán Cumasc CE.

An Líonra Eorpach um Iomaíocht

Tá ballraíocht ar an Líonra Eorpach um Iomaíochta (ECN) éigeantach le haghaidh údaráis iomaíochta náisiúnta Bhallstát agus don Choimisiún. Bunaíodh in 2004 iad chun comhoibriú a éascú maidir le cur i bhfeidhm comhsheasmhach rialacha iomaíochta an Chomhphobail trí shocruithe um roinnt faisnéise, cúnaimh agus comhairliúchán. Is é cuspóir an ECN ná creat éifeachtach dlí a thógáil chun dúshlán a chruthú do chuideachtaí atá i mbun cleachtais trasteorann a chuireann srian leis an iomaíocht agus a dhéanann dochar do leas tomhaltóirí.

In 2012, d'fhreastalaíomar ar dhá chineál cruinnithe ardleibhéil ghinearálta; cruinniú na nArd-Stiúrthóirí agus cruinnithe Iomlánacha an ECN. Ina theannta sin, bhíomar gníomhach sna Grúpaí Oibre agus sna Foghrúpaí Earnálacha a leanas:

- Comhoibriú idir Údaráis Iomaíochta
- TF Fóiréinseach
- Cairtéil
- Príomheacnamaithe
- Baincéireacht
- Seirbhísí Airgeadais
- Comhshaol
- Bia
- Seirbhísí Cógaisíochta agus Sláinte
- Iompar

Nuachtlitir an ENC agus Coimre an ECN

Déanann an ECN dhá cháipéis a chur i dtoll a chéile maidir le gníomhaíochtaí chomhaltaí an ECN.

Cáipéis rúnda inmheánach is ea *Nuachtlitir* an ECN ina dtugtar sonraí ar imscrúduithe, staidéar agus gníomhaíochtaí eile spéise a bhaineann leis an Líonra. Foilsíodh cúig eagrán de *Nuachtlitir* an ECN. Sheol an tÚdarás ceithre alt ar aghaidh chuig an *Nuachtlitir* in 2012.

Tugann *Coimre* an ECN faisnéis don phobal ar ghníomhaíochtaí chomhaltaí an ECN roinnt uaireanta sa bhliain. Chun féachaint ar iareagrán *Choimre* an ECN, téigh go dtí <http://ec.europa.eu/competition/ecn/brief/index.html>. Foilsíodh cúig eagrán de *Choimre* an ECN in 2012. Sheol an tÚdarás trí alt ar aghaidh chuig an *gCoimre* in 2012.

ICN

Tá an tÚdarás ina gcomhalta gníomhach den Líonra Idirnáisiúnta um Iomaíocht (ICN), agus glacann ionadaithe dá gcuid i gcúig ghrúpa oibre. Is iad siúd Éifeachtúlacht na Gníomhaireachta, Cairtéil, Cumaisc, Iompar Aontaobhach agus Abhcóideacht. Tugadh faoi go leor den obair trí ghlaonna comhdhála agus bhí líon seimineáir ghréasáin ar bun ar ábhair shonracha le linn na bliana.

Mar chuid d'obair an Rannáin Straitéise ar Chreatlach Éifeachtach um Sheachadadh Tionscadal don Údarás a fhorbairt, bhí dlúthbhaint ag an Rannán le hathbhreithniú a dhéanamh ar chaibidil nua de Leabhrán Éifeachtachta Gníomhaireacht an ICN ar Sheachadadh Éifeachtach Tionscadal agus mar chuid de sin, ghlac siad páirt i dtástáil feidhme na caibidle nua. Rinne beirt chomhaltaí foirne ionadaíocht don Údarás ag Comhdháil Bhliantúil 2012 an ICN in Rio de Janeiro agus d'fheidhmigh siad mar mhodhnóirí i seisiúin bhriste amach ar Sheachadadh Éifeachtach Tionscadal agus ar Bhainistíocht Éifeachtach Eolais.

Rinne beirt chomhaltaí den Rannán Cairtéil ionadaíocht don Údarás ag 9ú Ceadlann Bhliantúil Cairtéil an ICN i gCathair Panama, áit ar ghníomhaigh siad mar phainéalaithe i mionseisiún iomlánach ar Straitéisí Fiosraithe agus i seisiún briste amach ar Chuardaigh, Creacha agus Imscrúduithe. Bhí Údarás Iomaíochta Panama ina n-óstach ar an gCeadlann. Ba é téama Cheardlann na bliana seo "Forfheidhmiú Domhanda Cairtéil a Fheabhsú – Tógáil ar Bhunsraith Dhaingean". D'fhreastail thart ar 130 duine ar an gcomhdháil, a rinne ionadaíocht do 40 gníomhaireacht náisiúnta iomaíochta, an OECD, na NA, ionchúisitheoirí poiblí agus líon beag gníomhaireachtaí neamhrialtais. Áirítear ábhair eile phlé: clár éifeachtach trócaire/díolúine a dhréachtú, bailiú fianaise digití, tús a chur le cás cairtéil, teicnící agallaimh agus réiteach cásanna.

An OECD

Freastalaíonn an tÚdarás ar chruinnithe de chuid Choiste Eacnamaíochta an OECD, a deirtear atá mar phríomhfhoinsé an domhain le haghaidh comhairle agus anailís bheartais do rialtais ar conas is fearr fórsaí margaidh a úsáid ar mhaithe le héifeachtúlacht agus rachmas feabhsaithe domhanda geilleagrach. Is é an Coiste a thugann le chéile mórúdaráis iomaíochta an domhain, an príomhfhoram idirnáisiúnta ar shaincheisteanna tábhachtacha maidir le beartais iomaíochta.

In 2012, sheol an tÚdarás dréacht i scríbhinn chuig cruinniú comhchéime maidir le "Iomaíochta sna Seirbhísí Sláinte" agus "Sainiú Margaidh" a bhí ar siúl ag cruinnithe mhí Feabhra agus mhí an Mheitheamh, faoi seach. Tugann na ranníocaíochtaí seo breac-chuntas ar thairbhí an Údaráis sna limistéir seo¹⁶.

¹⁶ Féadtar ar chuir an tÚdarás le cruinnithe comhchéime an OECD a rochtain ag : <http://www.tca.ie/EN/About-Us/International-Work/OECD.aspx>

6. SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

Airgeadas

Tá cuntais airgeadais an Údaráis faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (C&AG). Mar gheall nach dócha go gcuirfear iniúchadh ar ár gcuntais le haghaidh 2012 i gcrích go dtí Meitheamh, agus gurb ann do spriocdháta reachtúil chun ár dtuarascáil bhliantúil a fhoilsiú faoi dheireadh Feabhra gach bliain, ní féidir dúinn ár gcuntais bhliantúla iniúchta a fhoilsiú inár dtuarascáil bhliantúil. Foilseoimid, áfach, ár gcuntais ar ár láithreán gréasáin a luaithe a chríochnaítear an t-iniúchadh.

B'ionann deontas an Údaráis ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta in 2012 agus €4,654,000, ar laghdú €446,000 é seo ar leithdháileadh bhuiséad 2011. Toradh ar €4,240,000 is ea an meastachán sealadach ar chaiteachas, atá beagán níos airde ná an caiteachas in 2011 - €134,000 níos airde. Mar thoradh go príomha ar chostais phá a bhí an méadú ar chaiteachas agus léirigh seo costais iomlána bhliana na gceithre phost Comhalta a bhí á líonadh den chéad uair le roinnt blianta anuas.

Bhí ioncam ó fhógraí cumaisc laghdaithe ó ioncam 2011. B'ionann an t-ioncam agus €256,000 i leith €320,000 sa bhliain roimhe mar gheall nár fógraíodh ach 33 cumasc don Údarás in 2012 (aistarraingíodh ceann amháin). Bhí táille €8,000 le híoc ar gach cumasc a fógraíodh don Údarás faoin Acht. Ní mór an t-ioncam a fhaighimid ó fhógraí cumaisc a íoc leis an Státchiste tríd an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

Ceanglaíonn an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, ar mhaith le trédhearcacht agus dea-rialachas, ba cheart go bhfoilseodh comhlachtaí Stáit sonraí faoi thuarastal a bPríomhfheidhmeannaigh ina dtuarascálacha. Cé nach bhfuil post sonrach Oifigeach Príomhfheidhmeannaigh ann san Údarás, measann siad go gcomhlíonann Cathaoirleach n Údaráis, Isolde Goggin, an fheidhm sin. Socraíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe tuarastal bliantúil an Chathaoirligh (€176,800) agus comhlíonann seo beartas pá an Rialtais agus is ionann seo agus luach saothair Leas-Ard-Rúnaí sna Státseirbhísí amhail a leagtar amach in Aguisín 1A de Chiorclán E107/22/06 na Roinne Airgeadais. Ní fhaigheann an Cathaoirleach aon bhónais nó aon luach saothair bhreise. Leagann an Rialtas tuarastail fhoireann uile an Údaráis agus ní foictar aon luach saothair bhreise nó aon liúntais speisialta.

Iniúchadh Inmheánach

Tá Coiste Iniúchta an Údaráis neamhspleách ón Údarás i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna agus níl siad faoi réir treorú nó rialú ó aon pháirtí eile. Tá triúr comhaltaí ar an gCoiste, comhaltaí seachtracha i leith an Údaráis iad beirt díobh. Déanann an tUasal Jim Bardon, duine de na comhaltaí seachtracha, cathaoirleacht ar an gcoiste, agus is í an tUasal Noreen Fahy ón bhForas Riaracháin an dara comhalta seachtrach. Is é an tUasal Gerard FitzGerald, Comhalta den Údarás, an tríú comhalta.

Chas Coiste Iniúchta an Údaráis ar a chéile cúig huair le linn 2012. I rith 2012, threoraigh an Coiste go dtabharfaí faoi líon iniúchtaí ar a son ag Capita Consulting, iniúcháirí inmheánacha an Údaráis. Cuimsigh na hiniúchtaí seo Acmhainní Daonna, Imscrúduithe Cairtéil agus Bainistíocht Cásanna, Rialuithe Inmheánacha Airgeadais agus Láimhseáil Gearán Cairtéil agus TFC mar aon le Slándáil Faisnéise Cruachóipe. Sa mhullach ar athbhreithniú a dhéanamh ar na tuarascálacha ar na hiniúchtaí seo, rinne an Coiste athbhreithniú ar dhul chun cinn ar chur i bhfeidhm aon mholtaí iniúchta nár cuireadh i bhfeidhm go dtí sin ó thuarascálacha iniúchta 2011.

Rinne an Coiste Iniúchta athbhreithniú ar Ráitis Airgeadais agus Cuntais an Údaráis le haghaidh 2011.

Saoráil Faisnéise

Fuair an tÚdarás Iomaíochta trí iarratas faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise in 2012 – bhí a chomhionann d'fhigiúr le sonrú in 2011. As na trí iarratas lenar déileáladh in 2012, ceadaíodh go hiomlán dhá cheann agus ceadaíodh go páirteach ceann eile. Bhain gach ceann de na hiarratais le gnó. D'íoc an tÚdarás na táillí ordaithe €45 ar an iomlán leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

Acmhainní Daonna

I dtuarascáil bhliantúil na bliana seo caite, thuairiscigh an tÚdarás gur leagadh teorainn ar leibhéal soláthar foirne an Údaráis chuig 39 post faoi Chreatlach Rialaithe Fostaíochta an Rialtais, i gcomparáid le 59 post ag an tráth a tugadh isteach an moratóir ar earcú chuig an tseirbhís poiblí i Márta 2009. Ag tús 2012, áfach, i gcomhthéacs Mheabhrán Tuisceana an AE/IMF, thug an Rialtas gealltanas go n-athbhreithneoidís leorgacht na leibhéal acmhainne san Údarás. An 25 Aibreán 2012, i gcúrsa dhíospóireacht Sheanad Chéim an Choiste ar an mBille Iomaíochta (Leasú), 2012, d'fhógair an tAire Stáit, Fergus O'Dowd, i ndiaidh an athbhreithnithe sin, d'fhaomh an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta deich bpost bhreise d'fheidhm forfheidhmithe an Údaráis Iomaíochta.

As na deich bpost, líonadh trí cinn, ceann amháin ar bhonn iasachta ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, ceann amháin ón bpainéal athfhostaíochta sa tseirbhís poiblí agus ceann amháin ag fostaí an Údaráis a d'fhill ó shaoire ghairme. I Méan Fómhair 2012, sheol an tSeirbhís Cheapachán Poiblí feachtas earcaíochta leis na seacht bpost a bhí fanta a líonadh agus tugadh faoi agallaimh i Samhain. Cé go bhfuil an próiseas earcaíochta sin ar bun go fóill, ní dhearnadh aon cheapacháin bhreise go dtí seo.

I dtéarmaí gluaiseachtaí foirne isteach agus amach ón Údarás, is dócha gurbh é 2012 an bhliain ba chiúine riamh anuas. Is léir go raibh impleachtaí ag an toirmeasc earcaíochta seirbhíse poiblí ar earcaíocht isteach chuig an Údarás agus chuig eagraíochtaí earnála poiblí eile. Bhí tionchar aige seo, mar aon leis an timpeallacht reatha gheilleagrach, ar shoghluasteacht go ginearálta laistigh de na hearnálacha poiblí agus príobháideacha. D'fhág comhalta foirne amháin, an tUasal Ibrahim Bah, fostaíocht an Údaráis ag deireadh 2012 le glacadh le post mar cheann ar Rannán Cumasc agus Éadálacha Choimisiún Iomaíochta na hAfraice Theas. D'fhág triúr comhaltaí foirne eile a bhí ar shaoirí gairme a bpoist in 2012 chun glacadh le deiseanna fostaíochta thar lear.

Ghlac an Údarás páirt i gclár JobBridge na Roinne Coimirce Sóisialaí i rith 2012, agus fostaíodh beirt faoin gclár.

Seirbhís do Chustaiméirí

Tá cairt i bhfeidhm ag an Údarás ar féidir í a rochtain ar ár láithreán gréasáin: <http://www.tca.ie/EN/Customer-Charter.aspx>. Inár gcairt, tá sé tiomanta againn chun cinntiú go dtugtar an leibhéal seirbhíse is airde agus is féidir agus déanaimid amhlaidh trí na caighdeáin seirbhíse a leagan amach ar cheart do dhuine súil a bheith acu leo uainn. Ina theannta sin, mínimid conas faisnéis a fháil uainn agus conas aiseolas a chur ar fáil dúinn ar an leibhéal seirbhíse a chuirtear ar fáil.

Cuimsítear sa chairt, chomh maith, gealltanas ar ár son chun tuairisciú gach bliain agus conas a bhaineamar amach na caighdeáin a leagamar amach. I dtéarmaí ár gcomhfhreagrais scríofa agus leictreonaigh, táimid tiomanta do gach comhfhreagras a aithint laistigh de thrí lá agus chun freagairt níos substaintiúla a eisiúint laistigh de chúig lá dhéag. De réir ár dtaifead, bheadh an dealramh air gur aithníodh 90% dár gcomhfhreagras laistigh den sprioc trí lá agus fuair 88% den chomhfhreagras a fuarthas freagairt níos substaintiúla laistigh den sprioc 15 lá. Ní chomh fusa céanna a dhéantar ar dtiomantais seirbhíse maidir le teagmhálaithe gutháin agus glaoiteoirí pearsanta chuig ár n-oifig a thomhas agus ar an ábhar sin, braithimid ar aiseolas ónár gcustaiméirí. Ní bhfuaireamar aon aiseolas ná gearáin agus cé nach léiriú críochnaitheach an easpa gearán i leith sásamh iomlán, is féidir linn a mheas go bhfuil ár dtiomantais a leagamar amach inár gcairt á mbaint amach againn go ginearálta.

A. COMHALTAÍ AN ÚDARÁIS IOMAÍOCHTA

Isolde Goggin

Cathaoirleach

Stiúrthóir an Rannáin Abhcóideachta, an Rannáin Seirbhísí Corparáideacha agus an Rannáin Straitéise



Stephen Calkins

Stiúrthóir Rannáin na gCumasc



Gerald FitzGerald

Stiúrthóir Rannán na Monaplachtaí



Patrick Kenny

Stiúrthóir Rannáin na gCairtéal



B. CUMAISIC AR TUGADH FÓGRAÍ FÚTHU DON ÚDARÁS IOMAÍOCHTA IN 2012

| Fógra | Earnáil Gheilleagrach | Dáta an Fhógra | Stádas |
|---|---|----------------|------------------------|
| M/12/033 – DCC / Kent | Déantúsaíocht agus soláthar cógaisíochta | 27/12/2012 | Réamhimscrúdú (Céim 1) |
| M/12/032 – Timac / Grassland Fertiliser | Soláthar mórdhíola leasacháin | 21/12/2012 | Réamhimscrúdú (céim 1) |
| M/12/031 – Top Snacks / KP Snacks | Sneoiceanna blasta | 18/12/2012 | Réamhimscrúdú (Céim 1) |
| M/12/030 – C&C / Gleeson | Dáileadh mórdhíola táirgí dí | 18/12/2012 | Réamhimscrúdú (céim 1) |
| M/12/029 – Endless / VION | Feirmeoireacht, marú, próiseáil, táirgeadh agus díol táirgí muiceola | 13/12/2012 | Ceadaithe (Céim 1) |
| M/12/028 – Blackstone / Intertrust | Bainisteoir domhanda eile sócmhainní is iad Blackstone mar aon le soláthraí seirbhísí comhairleacha airgeadais Cuireann Intertrust seirbhísí riaracháin chorparáidigh ar fáil | 13/12/2012 | Réamhimscrúdú (céim 1) |
| M/12/027 – Uniphar / CMR | Is iad na hearnálacha tionscail atá bainteach dáileadh táirgí cógaisíochta, táirgí cógaisíochta tréidliachta, táirgí barr cuntair agus soláthairtí leighis | 12/12/2012 | Réamhimscrúdú (céim 1) |
| M/12/026 – Onex / Summit / BBAM | Feidhmíonn na páirtithe leis an idirbheart beartaithe in infheistíocht cothromais phríobháidigh agus leasú, maoiniú agus bainistíocht aerárthaí tráchtála, faoi seach | 30/11/2012 | Ceadaithe (Céim 1) |
| M/12/025 – AIB / Ark Life | D'oibrigh Ark Life roimhe seo i ndearadh agus i bhfrithghealladh earnáil na dtáirgí árachas saoil (táirgí cosanta, coigilte agus infheistíochta agus táirgí pinsin) Oibríonn AIB san earnáil bhaincéireachta tráchtála agus pearsanta | 23/11/2012 | Ceadaithe (Céim 1) |
| M/12/024 – Stobart / Aer Árann | Aeriompar | 21/11/2012 | Ceadaithe (Céim 1) |
| M/12/023 – DSM / Fortitech | Cothú daoine | 15/11/2012 | Ceadaithe (Céim 1) |
| M/12/022 – Permira / Ancestry.com | Tá an sprioc gníomhach i seirbhísí um stair theaghlaigh agus is acmhainn ar líne um stair theaghlaigh í | 15/12/2012 | Ceadaithe (Céim 1) |
| M/12/021 – Henry Schein / C&M Vetlink | Táirgí cúram sláinte ainmhithe | 01/11/2012 | Ceadaithe (Céim 1) |
| M/12/020 – EQT / Mitco / Zebra | Díol miondíola réimse earraí le tomhaltóirí i measc líon táirgí, lena n-áirítear táirgí | 12/10/2012 | Ceadaithe (Céim 1) |

| | | | |
|--|---|------------|--------------------|
| | bia agus neamhbhia | | |
| M/12/019 – IBM / Kenexa | Réitigh TF agus earcaíochta agus bhainistíochta tallainne | 20/09/2012 | Ceadaithe (Céim 1) |
| M/12/018 – Julius Baer /IWMB de chuid Merrill Lynch & Co Inc | Seirbhísí rachmais agus bainistíochta infheistíochta | 07/09/2012 | Ceadaithe (Céim 1) |
| M/12/017 – United Care / Pharmexx | Ionadaithe díolachán le cuideachtaí cógaisíochta | 22/08/2012 | Ceadaithe (Céim 1) |
| M/12/016 – Cerberus / BancTec | An tionscal TF/seirbhísí tacaíochta gnó | 20/08/2012 | Ceadaithe (Céim 1) |
| M/12/015 – State Street / Goldman Sachs | Seirbhísí airgeadais, go háirithe soláthar seirbhísí slándála baile agus domhanda d'infheisteoirí institiúide | 15/08/2012 | Ceadaithe (Céim 1) |
| M/12/014 – Manwin / RK Netmedia | Siamsaíocht do dhaoine fásta | 07/08/2012 | Ceadaithe (Céim 1) |
| M/12/013 – Dell / Quest | Bogearraí bainistíochta córais fiontair | 20/07/2012 | Ceadaithe (Céim 1) |
| M/12/012 – FrieslandCampina / IDB na Beilge | Déirí | 06/07/2012 | Ceadaithe (Céim 1) |
| M/12/011 – AXA PE / Arkadin | Tá baint ag AXA PE i mbainistíocht agus i gcomhairle a chur maidir le cistí a infheistiú i gcuideachtaí príobháideacha Is soláthraí seirbhísí comhoibríthe domhanda Arkadin Group | 02/07/2012 | Ceadaithe (Céim 1) |
| M/12/010 – Pallas / Crossgar | Tá baint ag Pallas agus Crossgar araon i ndáileadh seirbhísí bia | 22/06/2012 | Ceadaithe (Céim 1) |
| M/12/009 – DZ Bank / WGZ Bank | Seirbhísí cothromais phríobháidigh go príomha sa Ghearmáin | 21/06/2012 | Ceadaithe (Céim 1) |
| M/12/008 – SSE / Endesa Ireland | Tá na páirtithe seo ag oibriú i nginiúint agus i mórdhíol leictreachais agus i soláthar miondíola leictreachais do thomhaltóirí deiridh | 18/06/2012 | Ceadaithe (Céim 1) |
| M/12/007 – Nestlé / Pfizer | Cothúchán péidiatrach, lena n-áirítear foirmlí laethúla, speisialtacht agus páistí beaga, foirmlí athleantacha, mar aon le táirgí cothúcháin do mhaitheacha agus do dhaoine fásta | 18/05/2012 | Ceadaithe (Céim 1) |
| M/12/006 – Airtricity / Pheonix | Soláthar gás nádúrtha | 16/05/2012 | Ceadaithe (Céim 1) |
| M/12/005 – Apollo EPF / MBNA | Tá Apollo gníomhach i mbainistíocht dhomhanda mhalartach sócmhainní agus is gnólacht cártaí creidmheasa an MBNA | 27/03/2012 | Ceadaithe (Céim 1) |
| M/12/004 – Southbank Media / Travel Channel | Craoladh teilifíse | 22/03/2012 | Ceadaithe (Céim 1) |
| M/12/003 – SEP / ESB NM / Geothermal International | Córais téimh agus fuaraithe agus rialuithe próisis agus foirgníochta | 22/03/2012 | Ceadaithe (Céim 1) |
| M/12/002 – Millington / | Seirbhísí tacaíochta | 16/03/2012 | Ceadaithe |

| | | | |
|-------------------------------|---|------------|-----------------------|
| Siteserv | bonneagair agus fónais | | (Céim 1) |
| M/12/001 – OEP / Sonneborn | Is iad na spriocanna déantúsaíocht agus hidreacharbóin speisialtacht mhargaidh arna mínchóireáil ó bhunolaí | 28/02/2012 | Ceadaithe (Céim 1) |

C. STAITISTICÍ AR CHUMAISIC A MEASÚNAÍODH 2009-2012

| | 2012 | 2011 | 2010 | 2009 |
|--|-----------|-----------|-----------|-----------|
| Cumaisc ar Tugadh Fógra Fúthu | 33 | 40 | 46 | 27 |
| fógraí a cheanglaítear [alt 18(1)] | 33 | 40 | 46 | 27 |
| fógraí deonacha [alt 18(3)] | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Tugtha ar aghaidh ón mbliain roimhe | 4 | 6 | 3 | 2 |
| tugtha ar aghaidh mar chéim 1 | 4 | 5 | 3 | 2 |
| tugtha ar aghaidh mar chéim 2 | 0 | 1 | 0 | 0 |
| Atreoraithe ó Choimisiún an AE (ECMR Art 9) | 0 | 0 | 0 | 0 |
| IOMLÁN NA gCÁSANNA | 37 | 46 | 49 | 29 |
| an méid a bhain le cumaisc mheán | 3 | 5 | 8 | 2 |
| an méid a chuaigh ar aghaidh go céim 2 i mbliain an chinnidh | 0 | 1 | 1 | 1 |
| an méid a chuaigh ar aghaidh go céim 2 sa bhliain roimh an gcinneadh | 0 | 1 | 1 | 0 |
| Cásanna a Aistarraingíodh | 1 | 0 | 0 | 0 |
| Aistarraingíodh ag céim 1 | 1 | 0 | 0 | 0 |
| Aistarraingíodh ag céim 2 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Cinntí Seachadta | 30 | 42 | 43 | 26 |
| Cinntí Chéim 1 a ceadaíodh gan tograí | 30 | 40 | 41 | 25 |
| Cinntí Chéim 1 le tograí | 0 | 0 | 1 | 0 |
| Cinntí dearfacha Chéim 2 gan choinníollacha nó tograí | 0 | 2 | 1 | 0 |
| Cinntí Chéim 2 le tograí | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Cinntí Chéim 2 le coinníollacha | 0 | 0 | 0 | 1 |
| Toirmeasc Chéim 2 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Atreorú chuig Coimisiún an AE (ECMR Art 22) | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Tugtha anonn chuig an gcéad bhliain eile | 6 | 4 | 6 | 3 |
| Tugtha ar aghaidh mar chéim 1 | 6 | 4 | 5 | 3 |
| Tugtha ar aghaidh mar chéim 2 | 0 | 0 | 1 | 0 |

D. AIGHNEACHTAÍ FOIRMIÚLA AG AN ÚDARÁS IOMAÍOCHTA IN 2012

| Uimhir na hAighneachta | Aighneacht chuig | Ábhar | Achoimre |
|------------------------|---|---|--|
| S-12-001 | An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh | Monatóireacht a dhéanamh ar an margadh leictreachas miondíola | I dtimpeallacht dhírialaithe mhargaidh, ba cheart go ndíreodh monatóireacht margaidh ar shásamh tomhaltóirí i dtaobh luacha agus rogha mar bhealach chun measúnú a dhéanamh ar conas atá iomaíocht ag oibriú do thomhaltóirí. |
| S-12-002 | An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil | Fóntas Poiblí Uisce a Bhunú | Agus aird ar shaintréithe ar leith an tslabhra soláthair uisce agus na dúshláin atá roimh an earnáil uisce in Éirinn, is fóntas poiblí uisce an tsamhail is indéanta sa ghearrthéarma. |
| S-12-003 | An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil | Na Dréacht-Rialacháin um Rialú Tógála (Leasú), 2012 | Ó pheirspictíocht iomaíochta, eascraíonn buarthaí mar gheall go bhfuil obair thógála le deimhniú le teorannú chuig triúr gairmithe. |
| S-12-004 | An tÚdarás Náisiúnta Iompair | Conarthaí Bus Phoiblí | Mhínigh an aighneacht seo na tairbhí lena mbaineann tairiscint iomaíoch agus thug sí chun solais roinnt saincheistanna praiticiúla lena mbaineann tairiscint iomaíoch a chur i bhfeidhm. |
| S-12-005 | Banc Ceannais na hÉireann | Aistriú Tomhaltóirí | Ba cheart gníomhartha a ghlacadh lena chinntiú go bhfuil oiliúint mhaith ar fhoireann an bhainc sa phróiseas aistriú. Is gá do thomhaltóirí bheith muiníneach go bhfuil foireann an bhainc cabhrach agus go bhfuil siad feasach ar na céimeanna lena mbaineann chun bainc a aistriú. |

E. SEIMINEÁIR, URLABHRAÍ, CUR I LÁTHAIR AGUS PÁIPÉIR

| Teideal | Fóram | Dáta | Duine |
|---|---|--------------------|------------------------------------|
| "Intensification of competition in Primary Care under the EU/IMF Programme", an Fóram Sinsearach ar Iomaíocht i gCúram Sláinte, Baile Átha Cliath, Eanáir 2012. | Fóram Bainistíochta Sinsearaí um iomaíocht i gcúram sláinte | An 26 Eanáir | Carol Boate |
| Tuairim ón Údarás Iomaíochta – conas a dhéileálann siad le rialú agus forfheidhmiú | Dioplóma i gCleachtas Intí Dhlí-Chumann na hÉireann | An 13 Márta | Stephen Calkins |
| Clár Trócaire Samhlach an ECN | Tionscal Trádála na Síne/an AE | An 14/15 Márta | Ciarán Quigley |
| Ráiteas tosaigh leis an gComhchoiste um Cheartas, Cosaint agus Comhionannas | Comhchoiste um Cheartas, Cosaint agus Comhionannas | An 21 Márta | Isolde Goggin |
| In search of effectiveness: current trends and challenges in competition law enforcement | Urlabhra bunphrionsabail ag an 6ú Ceardlann Bhliantúil Iarchéime, Scoil Dlí UCD | An 22 Márta | Stephen Calkins |
| Cumhachtaí Imscrúdaithe an Údaráis Iomaíochta | Fóram Dhlí Iomaíochta an ISEL | An 28 Márta | Patrick Kenny |
| Dlí na hiomaíochta agus praghsáil trasteorann | Údarás Réigiúnach na Teorann | An 28 Márta | Han Nie agus David O'Connell |
| Beartas na hIomaíochta in Éirinn | Coláiste Náisiúnta na hÉireann | An 30 Márta | Carol Boate |
| Soláthar poiblí agus an tAcht Iomaíochta | Gnóthaí Poiblí in Éirinn | An 18 Aibreán | Patrick Kenny |
| The real world of Irish competition law | Rang dhlí na hiomaíochta, Scoil Dlí UCD | An 19 Aibreán | Stephen Calkins |
| The economics of exclusive dealing | Seimineár Ionad Iomaíochta Réigiúnaí an OECD | An 10 Bealtaine | David O'Connell |
| Cás Pay TV | Seimineár Ionad Iomaíochta Réigiúnaí an OECD | An 10 Bealtaine | David O'Connell |
| Obair Rannán na gCairtéal | Scoil Ghnó Quinn | An 14 Meitheamh | Dan Kenna agus Catherine Kilcullen |
| An tAcht Iomaíochta (Leasú), 2012 | Fóram Dhlí Iomaíochta an ISEL | An 4 Meitheamh | Noreen Mackey |
| Ráiteas tosaigh leis an gComhchoiste um Poist, Fiontar agus Nuálaíocht | An Comhchoiste um Poist, Fiontar agus Nuálaíocht | An 24 Meitheamh | Isolde Goggin |
| Mo ról féin agus ról an Údaráis Iomaíochta | An Seimineár 'Mná sa Ghnó', Taispeántas 'Girls Day Out' | An 24 Lúnasa | Isolde Goggin |
| Príomhfhreagróir ar Rialú Geilleagrach agus Téarnamh Geilleagrach Paul Gorecki | Dara Ceardlann Líonra na Rialtóirí Geilleagracha ar Bhainistíocht Athraithe | An 5 Meán Fómhair | Stephen Calkins |
| Leasuithe cúram sláinte na hÉireann – an méid is mó a bhaint as iomaíocht | Coláiste na hOllscoile, Corcaigh | An 11 Meán Fómhair | Deirdre McHugh |
| Making cartel crime not pay | Comhdháil Bhliantúil an Phreasa Iomaíochta | An 27 Meán Fómhair | Patrick Kenny |

| | | | |
|--|---|------------------------|-----------------------------------|
| | | | |
| Penalising individuals and criminalisation | Dara Fóram Idirnáisiúnta Dhlí na hIomaíochta | An 27 Meán Fómhair | David McFadden |
| Business crime – settlement v leniency | Comhdháil Bhliantúil Chumann Barra Idirnáisiúnta | An 2 Deireadh Fómhair | David McFadden |
| Where else would you rather be than right here, right now? | Óráid Bhunphrionsabail Lóin ag Cruinniú Bliantúil Chumann Barra Choiste in Aghaidh an Trustaí | An 3 Deireadh Fómhair | Stephen Calkins |
| Sainiú margaidh agus uirlisí eile anailíseach in athbhreithniú cumaisc | Comhdháil Bhliantúil Chumann Barra Idirnáisiúnta | An 3 Deireadh Fómhair | Ibrahim Bah |
| Your business and competition law | Cruinniú Mullaigh maidir le Gnólachtaí Nuathionscanta an Sunday Business Post | An 3 Deireadh Fómhair | David McFadden |
| Your business and competition law | Cruinniú Faisnéise Gnó an ISME | An 16 Deireadh Fómhair | Isolde Goggin |
| An comhrá domhanda faoi athbhreithniú cumaisc agus ceannaitheoirí cumhachtacha | 3ú Léacht Bhliantúil Baxter | An 23 Deireadh Fómhair | Stephen Calkins |
| Machnamh ar chumasc domhanda agus ceannaitheoirí cumhachtacha | Tuairimí curtha in iúl do Choimisiún Iomaíochta agus Tomhaltóirí na hAstráile | An 24 Deireadh Fómhair | Stephen Calkins |
| Athbhreithniú cumaisc: tuairimí ón dá thaobh | Gilbert & Tobin | An 24 Deireadh Fómhair | Stephen Calkins |
| Universal Healthcare: getting the best from competition | An Chomhdháil Náisiúnta Chúraim Phríomhúil | An 14 Samhain | Isolde Goggin |
| Soláthar poiblí agus an tAcht Iomaíochta | Cruinn Údarás Áitiúil | An 14 Samhain | Patrick Kenny |
| One lawyer, many clients: legal representation of parties with conflicting interests | Páipéar arna fhoilsiú in Irisleabhar na Comhairle Idirnáisiúnta Intí | Eagrán an fhómhair | Noreen Mackey |
| Soláthar poiblí agus an tAcht Iomaíochta | An Ghníomhaireacht um Fháil Iarnróid | An 30 Samhain | Patrick Kenny |
| Soláthar poiblí agus an tAcht Iomaíochta | Bord Gáis | An 18 Nollaig | Patrick Kenny agus Dave O'Connell |

